www.gaelsceal.ie

ISSN 2009-3055
€1.65 (£1.50)
Uimh. 6

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

08.02.2012

Sé mhí d'éiginnteacht

B'fhéidir sé mhí d'fhanacht i ndán don 19 eagraíocht bhunmhaoinithe sula bhfaighidh siad cinneadh ón Fhoras; Comhairleoir le ceapadh

Colm Ó Broin

D'FHÉADFADH an 19 eagraíocht a fhaigheann bunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge a bheith ag fanacht go mí Dheireadh Fómhair nó níos déanaí le cinneadh a fháil faoin tSamhail Nua Mhaoinithe.

Tá Foras na Gaeilge ag lorg comhairleora chun anailís a dhéanamh ar aighneachtaí maidir leis an tsamhail.

Earcófar duine ar feadh sé mhí agus tá buiséad €30,000 ar fáil don cheapachán.

Tá an Foras i lár tréimhse chomhairliúcháin eile ar an struchtúr maoinithe a moladh den chéad uair i mí Bealtaine 2010.

Déanfaidh an duine a cheapfar anailís ar aighneachtaí ón gcomhairliúchán poiblí, a chríochnóidh i mí Aibreáin, mar aon le haiseolas ó chruinnithe poiblí agus ó fhócasghrúpaí a eagróidh an Foras an mhí seo chugainn.

Dúirt urlabhraí ón bhForas go bhfuil tréimhse sé mhí curtha leis an obair atá le déanamh ag an gcomhairleoir ach go bhfuil seans ann nach dtógfaidh sé an méid sin ama.

Cuirfear torthaí an phróisis chomhairliúcháin chuig an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) ansin.

Faoin bplean reatha tiocfaidh deireadh le bunmhaoiniú 19 eagraíocht Ghaeilge timpeall na tíre.

Beidh deis acu cur isteach ar ocht scéim chun an Ghaeilge a chur chun cinn faoin tsamhail nua. Tá cáineadh láidir déanta ag na heagraíochtaí ar an bplean.

Thug an Foras cuireadh don phobal aighneachtaí a chur chucu maidir leis an tsamhail nua in 2010 agus bhí tréimhse chomhairliúcháin phoiblí ann anuraidh.

Iarradh ar an bhForas tréimhse chomhairliúcháin eile a réachtáil ag cruinniú de chuid CATT mí na Samhna seo caite.

"Tá an próiseas seo ag tógáil i bhfad an iomaraca ama," arsa Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn.

"Má tá an Foras ag rá go bhféadfadh sé mhí a bheith ag teastáil chun an anailís a dhéanamh, agus ansin go gcuirfí chuig CATT é, ní mór dóibh cinnteacht a thabhairt do na heagraíochtaí go mbeidh maoiniú ar fáil dóibh go dtí deireadh na bliana."

Dúirt de Spáinn go bhfuil folús cruthaithe ag an éiginnteacht faoi chúrsaí maoinithe agus nach raibh na heagraíochtaí in ann pleanáil a dhéanamh don am atá le teacht.

"Bheadh muid ag súil go gcuirfí an tSamhail Nua Mhaoinithe ar leataobh agus go nglacfaí leis na moltaí atá déanta ag na heagraíochtaí chun costais a laghdú san earnáil," ar seisean.

Clár Luathléitheoireachta Seolta

Páistí ó Ghaelscoil na bhFál, Béal Feirste, ag baint sult as an Chlár Luathléitheoireachta a seolfar Déardaoin 9 Feabhra agus a chuideoidh le litearthacht na Gaeilge in Éirinn. Ba é An tÁisaonad i gColáiste Mhuire, Béal Feirste, i gcomhar le COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i mBaile Átha Cliath, a chuir an raon spreagúil de 60 leabhar le chéile. Beidh siad mar intreoir do léitheoirí nua óga le taithí a chur ar na scileanna léitheoireachta. Ag dul leo tá réimse leathan d'ábhair thacaíochta a rinneadh i gcomhar le CCEA i mBéal Feirste.

Buile eile don Ghaeltacht

Deireadh le deontais do mhúinteoirí faoi oiliúint

Katie McGreal

Tá deireadh curtha ag an rialtas le deontais do choláistí samhraidh sna Gaeltachtaí a thógann múinteoirí faoi oiliúint.

Tá Éamonn Mac Niallais ó Ghuth na Gaeltachta buartha faoin éifeacht a bheadh aige seo ar na Gaeltachtaí ó thaobh mná tí, siopaí áitiúla, múinteoirí agus fostaithe eile sa choláiste má leanann an cinneadh seo ar aghaidh. Tiocfaidh an gearradh siar seo i bhfeidhm do na múinteoirí faoi oiliúint a thosóidh sna coláistí oiliúna i Meán Fómhair 2012.

Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar na mic léinn féin costais uilig na gcúrsaí Gaeltachta a íoc. Go dtí seo, bhí orthu thart ar €200 le haghaidh trí seachtaine a íoc ach gan na deontais beidh orthu suas le €1000 a íoc.

De réir na riachtanas ón Roinn, caithfidh múinteoirí faoi oiliúint tréimhse áirithe (trí seachtaine do mhic léinn bhunscoile agus trí mhí do mhic léinn mheánscoile) a chaitheamh sa Ghaeltacht le linn an chúrsa múinteoireachta.

Ar lean ar leathanach 2

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Doiléireacht faoi ghealltanas 'dubh agus bán'

Antón Mac Cába

TÁ ceist na reachtaíochta Gaeilge ó thuaidh ag éirí níos doiléire, ó foilsíodh cuimhní cinn Peter Hain, an t-iarStát-Rúnaí. Rinneadh gealltanas soiléir i gComhaontú Chill Rìmhinn, mí Dheireadh Fómhair 2006: "*The Government* (Rialtas na Breataine) *will introduce an Irish Language Act reflecting on the experience of Wales and Ireland and work with the incoming Executive to enhance and protect the development of the Irish language.*"

Bhí Hain ina Stát-Rúnaí ag an am, agus is mar seo a chuir sé síos air: "*Constitutionally and politically it was nonsense. But (Gerry) Adams was insistent, so we put some words in anyway.*"

Níl sé soiléir ar *'rubbish'* a bhí ann dar le rialtas na Breataine ag an am. Bhí Maria Eagle ina hAire Cultúir, Fóillíochta agus Ealaíon faoin riail dhíreach. Mí na Nollag 2006 - dhá mhí i ndiaidh Chomhaontú Chill Rìmhinn - dúirt sí i Westminster go raibh próiseas comhairliúcháin ar siúl. Nuair a bheadh sin thart "*Our aim is to ensure that legislation can be taken forward quickly thereafter in line with the St. Andrew's Agreement.*"

Cé nár bhain sí úsáid as na focail go díreach, is léir gur Acht Gaeilge a bhí i gceist.

Ba luath ná gur éirigh cúrsaí níos doiléire. Ba léir go raibh déabhlóid ag teacht, Sinn Féin agus an SDLP ag bogadh i dtreo comhréitigh.

Mí an Mhárta 2007 dúirt Eagle ag Esterminster go mbeadh síneadh leis an phróiseas comhairliúcháin: *"In the event that the Northern Ireland Assembly is fully functioning from the 26 March 2007 it will be a matter for the Assembly to take forward any legislation.*"

Ba i dtrátha an ama seo a bhí Hain ag bagairt Acht Gaeilge ar Aontachtaithe, muna dtagadh siad ar réiteach le Sinn Féin.

Ar ndóigh is ag an Tionól atá an cúram. Tharla athrú rialtais i Westminster dhá bhliain ó shoin: is lú, fiú, bá na gCoimeádach leis an Ghaeilge ná an Lucht Oibre.

Mí an Mhárta anuraidh, thug Hugo Swire, Aire Stáit in Oifig Thuaisceart Éireann, ag leanúint leis seo, freagra ar cheist ón bhfeisire Margaret Ritchie: "Ón déabhlóid amach, tá ceisteanna teangan "*mainly the responsibility of the devolved Administration.*" Dar leis go raibh rialtas na Breataine tiomanta do bheith ag obair leis an bhFeidhmeannas ar cheisteanna teangan "where appropriate."

Bhí an Aireacht Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ag an DUP ó 2007 go dtí anuraidh. Ba léir nach gcuirfeadh siad Acht Gaeilge i bhfeidhm. Thóg Sinn Féin an Aireacht anuraidh. Mí na Samhna, dúirt an tAire Carál Ní Chuilín go raibh sí chun Acht Gaeilge a chur os comhair an Tionóil: "*Presently officials in my department are working to determine the scope of the draft bill and this includes likely implementation costs.*"

Níl sé soiléir uaidh seo an ndearna Sinn Féin Acht Gaeilge dá gcuid féin a dhréachtú. D'iarr Gaelscéal ar Shinn Féin an ndearna: ní bhfuaireamar freagra agus muid ag dul i gcló.

Tá an Comhalta den Tionól Reachtach Doiminic Ó Brolcháin ón SDLP ag obair ar Acht Teangan chomh maith. Ní fios an rachaidh sin isteach le reachtaíocht an Aire.

Beidh fadhb le hAcht Gaeilge a chur tríd an Tionól. De réir Chomhaontú Aoine an Chéasta, tá dhá bhealach ann le reachtaíocht chonspóideach a chur tríd.

Is é sin, 'parallel consent' - tromlach na gcomhaltaí atá i láthair sa Tionól, ina measc tromlach na náisiúnaithe agus na n-aontachtaithe, nó 'weighted majority'.

Is 60% den Tionól a bheadh ansin, agus, air sin, ar a laghad 40% orthu siúd atá ainmnithe mar Aontachtaithe nó Náisiúnaithe. Ag an bhomaite, níl iomrá ar 40% d'Aontachtaithe bheith sásta vótáil ar son Achta Gaeilge.

Cháin idir na Náisiúin Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa údaráis an Tuaiscirt as gan reachtaíocht Ghaeilge a thabhairt isteach.

Dúirt Janet Muller ó Pobal gur gealladh an reachtaíocht i gComhaontú Chill Rìmhinn "i ndubh agus bán." Dar léi gur cheart a aithint go raibh Sinn Féin gníomhach ar an cheist, agus gur Gerry Adams a d'ardaigh é ag na cainteanna ag Cill Rìmhinn. Tá freagracht ar rialtaisí Westminster agus na hÉireann: "Muna bhfuil an Tionól ábalta reachtaíocht a chur i bhfeidhm, caithfidh rialtas na Breataine é a dhéanamh."

Beidh le feiceáil an mbeidh rialtas na Breataine sásta sin a dhéanamh.

Buile eile don Ghaeltacht

Ar lean o leathanach a haon

D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta cáipéis nua i mí Iúil 2011 ina dtugar na critéir agus treoirlínte do na hinstitiúidí a chuireann na cúrsaí seo ar fáil.

Éamonn Mac Niallais

"Tá grúpa d'ionadaithe ó Choláistí Oideachais agus ón Roinn ag plé na ceiste seo faoi láthair," a deir Carmel Kearns ón gComhairle Mhúinteoireachta. "Táim cinnte go mbeidh áit lárnach ag na ciorruithe seo sa phlé."

"Ní bheidh an t-airgead seo (suas le €1000) ag na mic léinn," a deir Eamonn Bolton, Uachtarán Aontas na Mac Léinn, Coláiste Phádraig i nDroim Conrach i mBaile Átha Cliath.

Bhí cruinniú ag Bolton le Cumann Múinteoirí Éireann (CMÉ/INTO) ar an Luan an tseachtain seo le ciorruithe oideachais go ginearálta a phlé ach bhí áit lárnach ag na deontais Ghaeltachta sa phlé seo.

"Dúirt an CMÉ/INTO go gcaithfidh na mic léinn níos mó a dhéanamh," a deir Bolton.

Eagróidh sé seisiún eolais i gColáiste Phádraig ar an Máirt seo chugainn, 14 Feabhra, chun na mic léinn a chur ar an eolas faoi na ciorruithe uilig.

Tá sé ag súil le feachtas i gcoinne na gciorruithe a eagrú leis an gcruinniú seo. Mar chuid den fheachtas, labhrófar le neart Teachtaí Dála agus seolfar litreacha chucu chun a dtuairimí a léiriú agus eagrófar achainí i gcoinne na gciorruithe freisin.

Deir an Dochtúir Máirín Nic Eoin ó Choláiste Phádraig go mbeadh impleachtaí ag na ciorruithe seo ar thodhchaí mhúineadh na Gaeilge.

"Fanfaidh daoine amach as an múinteoireacht toisc go mbeadh costas sa bhreis ag baint leis," a deir sí. "Níl an Roinn ag smaoineamh faoin todhchaí agus faoi chaighdeán mhúineadh na Gaeilge."

Síleann Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, go mbeidh an rialtas ag tógáil "dhá chéim ar gcúl" má leanann siad ar aghaidh leis an gcinneadh seo.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Áine Ní Chuaig
Iriseoir
aine.nichuaig@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Scoláirí Scoil Mhuire, Carna, Co. na Gaillimhe, ag taispeáint an Cainéal iTunes U COGG ar an ríomhaire in Áras Shorcha Ní Ghuairim, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna, Dé Céadaoin seo caite. Ó chlé tá: Macdara Ó Coileáin, Rebecca Ní Mhadaoin, Aoife Ní Ghuairim, Dónal Ó Maolchiaráin, Elaine Ní Chuaig, Síleagh Ní Ghríofa agus Eoin Mac Giolla Phádraic. Pic: SEÁN Ó MAINNIN

Ciorrú 'sealadach' ar Aonad Gaeilge RTÉ

Colm Ó Broin

TÁ RTÉ ag súil go n-ardóidh maoiniú aonad Gaeilge an chraoltóra an athuair an bhliain seo chugainn.

Tá ciorrú suntasach déanta ar mhaoiniú an aonaid i mbliana, le laghdú 30% ar líon na gcláracha Gaeilge a chraolfar i gcomparáid le 2011.De réir Leas-Stiúrthóir Cláracha Teilifíse RTÉ, Máiréad Ní Nuadhain, tá an ciorrú á dhéanamh ar chláracha Gaeilge de bharr an chraolta a dhéanfar ar Euro 2012 agus ar na Cluichí Oilimpeacha i Londain. Táthar ag súil mar sin go n-ardóidh maoiniú an aonaid Ghaeilge an athuair in 2013."Cuireann sé díomá orm go bhfuil na ciorruithe seo á gcur i bhfeidhm ach tá súil agam go n-ardóidh an maoiniú don aonad an bhliain seo chugainn nuair nach mbeidh ar RTÉ costas Euro 2012 agus na gCluichí Oilimpeacha a chlúdach, " a dúirt Máiréad Ní Nuadhain.

Tá ciorruithe déanta ar rannóga éagsúla in RTÉ le blianta beaga anuas, mar shampla cuireadh deireadh leis an tsraith Capitol D agus tá ciorruithe déanta ar an tsraith Off The Rails. Ní bheidh aonad na Gaeilge ag feidhmiú don dara leath den bhliain agus tá imní i measc roinnt daoine i nDomhnach Broc go gcuirfí tús leis arís.

Súil ghéar ar vótáil Leas-Uachtaránachta ag Ard-Fheis FF

Máirtín Ó Catháin

COINNEOFAR súil ghéar ar roghnú Leas-Uachtarán Fhianna Fáil ag Ard-Fheis an Pháirtí i dtús na míosa seo chugainn.

Cúigear Leas-Uachtarán a bhíonn ar an bpáirtí agus caithfidh beirt bhall den pháirtí parlaiminte a bheith ina measc siúd. An iarraidh seo tá triúr ball den pháirtí parlaiminte san iomaíocht: Éamon Ó Cuív, T.D. as Gaillimh Thiar, Timmy Dooley, T.D. as an gClár agus an Seanadóir Máire de Faoite as Baile Átha Cliath.

Cé nach bhfuil aon tagairt déanta aige féin dó sin tá caint ann go bhfuil 'eite' de chuid Éamoinn Uí Chuív i bhFianna Fáil; daoine iad seo a bheadh ag iarraidh go mbeadh Ó Cuív ina cheannaire. Ceaptar gur ar rang níos ísle ná an páirtí parlaiminte is tréine atá an 'eite' seo. D'fhéadfadh an vótáil i dtoghchán na Leas-Uachtaránachta léargas maith a thabhairt air seo.

Glactar leis go forleathan go bhfuil an Teachta Dála Timmy Dooley as an gClár ar dhuine de lucht tacaíochta láidir an cheannaire Micheál Ó Máirtín. Bheadh Ó Máirtín ag súil go bhfaigheadh Dooley vóta láidir dá bharr.

Má bhíonn Ó Cuív go maith chun cinn sa vótáil neartófar a chuid stádais sa bpáirtí. Ceaptar go mbeidh idir 3,000 agus 4,000 toscaire ag an Ard-Fheis san RDS. Beidh na mílte vótaí ann agus eagraítear an toghchán ar ionadaíocht chionmhar nó PR.

Tá an Teachta Ó Cuív anghníomach ar fud na tíre agus é ina cheann feadhna ar fheachtas na ndabhachanna séarachais. Tá go leor obair eagrúcháin déanta aige ar an bpáirtí freisin i roinnt contaetha. Chuile sheans go seasfaidh an obair seo dó agus na toscairí tuaithe ag caitheamh vótaí ag an Ard-Fheis.

Beidh neart deiseanna vótála ag na toscairí mar go bhfuil beirt agus dhá fhichead - an líon is airde le fada an lá - san iomaíocht do shuíocháin ar 'Choiste 20' an pháirtí. Tá siad siúd ar cheann de na grúpaí is sinsearaí i bhFianna Fáil taobh amuigh den pháirtí parlaiminte.

Creideann feidhmeannaigh sa bpáirtí go dtugann an líon daoine atá ag fiach ar an gCoiste seo léargas ar bhorradh a bheith fúthu aríst. Tá uchtach faighte acu ón toradh a bhí ar an gcrannchur is deireannaí dá gcuid nuair a bailíodh €550,000. Tá an tsuim sin i bhfad níos airde ná an t-airgead a tháinig isteach ar na crannchuir le roinnt blianta.

Inné, d'fhógair an Taoiseach, Enda Kenny TD, gurbh é an reathaí Eamonn Coghlan an ball is nua de pháirtí Fhine Gael. D'ainmnigh an Taoiseach an tUasal Coghlan don Seanad agus tá ag feidhmiú mar Sheanadóir Neamhspleách ón bhliain seo caite. Chuir an t-iar churadh domhanda as Baile Átha Cliath, a ghlac páirt ins na cluichí oilimpeacha trí huaire, i n-iúl nach bhfuil aon chinneadh déanta go fóill maidir le rith sa gcéad olltoghchán eile. PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

MA san Aistriúchán agus Pleanáil Teanga le nascadh

Colm Ó Broin

TÁ sé beartaithe ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge máistreachtaí san aistriúchán agus sa phleanáil teanga a chomhnascadh. Cuirfear an cúrsa nua, MA/Dioplóma Iarchéime sa Léann Teanga, ar fáil ó Mheán Fómhair seo chugainn in Áras na Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe.

Beidh rogha ag mic léinn díriú isteach ar thrí réimse ar leith sa chúrsa; aistriúchán, pleanáil teanga agus ardscileanna teanga.

"Tá an brú céanna orainn ó thaobh cúrsaí airgid de is atá ar gach duine eile ach is aidhmeanna acadúla atá leis an gcomhnascadh seo," arsa Conchúr Ó Giollagáin, stiúrthóir an chúrsa.

Rinne céimí pleanála teanga, Tiarnán de Hál, gearán le déanaí faoin laghad deiseanna fostaíochta atá ann do dhaoine le cáilíocht san ábhar agus chuir Teachta Dála de chuid Shinn Féin, Peadar Tóibín, ceist ar an Aire Stáit Gaeltachta Dinny McGinley an tseachtain seo caite an raibh aon duine le cáilíocht i bpleanáil teanga fostaithe le Foras na Gaeilge. Dúirt an tAire McGinley go raibh réimse leathan de cháilíochtaí ag oibrithe an Fhorais. De bharr an bhaic ar earcaíocht sa státchóras faoi láthair tá teorainn leis na deiseanna atá ann do dhaoine le cáilíocht i bpleanáil teanga.

Ainmniúcháin Ghaeilge go láidir ag IFTA 2012

Áine Ní Chuaig

TÁ cúig ainmniúchán faighte ag comhlacht teilifíse atá lonnaithe i gConamara do Ghradaim Bhliantiúla IFTA (Gradaim Scannáin agus Teilifíse na hÉireann).

Cruinneoidh réaltaí móra an scáileáin san ardchathair ar an Satharn beag seo nuair a reáchtálfar ócáid na nGradam Bliantiúil IFTA in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath (CCD). Rinne Magamedia taifead ar an tsraith '*Corp + Anam*' i nGaillimh agus craoladh é ar TG4 anuraidh. Tá ainmniúchán faighte ag an chlár sa rannóg Dráma Teilifíse is Fearr agus don Chlár Gaeilge is Fearr. Tá stiúrthóir an chláir, Darach Mac Con Iomaire, sa rás don scríbhneoir is fearr freisin.

Tá ainmniúchán bainte amach chomh maith ag príomhaisteoirí na sraithe, Diarmuid de Faoite agus Maria Doyle-Kennedy. Tá aithne fhorleathan ar de Faoite de bharr a chuid aisteoireachta ar an stáitse agus an scáileán le blianta fada anuas ach seo an chéad uair riamh do Doyle-Kennedy ról Gaeilge a ghlacadh. Bhain sí cáil amach roimhe seo le The Commitments agus The Tudors.

Tá Paddy Hayes, léiritheoir na sraithe, thar a bheith sásta leis na hainmniúcháin seo go léir agus deir sé go bhfuil sé iontach cláir Ghaeilge a fheiceáil thuas ansin ar an leibhéal céanna leis na cláir agus scannáin is fearr, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. "Tá muid ag fáil na creidiúna atá tuillte againn faoi dheireadh," a deir Hayes. Tá an tsraith á craoladh ar BBC Alba i láthair na huaire.

Chomh maith le '*Corp + Anam*' sa rannóg speisialta do chláir Ghaeilge, tá '*Ray McAnally - M'Athair*' (Dearg Films), '*Seacht*' (Stirling Film & Television) agus 'Mobs Cheanada' (Abú Media). Tá ainmniúchán faighte ag 'Mobs Cheanada' don tSraith Faisnéise is Fearr freisin.

Seo an 9ú bliain as a chéile do cheiliúradh Gradam IFTA. Is painéal de bhaill IFTA agus saineolaithe in earnáil na teilifíse ó thimpeall na cruinne a roghnaíonn an gearrliosta do na gradaim.

Is é an t-aisteoir Simon Delaney a dhéanfaidh fear an tí ag ócáid na bliana seo arís agus craolfar an clár beo ar RTÉ 1 ag 9.30in Dé Sathairn seo, 11 Feabhra.

Folúntas

CUIREADH CHUN TAIRISCEANA

COMHAIRLEOIREACHT maidir le **BAINISTIÚ TIONSCADAIL**

PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN POIBLÍ

Is mian le Foras na Gaeilge iarratais a lorg ar Chomhairleoireacht maidir le Bainistiú Tionscadail a dhéanamh ar ghnéithe den Phróiseas Comhairliúcháin Poiblí atá á reáchtáil faoin tSamhail Nua Mhaoinithe ar earnáil bhunmhaoinithe na Gaeilge.

Príomhshonraíocht na Comhairleoireachta

Tréimhse: 6 mhí;

Uasbhuiséad: €30,000;

Príomhchúraimí:
Anailís a dhéanamh ar aighneachtaí ón bPróiseas Comhairliúcháin Poiblí agus ar aiseolas ó chruinnithe poiblí agus ó fhócasghrúpaí.

Le sonraíocht uile a fháil, féach **etenders.ie** nó seol ríomhphost chuig: eolas@forasnagaeilge.ie

Spriocdháta le haghaidh iarratas:
20 Feabhra 2012.

Foras na Gaeilge

eolas@forasnagaeilge.ie

SCÉAL BÁIS

Ómós do Mhicheál Ó hEidhin

CUIREADH Micheál Ó hEidhin, duine de phearsana móra an cheoil Ghaelaigh, i gcré na cille an tseachtain seo caite in aois 73 bliain. Bhí cath tréan troidte aige in aghaidh drochshláinte le blianta, ach níor lagaigh a mhisneach riamh agus chuir sé a chroí agus a fhuinneamh i chuile shaothar dar thug sé faoi chuile lá riamh.

Is ins na Doireadha i gConamara a rugadh Micheál in 1938, áit a raibh a athair ag múineadh scoile ag an am. Rinne sé staidéar ar an gceol in Ollscoil Chorcaí, san áit a raibh Aloys Fleischmann mar mhúinteoir aige, agus ar fhorbairt ceoil chórúil faoi stiúir Philib Uí Laoghaire.

Ba mhór a spéis sa réimse seo den cheol agus bhí an-rath ar feadh blianta ar chóir fhéile na scoileanna a bhunaigh sé agus a reáchtáiltí go bliantúil sa Spidéal. Bhí sé ag obair mar chigire ceoil ins na bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal go dtí go ndeachaigh sé amach ar pinsean cúpla bliain ó shoin ach bhí sé fós i mbun dualgais le Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus Féile Ceoil Lorient go dtí an t-am gur bhásaigh sé.

Labhraíonn múinteoirí go minic ar a thuisceanaí a bhíodh sé ar a chuairt ar scoil agus an gliondar a bhíodh air dá mbeadh na gasúir ag casadh an tsean-nóis. D'fhoilsigh sé dhá leabhar a mbaineann múinteoirí an-leas astu, *'Cas Amhrán'* agus *'Déan Rince'*. Bhí Micheál anlárnach i mbunú an Ghaelacadaimh agus is cuid eile den oidhreacht atá fágtha aige an rath atá anois ar na ranganna agus na hócáidí eile a chuireann an eagraíocht sin ar siúl.

Rinne Micheál Ó hEidhin saothar éachtach ar son Chomhaltas Ceoltóirí Éireann mar chomhairleoir agus mar mholtóir. Chuir sé tús le bunú an dioplóma teagaisc ar son na heagraíochta sin in 1980.

Mar mholtóir, agus go háirid mar mholtóir ar dhaoine óga, níorbh fhéidir a shárú a fháil. Ina dhúthracht, a shaineolas agus, thar rud ar bith eile, a thuiscint ar a thábhachtaí a bhí sé an duine óg a



spreagadh le déanamh níos fearr.

Rinne sé moltóireacht ar chomórtais Oireachtais agus Slógadh ó 1969, agus ag féilte agus feiseanna ar fud na tíre. Bhí sé mar stiúrthóir ceoil ar an chlár *'Bring down the Lamp'* agus cláir eile do RTÉ. Ins na seachtóidí, go luath tar éis bhunú an stáisiúin, bhí sraith clár ag Micheál ar Raidió na Gaeltachta, *'Sí do Mhamó í'*. Mar chuid den tsraith sin, thaistil sé go Sasana le ceol a thaifeadadh ó cheoltóirí agus fonnadóirí a bheadh ligthe i ndearmad b'fhéidir, murach gur thriall sé orthu ag an am.

Bhí lámh mhór aige i mbunú siollabais ghrádaithe sa cheol Gaelach do Chomhaltas Ceoltóirí Éireann agus Acadamh Ríoga an Cheoil sa bhliain 1998. Ceoltóir oilte ab ea Micheál Ó hEidhin, a raibh máistreacht aige ar lear mór uirlisí ceoil. Ba leis an gconsairtín is mó a luaití é sna blianta deireanacha, cé gurbh é an cairdín pianó a chasadh sé i mblianta a óige.

D'éirigh thar cionn leis an ngrúpa ceathrair a bhunaigh sé ins na seachtóidí *'The Connemara Quartet'* ina raibh sé féin, Tomás Ó Ceannabháin, Dónal Standún agus Jimmy Mullins. Labhraíonn Tomás Ó Ceannabháin go ceanúil i gcónaí ar na hócáidí a bhí acu le chéile agus ar an meas a bhí acu ar chumas agus ar fhuinneamh Mhichíl, cé gur minic gur chuir sé an croí trasna iontu lena chuid tiomána agus a chos go clár aige i gcónaí.

Ag Fleadh Cheoil na hÉireann sa Chabhán anuraidh a seoladh a chéad dlúthdhiosca, *'Ceol Sidhe'*, agus is beag a shíl go raibh a sheal beagnach tugtha ag an am. Tá ardmholadh faighte go forleathan ag an dlúthdhiosca agus ba é féin a chum cheithre cinn de na foinn. A bhuanchara Charlie Lennon a chum an chuid eile agus ní miste a lua gurbh iad Charlie agus a bhean chéile Síle a bhfuil cuid mhaith den bhuíochas ag gabháil dóibh gur mealladh Micheál isteach sa stiúideo.

Tá follús mhór fágtha ag bás Mhichíl Uí Eidhin i saol an cheoil Ghaelaigh. Ach beidh tionchar a shaothair le sonrú go láidir ar feadh blianta fada ag glúnta atá le teacht. An dream a raibh aithne phearsanta acu air, níl sé éasca acu glacadh leis nach mbeidh sé i measc an chomhluadair cheoil feasta. Ach beidh a ainm le cloisteáil á lua go ceann i bhfad ar na hócáidí a dtagann an t-aos ceoil le chéile in Éirinn agus i gcríocha thar lear.

M. Ó Cuaig

Deireadh le cás cúirte cait tar éis go bhfuair madadh bás

Anton Mac Cába

B'ÉIGEAN deireadh a chur le cás cúirte faoi úinéireacht chait in Eileanan Siar na hAlban mar go bhfuair an príomh-fhinné, Hamish an madadh, bás. Bhí Hamish le léiriú do chúirt i Steòrnabhaigh an dóigh gur chrothnaigh sé uaidh a chara, Oscar an cat, agus an cion a bhí acu ar a chéile.

Bhí Oscar ina chónaí le Hamish agus a n-úinéir, Della MacDonald, le sé mhí ach tharla fadhb nuair a dúirt bean eile, Nicola Dempster, gur Smudge a bhí air, agus gur léi é.

Dúirt Mac Donald gur tháinig Oscar chuig dóras cúil s'aici, agus droch-dhóigh air. Thug sí isteach é, gur bhaist Oscar air agus go luath ba dhlúth-chairde iad eisean agus Hamish.

Dúirt Dempster go ndeachaigh Smudge ar strae sé mhí i ndiaidh dí é a cheannach. I gcionn sé mhí arís, tháinig Dempster air ag timpeallán. Fuair MacDonald amach faoi seo, d'éirigh eatarthu, agus glaodh ar na péas.

Tugadh an cás ós comhair cúirte ach faraor fuair Hamish bás roimh an éisteacht agus é in aois a 14 bliain. Dúirt MacDonald nach raibh sé lá tinn go dtí gur imigh a chara beag.

D'éirigh MacDonald as an chás. Rialaigh an chúirt gur Smudge atá ar an chat, agus gur le Dempster é.

Ag glacadh le Duais Bonn Óir Raidió na Gaeltachta tá Angela Seoighe as an Sraith Salach, Co. na Gaillimhe. Freisin tá Edel Ní Chuireáin, Ceannaire, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Dan Dwyer, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh. Duais bhliantúil í seo á bronnadh ag RTÉ Raidió na Gaeltachta, mar gheall ar an dlúthcheangal idir an cúrsa Ard-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach agus leas an Raidió. Bronnfar í gach bliain ar an mac léinn is fearr a chruthaíonn i scrúduithe an Ard-Dioplóma.

Conspóid Bhusanna Choláiste Feirste á réiteach?

Anton Mac Cába

DEALRAÍONN sé go mbeidh réiteach ar fhadbhanna taistil Choláiste Feirste, is é sin nach gcuirtear busanna ar fáil don scoil ag an bhomaite. Bhí sin i bhfreagra a thug Aire Oideachais an Tuaiscirt, John O'Dowd, sa Tionól.

Mí Dheireadh Fómhair anuraidh, rialaigh an Ard-Chúirt go gcuirfí busanna ar fáil, ar an bhonn céanna agus a cuirtear do scoileanna eile. Dar le O'Dowd gur breithiúnas "suntasach agus tábhachtach" é, "gur gá a mheas go cúramach agus go mion." Dúirt sé go raibh státseirbhísigh sa Roinn Oideachais "anois ag déanamh athscrúdú ar na socruithe taistil do pháistí atá ag taisteal go Coláiste Feirste, agus tabharfaidh siad moltaí chugamsa go luath, le go ndéanfainn iad a mheas."

Ba Cadogan Enright as Dún Pádraig, Comhairleoir ón gComhaontas Glas, a chéad-chuir cúirt ar an Roinn as gan busanna a chur ar fáil go Coláiste Feirste. Chuir ar dhúirt an tAire áthas air. Mar sin féin, tá sé riachtanach ag an Aire "diúltú do chomhairle na státseirbhíseach sinsearach atá glan in éadan córas taistil a chur ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta."

Soiléiriú

IN alt dar teideal 'Chaith nó d'infheistigh an Fhoras €1m glan ar chostaisí chomhairleoireachta' a foilsíodh in Gaelscéal an tseachtain seo caite dúradh gur chaith Foras na Gaeilge €1 mhilliún ar chomhairleoireacht.

Déanta na fírinne áfach, sin an méid a chaith an Foras Teanga san iomlán, Tha Boord a' Ulster Scotch san áireamh, ní Foras na Gaeilge amháin.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Lá Gaeilge sa Dáil

Brendan Griffin, Fine Gael

TÁ glactha ag aoirí na bpáirtithe polaitiúla le moladh go mbeidh Lá Gaeilge sa Dáil Dé Céadaoin 7ú Márta. Bhí sé de nós am a chur ar leataobh le haghaidh ráiteas faoin teanga ar lá ar leith le linn Sheachtain na Gaeilge, ach déanfar leathnú suntasach i mbliana. Den chéad uair le cuimhne na ndaoine beidh Ceisteanna na gCeannairí agus Ord Gnó na Dála trí mheán na Gaeilge. Anois níl mórán tábhachta ag baint leis an Ord Gnó, ach is é Ceisteanna na gCeannairí an mhír Dála is tábhachtaí ó thaobh na meán de. Feictear ceisteanna Mhichíl Martin, Gerry Adams, Joe Higgins srl agus freagraí Enda Kenny ar an teilifís agus cloistear iad ar an raidió. Má tá na comhfhreagraithe polaitiúla chun tuairiscí a scríobh do na nuachtáin is cosúil go mbeidh orthu úsáid a bhaint as na cluasáin ateangaireachta atá ar fáil i ngailearaí an phreasa. Dul chun cinn is ea é seo don Ghaeilge agus tá moladh tuillte ag Aonghus Ó Snodaigh as é a mholadh.

"Seo an chéad uair dúinn ceisteanna na gceannairí a dhéanamh i nGaeilge," arsa urlabhraí phríomhaoire an rialtais, Paul Kehoe. "Tá muid ag iarraidh é a leathnú agus ardán níos fearr a thabhairt don teanga. Beidh sé spéisiúil le féachaint conas a éiríonn leis."

Níl gach rud socraithe don lá go fóill. Níl sé beartaithe faoi láthair go mbeadh na Ceisteanna Tráthúla i nGaeilge, ach d'fhéadfaí é sin a dhéanamh chomh maith, de réir an urlabhraí.

€7.8 milliún do Goldman Sachs

THUG an tAire Airgeadais Michael Noonan le fios an tseachtain seo caite go raibh €7.8 milliún íoctha ag an rialtas le Goldman Sachs ó Aibreán 2011. Tugadh conradh don chomhlacht conspóideach chun comhairle a chur ar an rialtas maidir le hathchaiptliú Bhanc na hÉireann, AIB, ILP, EBS, INBS agus an Bhainc Angla-Éireannaigh, agus maidir le díol Irish Life. Tá Goldman fós ag obair ar Irish Life, dúirt sé. Níl aon amhras ach go bhfuil saineolas ag an gcomhlacht ar chúrsaí airgeadais, go deimhim féin cuirtear ina leith gur chabhraigh siad le rialtas na Gréige fiachais na tíre a chur i gceilt.

Thug an tAire na sonraí mar fhreagra ar cheist ó Sandra McClellan ó Shinn Féin. Nochtadh figiúirí eile maidir le Irish Life i bhfreagra ar cheist óna comhghleacaí, Aonghus Ó Snodaigh. Íocadh €188,670 leis na dlíodóirí Arthur Cox agus €44,871 le Matheson Ormsby Prentice (MOP).

Cáin ar an gcrannchur molta

TÁ moladh déanta ag Brendan Griffin ó Fhine Gael gur cheart cáin a ghearradh ar bhuanna sa Chrannchur Náisiúnta ar luach €500,000 nó níos mó. Dar leis an Teachta ó Chiarraí Theas, dá mbuafadh duine €8 milliún d'fhéadfaí €1.15 milliún a ghnóthú don Stát dá ngearrfaí cáin 10% ar an gcéad €4 mhilliún agus 20% ar an gcuid eile. Dá ngearrfaí cáin dá leithéid ar Dolores McNamara, an bhean as Luimneach a bhuaigh €115 milliún sa chrannchur Eorpach EuroMillions, rachadh €20 milliún chuig an Stát.

Dúirt an tAire Airgeadais Michael Noonan nach raibh plean ar bith aige cáin dá leithéid a chur i bhfeidhm. Bhí an-rath ar an gCrannchur Náisiúnta ó cuireadh tús leis agus chuir sé maoiniú ar fáil do thograí spóirt sa tír.

Tá sé ag cur maoiniú ar fáil do sheirbhísí sláinte agus imeachtaí oideachais anois, in ionad maoiniú ón Státchiste, ar seisean.

"Sin mo sheasamh, cé go bhfuil mé lán-sásta glacadh le moladh ar bith..." "Ar nós scoileanna DEIS", arsa Richard Boyd Barrett go tobann.

"...chun cánacha breise a ghnóthú," arsa Noonan.

Lean sé ar aghaidh: "Táim ag smaoineamh ar shaoire a thógáil amuigh i nDún Laoghaire an bhliain seo chugainn - an t-oirdheisceart grianmhar...Ba mhaith liom crochadh thart le daoine saibhre, cosúil le comharsana an Teachta Richard Boyd Barrett amuigh ansin." Iarracht bhacach a bhí ann spochadh as leasainm an Teachta ón ULA, 'Rich Boy Barrett', is cosúil.

€11 billiún 'sábháilte' ar tharrtháil AE-IMF

BEIDH gar do €11 billiún níos lú le híoc ag muintir na hÉireann amach anseo de bharr athruithe ar an tarrtháil AE-IMF a aontaíodh an samhradh seo caite, de réir an Aire Airgeadais.

Beartaíodh ag an am an méid ama a bhí ag an rialtas le hiasachtaí ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) a leathnú ó 7.5 bliain go 12.5 bliain agus iasachtaí faoin gCóras Eorpach Maoirseoirí Airgeadais (EFSF) a leathnú go 15 bliain ar a laghad.

Gearrfaidh na hathruithe seo €9 mbilliún ón ualach atá le hiompar ag muintir na hÉireann, agus sábhálfaidh athruithe ar iasachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF) €1.9 billiún eile.

Tá an rialtas cíocrach chun laghdú a fháil ar an iasacht €30 billiún a fuarthas chun sealbhóirí bannaí an Bhainc Angla-Éireannaigh a íoc ar ais.

Deir an rialtas nach bhfuil sé cothrom go bhfuil ar mhuintir na hÉireann íoc as an méid seo iad fhéin, cé go mbeidh sé níos deacra an argóint sin a chur chun cinn anois go bhfuil sé ráite ag an Taoiseach go raibh an locht ar an gcosmhuintir as an ngéarchéim eacnamaíochta.

Go bunúsach an rud atá an rialtas a lorg ná go n-íocfadh gnáthdhaoine ar fud na hEorpa as fiacha na mbanc - níl siad ag iarraidh athrú ar an bprionsabal frith-chaipitleach nach féidir leis na sealbhóirí bannaí airgead a chailleadh.

Joe Higgins, An Páirtí Sóisialach

TRINITY COLLEGE
The University of Dublin

Scoil na Síceolaíochta

Tá Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide ag glacadh le hiarratais faoi láthair ar chláir iarchéime a thosóidh sa bhliain acadúil 2012-2013. Tá réimse clár iarchéime taighde agus gairmiúil chomh maith le sainchúrsaí iarchéime á dtairiscint ag an Scoil. Tá tuilleadh eolais agus sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh ar fáil ag www.tcd.ie/Psychology/postgraduate/.

Tá spriocdhátaí éagsúla do na cúrsaí difriúla a chuireann an scoil ar fáil. Moltar go láidir iarratas a dhéanamh go luath. Tá na sonraí iomlán a bhaineann leis na spriocdhátaí le fáil ar an suíomh idirlín.

An gcaillfidh Zuckerberg smacht ar Facebook?

Diarmuid Ó Muirgheasa

BÍONN ráflaí i gcónaí riamh mar gheall ar thodhchaí Facebook. Ar chúis éigin meallann sé iad, níos mó fiú ná comhlachtaí móra eile. Nó sin an tslí a mothaíonn sé domsa, ar aon chaoi.

Ní fada ó fuair mé teachtaireacht ar Facebook ag insint dom go raibh táille mhíosúil ar intinn ag an Uasal Mark Zuckerberg, bunaitheoir Facebook, agus go raibh deireadh tapa ag teacht le Facebook saor in aisce.

Agus ní fada roimhe sin a chuala mé go raibh Facebook ag dúnadh síos go hiomlán, ó bhí an tUasal Zuckerberg céanna ag iarraidh "filleadh ar an ghnáth-shaol". A leithéid de raiméis, is deacair é a shamhlú.

Ach ar deireadh tá ráfla i ndiaidh athrú ina scéal nuachta, agus uair éigin sa chúpla mí atá amach romhainn rachaidh scaireanna de chuid Facebook ar díol ar stocmhalartán i Nua-Eabhrac.

Tá sé ait, ar shlí, go bhfuil comhlacht atá chomh mór le Facebook fós faoi úinéireacht phríobháideach. Dar le foinsí áirithe, tá cúis iontach simplí leis seo - tá eagla uafásach ar Mark



Fear Facebook : Mark Zuckerberg

Zuckerberg mar gheall ar na hathruithe a bhrúfar ar an gcomhlacht nuair a athraíonn sé ina chomhlacht poiblí.

Go dtí seo, agus an comhlacht faoi úinéireacht phríobháideach, bhí saoirse ag lucht bainistíochta nach mór pé rud ba mhian leo a dhéanamh.

Tá cuma mhór ar na figiúirí brabúis agus ioncaim atá gnóthaithe acu, cinnte - $1 bhilliún agus $3.7 billiún, faoi seach.

Ach tá luach $100 billiún nó mar sin á chur ar an gcomhlacht, agus is léir do dhuine ar bith a bhfuil cur amach acu ar chúrsaí infheistíochta go bhfuil bearna ollmhór idir an dá fhigiúr úd.

(Le comhthéacs a thabhairt, tá luach timpeall $400 billiún ar Apple, agus brabús $26 billiún - sin luach atá 16 uair níos mó ná leibhéal brabúis, seachas 100 uair mar atá i gcás Facebook).

An bhfuil fás míchuibheasach ar líon úsáideoirí Facebook, ón 800 milliún atá ann faoi láthair, á thuar ag na hinfheisteoirí uilig atá ag machnamh air seo ar fad?

B'fhéidir, ós cinnte go bhfuil líon mór daoine sa dara agus tríú domhan a bheidh ag baint úsáide as an idirlíon le bheith i mbun caidrimh sara i bhfad.

Níos mó baoil, áfach, gur ar na húsáideoirí atá ann anois atá na hinfheisteoirí seo ag brath. Faoi láthair tá níos lú ná €1 in aghaidh na bliana á thuilleamh ag Facebook ar chuile úsáideoir, ach beidh infheisteoirí ag lorg i bhfad níos mó ná sin chun seasamh leis an luach ollmhór sin.

An cheist anois ná, an féidir le Facebook luach níos mó a bhaint as na húsáideoirí atá acu go dtí seo? I measc saineolaithe ar an ábhar, is é tuairim na coitiantachta ná gur féidir.

Thuill Google brabús beagnach $12 billiún anuraidh, a fhormhór sin ar fhógraíocht, agus tá an t-eolas atá bailithe ag Facebook ar luach díreach chomh hard leis an eolas atá ag Google.

Ní hamháin go bhfuil dáta breithe, inscne agus áit cónaithe acu ar nach mór chuile úsáideoir, ach is minic go mbíonn stádas caidrimh acu chomh maith, gnéaschlaonadh, agus ní hamháin na rudaí a bhfuil suim acu iontu ach na rudaí a bhfuil suim ag a gcairde iontu chomh maith.

Tugann an t-eolas seo uilig táirge do-chreidte do Facebook ar féidir leo é a dhíol le lucht fógraíochta. Má tá gnó agat, is féidir, trí Facebook, fógraí a dhíriú ar fhir óga, a bhfuil cónaí orthu i bPáras agus a thugann tacaíochta d'fhoireann peile PSG.

Nó is féidir díriú isteach ar mhná atá geallta agus a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath, nó fir aeracha i Londain, nó aon cheann de réimse roghanna atá beagnach gan teorainn.

Níl chuile rud ar fáil don lucht margaíochta úd faoi láthair - cuma na scéalta, tá meas éigin ag Facebook ar phríobháideachas a lucht úsáideoirí - ach le brú ó scairshealbhóirí brabús a mhéadú, n'fheadar an mairfidh an meas beag sin.

Deir an tUasal Zuckerberg, i litir chuig infheisteoirí nua, "Ní tháirgimid seirbhísí le hairgead a ghnóthú; gnóthaímid airgead chun seirbhísí níos deise a chur ar fáil."

Dúirt sé a lán eile sa litir úd ar an ábhar céanna, ach beidh le feiscint an éireoidh leis a dhóthain smachta a choinneáil lena fhocal a choimeád.

Agus é seo ar fad ag dul ar aghaidh maidir le Facebook, tá Google i ndiaidh polasaí príobháide nua a eisiúint, a rachaidh i bhfeidhm ar chuile sheirbhís atá acu ar 1 Márta.

Tá sé le léamh ag http://goo.gl/pQ0HV, agus is fiú go mór é sin a dhéanamh. Níl sé deacair le léamh, ach seans go mbeidh ionadh ort maidir le cuid den eolas a choimeádtar ort agus tú ag baint úsáide as seirbhísí Google.

Ní sin le rá gur chóir bheith buartha, ach is fiú bheith ar an eolas, go háirithe nuair a scríobhtar ar shlí chomh so-thuigthe sin é.

Ardán: Is chun leas na hÉireann infheistiú i dtodhchaí na hAfraice

Is soiléir go dtuigeann an tSín seo agus tá sí i bhfad chun tosaigh ar an Eoraip maidir le gaolmhaireachtaí fadtéarmacha a bhunú le mórán tíortha san Afraic trí infheistíocht shuntasach a dhéanamh iontu. Cruthóidh daonra forásach na hAfraice an chéad mhargadh mór eile do tháirgeoirí. Ach is táirgeoirí na Síne a bhainfidh an toradh.

Hans Zomer

TRÉIMHSE anróiteach d'Éirinn atá ann, le tuairim is 14 faoin gcéad den fhórsa oibre dífhostaithe agus daoine ar fud na tíre ag strácáil chun a gcuid fiacha a smachtú. Faigheann an rialtas 25 billiún euro ar iasacht gach bliain chun seirbhísí poiblí a mhaoiniú agus seo in ainneoin géarchiorruithe i gcaiteachas poiblí. Do mhórán níl fágtha de mhíorúilt an Tíogair Cheiltigh ach iarbhlas fíorshearbh.

Ní hiontas ar bith mar sin, agus an oiread sin brú orainn, go ndéanfaí scrúdú níos géire ar an gclár cúnaimh thar lear atá ag an tír seo. Go deimhin is ceart agus is cóir go ndéanfaí díospóireacht phoiblí faoi inmhianaitheacht agus faoi fhéidearthachtaí gach gné de chaiteachas poiblí, cúnamh thar lear san áireamh. Tá níos mó trédhearcachta tuillte ag pobal na hÉireann maidir le cé mar a chaitear an t-airgead agus cén toradh a bhíonn air.

Is léir nach bhfuil seo chomh héasca sin. Rud casta is ea 'cúnamh thar lear'. Cuimsíonn sé gaolmhaireachtaí polaitiúla, idirnáisiúnta agus logánta a bhunú agus a thógáil i gcuid de na ceantair is doicheallaí ar domhan. Cuirtear roinnt airgid amú agus ní éiríonn le roinnt clár cúnaimh torthaí fónta a bhaint amach. Ach ní cúis sin le deireadh a chur le gach cúnamh. Is cúis é leis an gcúnamh a dhíriú ar na ceantair sin ina mbeidh an éifeacht is mó aige.

B'shin díreach an aidhm a bhí leis an gcomhairliúchán poiblí ar thodhchaí an chláir chúnaimh ag Éirinn, a thosaigh an rialtas i mí Feabhra. Teastaíonn ón rialtas meon an phobail a thomhas maidir le láidreachtaí ár gclár cúnaimh agus cad ba chóir a bheith mar cheann tiomána don chlár cúnaimh thar lear.

Beimidne ag argóint nach bhfuil aon difear idir cúnamh agus infheistíocht. Bíonn na torthaí chomh sofheicthe céanna ón dá ghníomh. Is ionann cúnamh thar lear agus infheistiú i dtodhchaí tíre. Na tíortha lena mbímid ag obair, beidh siad amach anseo ina mbaill de ghrúpa forásach de chomhpháirtithe trádála na hÉireann.

Is soiléir go dtuigeann an tSín seo agus tá sí i bhfad chun tosaigh ar an Eoraip maidir le gaolmhaireachtaí fadtéarmacha a bhunú le mórán tíortha san Afraic trí infheistíocht shuntasach a dhéanamh iontu. Cruthóidh daonra forásach na hAfraice an chéad mhargadh mór eile do tháirgeoirí. Ach is táirgeoirí na Síne a bhainfidh an toradh.

Tá go leor cúiseanna ann le troid ar son cúnamh a chosaint nó fiú a mhéadú - cúiseanna morálta, eacnamaíocha, pragmatacha agus polaitiúla. Ansin tá an chúis dhaonna, mar a luaigh Bono le déanaí: "De réir mar a chuirimid aithne ar a chéile is ea a éiríonn sé dodhéanta glacadh leis an mbréag go gcaithfimid maireachtáil leis an mbochtanas brúidiúil, dúr, gránna." Níos mó agus níos mó agus ar mhórán cúiseanna, tuigimid nach féidir linn.

Má dhéanaimid na roghanna cearta anois, beidh fíordheis againn sochaí nua a thógáil, sochaí dhomhanda nua, atá níos sábháilte, níos athléimní agus intuartha. Na géarchéimeanna domhanda ag teacht ar shála a chéile le déanaí, ba léiriú iad ar a chomhtháite is atá an domhan. Tá dlúthcheangal anois idir bhearta eacnamaíocha, airgeadais, creidmheasa, trádála agus daonna ar fud na cruinne go mbíonn dán náisiún ag brath air. Bíonn tionchar ag géarchéimeanna airgeadais, paindéimí agus anord aeráide ar thíortha uile an domhain, cuma a méid, a n-áit, nó a bpolaitíocht.

Tá idir mhórbhuntáistí agus mhórrioscaí ag baint leis an idirspleáchas seo. Is meabhrú láidir dúinn an ghéarchéim dhomhanda reatha go bhfuil gá leis na rioscaí a láimhseáil agus a bhainistiú ar bhonn níos éifeachtaí.

Le domhan sábháilte, inmharthana a chruthú do chách, ní mór an próiseas domhandaithe a dhéanamh níos cothromaí agus níos inmharthana. Ceann de na ceachtanna ba mhó a bhí le foghlaim as imeachtaí le blianta beaga anuas ná go gcaithfidh rialúchán a bheith i gcroílár an domhandaithe. Freisin ní mór don earnáil pholaitiúil tosaíocht a ghlacadh thar 'an margadh' an athuair. Is gá iarracht chomhordaithe, chomhtháite, mharthanach a dhéanamh chun an chothromaíocht, a bhfuil géarghá léi, a bhaint amach.

Caithfidh geilleagar beag oscailte mar Éire, atá leochaileach do shuaitheadh domhanda, bheith lánpháirteach in iarrachtaí idirnáisiúnta paraiméadair na todhchaí a shocrú. Luíonn leas agus forbairt na hÉireann le trádáil agus le comhoibriú idirnáisiúnta. Ár gclár cúnaimh is ea an léiriú is suntasaí go dtuigimid a thábhachtaí is atá infheistiú sa todhchaí.

De réir mar a athmhúnlaíonn Éire a samhail forbartha féin le tacaíocht ón bpobal idirnáisiúnta, is ea is mó chun ár leasa féin a bheidh sé, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, infheistiú i meicníochtaí rialachais do dhomhan atá daonlathach, cuntasach agus éifeachtach. Is chuige sin go beacht ár gclár cúnaimh.

Is Stiúrthóir é Hans Zomer ar 'Dóchas', brateagraíocht de na heagraíochtaí forbartha neamhrialtasacha.

TRÁCHTAIREACHT

Riail an óir

Is é bunfhoráil an chonartha go gcaithfeadh gach stát a chuid iasachtaí a thabhairt faoi bhun 0.5% dá olltáirgeadh intíre. Chuirfeadh sin i gcuimhne duit an fógra grinn a bhíonn le feiceail i siopaí áiride, a deir nach ndíolfar earraí ar cairde ach amháin le daoine os cionn aois a 85 a bhfuil beirt seantuistí in éindí leo. Ach nach maith an rud é teacht leis an méid atá againn, gan a ghabháil thar ár n-acmhainn?

Aindrias Ó Cathasaigh

Caolsheans go gcuirfear stró ar na boscaí vótála aríst leis an gconradh nua Eorpach a fhágáil faoinár mbreith. Chaith lucht a chumtha an-dua le cinntiú nach gcaithfí é a chur faoi bhráid na sluaite gan ní in Éirinn a bhain cor coise as conarthaí dá leithéid cheana.

Tá an tArdaighne os cionn an téacs faoi láthair, deirtear, ach ní cheapann rialtais ardaighní a chruthós fadhbanna dóibh.

Ní dual do bhreithiúna sa gCúirt Uachtarach a bheith trioblóideach sna cúrsaí seo ach oiread. I bhfianaise na gcumhachtaí breise don Chúirt Eorpach agus don Choimisiún Eorpach, cheapfadh gnáthdhuine ar an gcéad amharc nach féidir an conradh seo a dhaingniú gan an bunreacht a leasú. Ní hionann ciall don ghnáthdhuine agus don dlí, áfach.

Is scéal cinnte é nach ionann dlí agus ceart. Bhuailfeadh an conradh seo buanmhúnla eacnamaíochta anuas orainn atá chomh docht dúr daingean sin nár cheart cuimhniú ar a chur i bhfeidhm – ní amháin abhus, ach i ngach tír – gan lándíospóireacht agus an cinneadh a bheith ag an bpobal. Ach fágtar an daonlathas ar deireadh nuair a bhíonn airgead i gceist.

Is é bunfhoráil an chonartha go gcaithfeadh gach stát a chuid iasachtaí a thabhairt faoi bhun 0.5% dá olltáirgeadh intíre. Chuirfeadh sin i gcuimhne duit an fógra grinn a bhíonn le feiceail i siopaí áiride, a deir nach ndíolfar earraí ar cairde ach amháin le daoine os cionn aois a 85 a bhfuil beirt seantuistí in éindí leo. Ach nach maith an rud é teacht leis an méid atá againn, gan a ghabháil thar ár n-acmhainn?

Is gnáthrud i saol na linne seo teacht isteach an lae amárach a chur in aghaidh caiteachas an lae inniu. Ní mórán gnólachtaí a mhairfeadh gan áiseanna creidmheasa is rótharraingthe, agus go maith os cionn 0.5% dá dtáirgeann siad. Tá leath na tíre ag cur fúthu i dtithe nach mbeadh acu marach iasacht atá i bhfad thar 500% dá dteacht isteach.

Ba lú go mór an call le iasachtaí mara mbronnfaí na billiúin ar lucht bannaí is bancanna, ar ndóigh, nó dá ngearrfaí cáin cheart ar na saibhre.

Ní mar sin atá riail an 0.5% le comhlíonadh, áfach, ach le ciorrú níos doimhne fós ar chaiteachas sóisialta agus creachadh níos doimhne fós ar phócaí na ngnáthdhaoine.

Ní bréag ar bith 'riail an óir' a thabhairt uirthi, mar bheadh lucht an óir dár rialú ní ba dhéine ná ariamh dá réir.

Bhainfeadh an conradh seo éiric phianmhar as tíortha nach gcoinníonn leibhéal a gcuid iasachtaí íseal. Cén fáth nach ndéantar amhlaidh le figiúirí is tábhachtaí ná sin? Bheadh an Eoraip i bhfad níos fearr as dá leagfaí síos céatadán íseal dífhostaíochta a gcaithfí cloí leis, céátadán íseal bochtanais nó neamhlitearthachta. B'fhollaine an tslat tomhais ar ár ndul chun cinn é ná fiacha na mbaincéaraí is na bpolaiteoirí.

Agus sin é an buille, nach bhfuil baint ar bith ag an gconradh seo leis an donas eacnamaíochta atá orainn. Ní róchaiteachas ar ospidéil is scoileanna a d'fhág an stát seo is stáit eile baite i dtromfhiacha, ach róchaiteachas ar tharrtháil na mbancanna is na bhforbróirí ar mhill a saint féin fúthu.

Chuirfeadh an conradh seo iachall orainn tuilleadh seoinínteachta a dhéanamh leis na margaí airgid, dream arb é leas na ndaoine an chloch is lú ar a bpaidrín – dream nach bhfuil a leithéid de chloch le fáil ar a bpaidrín ar chor ar bith, go deimhin. Agus ní polasaí aonuaire a bheadh ann ach ceangal síoraí orainn mianta lucht airgeadais a chur chun tosaigh i gcónaí. Bhainfí dínn pé beagáinín de smacht daonlathach atá fágtha ar an bpolasaí eacnamaíochta.

Tá fáth maith ag an rialtas a bheith imníoch roimh reifrinn, mar bíonn an baol iontu nach vótálfaidh muid mar is áil leo. Ní faitíos atá orthu go dtarraingeofar ceisteanna nach mbaineann le ábhar isteach sa díospóireacht. Tuigeann siad go maith go bhfuil baint dhíreach ag an gconradh leis na táillí míchothroma ar fad atá siad a ghearradh ar dhaoine le cur i bpócaí na mbancanna.

Agus ní hé an conradh seo amháin is gá a chur sa meá, ach na conarthaí a tháinig roimhe freisin. An tseachtain seo caite dúnadh an tseirbhís báid idir Corcaigh agus Abertawe na Breataine Bige. Bhí fáthanna maithe lena coinneáil ag imeacht, ach níor cheadmhach airgead poiblí a thabhairt don chomharchumann a bhí ina bun.

Coisceann an tAontas Eorpach orainn airgead an phobail a chaitheamh ar rudaí atá de dhíth ar an bpobal dá gcuirfeadh sin an margadh as a riocht, dá mbainfeadh sé den bhrabach atá le déanamh ag comhlacht príobháideach. Ní féidir linn a theacht aníos as an duibheagán seo gan an riail siúd a chur i leataobh agus leas na cosmhuintire a chur i réim.

Tá comharthaí le feiceáil ar bhóithre amach na mótarbhealaí a fhógraíonn i litreacha móra: "Contúirt: An Treo Mícheart – Cas ar Ais".

Comhartha mar é ba chóir a bhrandáil ar gach ceann den aon leathanach déag sa gconradh fioscach seo. Má chuirtear i bhfeidhm é, ní amháin go leanfaidh muid ceann ar aghaidh sa treo mícheart, ach géarófar ar an tiomáint mire chun na tubaiste.

Tá sé in am casadh ar ais ón gcontúirt agus déanamh ar a mhalairt de cheann scribe. Má ghéilltear reifreann dúinn, ní pointí dlí ach brú aníos a thabharfas dúinn é. Mara ngéilltear, is mó fós an brú aníos a theastós le riail an óir a chur ar neamhní.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Feabhra, 2012

Croí an chaiptín agus mí-stuaim an Aire

Máirtín Ó Catháin

Maidin Domhnaigh le gairid. Fógra faoi chlár éigin a bheadh ar an raidió faoi óráidí agus faoi na dúshláin a bhaineann le caint phoiblí.

Cuireadh cúpla píosa d'óráidí bríomhara sa bhfógra mar shampla de dhaoine a raibh bua na cainte acu.

Bhí giota as óráid Joe Connolly ar Ardán Ui Ógáin i bPáirc an Chrócaigh in 1980 ina measc.

Ba é Joe caiptín fhoireann na Gaillimhe a bhuaigh craobh sinsear iomána na hÉireann an lá sin ... den chéad uair le 57 bliain.

An mhaidin Domhnaigh sin le gairid chasadar an píosa den óráid inar labhair Joe Connolly faoi mhuintir na Gaillimhe thar lear - iad siúd a bhí ar an imirce.

Labhair sé go hómósach agus go measúil fúthu; thug sé chun cuimhne iad.

Ní raibh Joe Connolly ach 23 bliain d'aois an lá sin in 1980. Nárbh iontach an rud é go raibh tuiscint ag fear chomh hóg leis ar chúlra a mhuintire agus a chontae.

Nárbh iontach an rud é gur thug sé chun cuimhne iad siúd a bhí ar imirce agus an ceiliúradh ollmhór seo ina thimpeall.

Ar ndóigh rinne Joe é sin mar go raibh an tuiscint sin ar a dhúchas agus ar scéal na tíre seo fite fuaite ina chúlra agus ina chroí.

Ní raibh an tAire Airgeadais Micheál Ó Nuanáin chomh tomhaiste ná chomh tuigseanach ina chuid cainte féin faoi imirceoirí le gairid.

"*Lifestyle choice*" a bhí san imirce ag cuid de na daoine arsa an tAire Airgeadais.

Ar bhealach amháin tá an ceart aige. Is dóigh go bhféadfadh an bheirt fhear óga as Cloch na Rón a d'imigh go Londain ar thóir oibre an tseachtain seo caite fanacht sa mbaile dá mbeidís sásta leis an "*lifestyle*" sin; gheobhaidís an '*dole*' chuile sheachtain.

Bheadh poll níos mo fós sa sparán ag an Aire Airgeadais nuair a bheadh sé ag plé leis an gCáinaisnéis ag deireadh na bliana seo. D'fhéadfadh cuimse fir agus mná óga i bpobail ar fud na hÉireann a bheidh ag imeacht i mbliana fanacht sa mbaile agus 'lifestyle' an 'dole' a bheith acu. Ar ndóigh mhéadódh an bille a bheadh le n-íoc ag Micheál Ó Nuanáin ag deireadh na bliana dá bharr sin.

An tAire Airgeadais Michael Noonan, Fine Gael. [PIC : SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND]

Caint chiotach Uí Nuanáin

Ciotach go maith a chaith an tAire Airgeadais a chuid cainte agus na mílte ag imeacht as an tír seo cheal oibre; theastaigh tuilleadh tuisceana agus tuilleadh croí. D'imigh 70,000 saoránach Éireannach as an tír in 2011; meastar go n-imeoidh 40,000 eile i mbliana. Tá siad ar thóir '*lifestyle*' níos fearr go cinnte. Post, saothrú, airgead ina bpócaí ag deireadh na seachtaine, an sásamh intinne atá le baint as jab agus obair. Níl an rogha sin sa mbaile. Ina dhiaidh sin féin tá ráta dí-fhostaíochta 14% sa tír agus bheadh sé i bhfad níos airde munach go bhfuil go leor daoine imithe thar lear sa tóir ar 'lifestyle' eile.

B'fhéidir go dtabharfaí níos mo airde ar chaint Mhichíl Uí Nuanáin leathscór blianta ó shin.



Joe Connolly, caiptín na Gaillimhe, ag tógáil in airde Corn Liam Mhic Cárthaigh in 1980

San am sin a thosaigh an sruth d'Éireannaigh óga chun na hAstráile. Ní fhéadfaí a rá go mba imirce dháiríre a bhí sa gcuid is mó den imeacht sin.

Bhíodh tréimhse áirithe leagtha síos do chuid mhór acu san Astráil ar an bpas taistil. Bheadh orthu a thaispeáint go raibh 2,000 dollar Astralach le spáráil acu sula bhfaighidís an pas. Théadh cuid acu ag taisteal ar feadh tamaill go bhfeicidís an tír. Níorbh shin í an imirce a raibh Joe Connolly ag tagairt di. Ní shin í an imirce atá ann anois.

Bheadh muid ag súil le caint níos tomhaiste ó Aire Airgeadais na linne seo. Leis an gceart a dhéanamh mhínigh sé níos deireanaí go poiblí go raibh sé ag tagairt do mhionlach a bhí ag iarraidh '*lifestyle*' eile thar lear. Is ar éigean gur fiú a leithéide sin d'ábhar a lua agus an tír dá tréigean. Bíonn mionlaigh ann i gcónaí a shocraíonn ar chónaí in áit éigin eile, pé ar bith tír arb as dóibh. Ach de réir staitisticí idirnáisiúnta ní chónaíonn níos mo ná 3% de mhuintir na cruinne taobh amuigh dá dtír féin.

Ag maireachtáil ar "oileán beag"

Dúisíonn caint Mhichíl Uí Nuanáin cuimhní ar ráiteas a thug Aire sinsearach rialtais eile cúig bliana fichead ó shin go díreach glan. Ba é Brian Lenihan (sinsir) an tAire Gnóthaí Eachtracha an uair sin agus bhí sé ag labhairt leis an iris idirnáisiúnta "*Newsweek*". Maireann an méid a dúirt Brian Lenihan sa gcaint i gcónaí: "*We cannot all live on one small island*". Níl muid chomh flúirseach sin! Tuairim 60 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh atá sa Stát seo; tá 340 sa mBeilg (tír atá leath chomh mór linn agus daonra 10 milliún inti); tá 393 an ciliméadar san Ísiltír.

Ag tagairt don imirce mhór a bhí ann sna 1980í a bhí Brian Lenihan an t-am sin freisin. Ach beag beann ar na comparáidí daonra idirnáisiúnta, b'fhéidir, ar an drochuair, go raibh cuid den cheart aige. Is beag tréimhse i stair na tíre seo a raibh lánfhostaíocht againn - nó an fhostaíocht chomh fairsing agus go raibh obair ag chuile dhuine ar theastaigh sin uaidh.

Bhí tréimhse ghearr ann sna 1970í a raibh níos mo ag filleadh ná mar a bhí ag imeacht. Ansin ba thréimhse eisceachtúil amach agus amach an fuadar eacnamaíochta a bhí faoin tír seo in aimsir an Tíogair Cheiltigh. Bhí an chuid is mó againn in ann maireachtáil ar an oileán beag an uair sin.

Chomh maith leis sin bhí muid in ann obair a chur ar fáil do na céadta míle eachtrannach a tháinig isteach. Bhréagnaigh an tréimhse sin caint Brian Lenihan in 1987 ach ní ar feadh i bhfad a mhair sí. Níl mórán de 'lifestyle' in ndán sa tír seo do chuimse daoine anois aríst.

Tá an ceart ag Micheál Ó Nuanáin ar bhealach; tá na daoine óga ag imeacht ar mhaithe le 'lifestyle' níos fearr i dtíortha eile. Ach ní shin a bhí i gceist aigesean is cosúil. B'fhéidir gurbh fhiú dó cóip a fháil d'óráid Joe Connolly: bhí croí agus tuiscint san óráid sin.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An tSamhail Nua Mhaoinithe

IS ábhar buairimh é gurbh fhéidir nach mbeidh réiteach ar an díospóid idir na 19 eagraíocht bhunmhaoinithe Ghaeilge agus Foras na Gaeilge go ceann sé mhí eile.

Is é an rud is cúis leis an díospóid seo ná an tSamhail Nua Mhaoinithe, maoiniú a bheadh bunaithe ar 'scéimeanna' dírithe ar réimse ar leith seachas ar bhunmhaoinú d'eagraíochtaí mar atá anois ann.

Tá na 19 eagraíocht bhunmhaoinithe Ghaeilge dubh i gcoinne na samhla nua, ní nach ionadh, mar is ionann deireadh a chur leis an bhunmhaoiniú agus deireadh a chur le roinnt mhaith acu.

Ba dheireadh é sin le 'Gluaiseacht na Gaeilge' mar a thuigtear anois é.

Cibé barúil atá agat air, is rud tromchúiseach é sin.

Fiú muna gcreideann tú i luach na 19 eagraíocht, is ag dul sa tseans go mór atá Foras na Gaeilge chun slad iomlán a dhéanamh orthu mar atá beartaithe - ó thaobh éifeachta de.

Déarfaidh Foras na Gaeilge ar ndóigh nach bhfuil a ndóthain airgid acu chun na 19 eagraíocht a bhunmhaoiniú mar atá siad faoi láthair agus go gcaithfear cur chuige nua a bheith ann.

Ní féidir sin a shéanadh ach an oiread faraor.

Ach is é an Ghaeilge agus todhchaí na Gaeilge an rud is tábhachtaí sa scéal seo.

Mar sin de, ar a son sin, táthar ag súil gur féidir teacht ar chomhréiteach agus gur féidir teacht ar an chomhréiteach sin go luath.

Níl an éiginnteacht agus an taighneas seo ag cuidiú leis an Ghaeilge ná le hobair eagraíochta ar bith ná le duine ar bith.

SÚIL SIAR na Seachtaine

An Bíobla i nGaeilge

Donncha Ó hÉallaithe

Mí ó shin a thug mé cuairt ar Ardteampall Chríost i lár Bhaile Átha Cliath. Bhí taispeántas ar an mBíobla ar bun ann agus i measc na mBíoblaí a bhí le feiscint bhí cóip den Bhíobla i nGaeilge, a chuir an tEaspag William Bedell (1571 - 1642) le chéile sa 17ú haois.

Sasanach léannta ab ea Bedell a raibh Laidin, Gréigis is Eabhrais ar a thoil aige. Tháinig go Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1627 mar Phropast ar Choláiste na Tríonóide. Is ansin a thosaigh sé ag foghlaim Gaeilge.

Ní raibh sé ach dhá bhliain i mBaile Átha Cliath nuair a fuair sé post sa Chabhán mar Easpag ar Dheoise na Cille Móire agus Ard Achaidh. Is ansin a chuaigh sé i mbun oibre le Muircheartach Mac Con Rí chun an Bíobla a chur ar fáil i dteanga na nGael. Bhí Bedell curtha sa chré os cionn dhá scór bliain faoin am ar foilsíodh a leagan den Bhíobla i nGaeilge sa bhliain 1686, le cúnamh airgid ón gceimiceoir cáiliúil Robert Boyle (1627-91).

Tús an 19ú haois rinne an Irish Bible Society eagrán nua de Bhíobla Bedell a fhoilsiú sa gcló Rómhánach, agus úsáideadh go forleathan é in Éirinn le linn 'Cogadh na mBíoblaí' ag tús an 19ú haois.

Bhí sé á úsáid chomh maith i measc na nGaeilgeoirí in Albain, mar nach raibh aon Bhíobla ar fáil i nGaeilge na hAlban!

Sa bhliain 1981, d'éirigh leis an Eaglais Chaitliceach eagrán den Bhíobla i nGaeilge a fhoilsiú, curtha le chéile ag an Ollamh Pádraig Ó Fiannachta.

Chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach, ba é an Corcaíoch Seán Ó Cíosáin (1896 - 1982) a scríobh an t- alt don nuachtán INNIU, as ar thóg mé an mhír seo thíos. Scríobh Seán dhá leabhar dhírbheathaisnéise, 'Cois Laoi na Sreabh' (1970) agus 'Is Ait an Mac an Saol' (1973).



Inniu, 9 Feabhra, 1962

Bedell - Easpag an Bhíobla

Le Seán Ó Cíosáin

"[...] Is é a bhí beartaithe aige [Bedell] ná a chur i gcumas a chléire féin a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge sna ceantair Ghaeilge. De réir duine dá bheathaisnéisithe ní raibh aon ní ag baint codladh na hoíche de ach muintir na hÉireann ag iompú chun an Chreidimh Leasaithe. Ach bhí Rialtas Shasana go mór i gcoinne nós imeachta an easpaig sa mhéid a bhain sé le húsáid a bhaint as an nGaeilge.

Ansin ghlac Bedell aistriú an tSean-Thiomna go Gaeilge de láimh mar chreid sé go bhféadfaí na Gaeil a iompó trí bhithin na Scribhne Diaga. Chun an saothar seo a chur chun críche, d'fhostaigh sé scoláire Gaeilge dárbh ainm Muircheartach Mac Con Rí agus de réir mar a bheadh duilleog de aistrithe ag Mac Con Rí, chuirfeadh an tEaspag i gcomparáid leis an Eabhrais bunaidh é. Ach bhí constaicí sa tslí air....

Ansin rinne an Tiarna- Leiteanant [Stafford] agus an tArd-easpag Ussher iarracht ar chosc a chur leis an obair aistriúcháin.

Baineadh a pharóiste de Mhac Con Rí agus cuireadh fear eile ina ionad. Dhiúltaigh Bedell glacadh leis an bhfear nua.

Scríobh sé litir chuig an Iarla Stafford, ag cosaint a chomh-aistritheora agus ag moladh go hard a cháilíochtaí ó thaobh na Gaeilge. "Is beag duine sa ríocht a fhéadfadh é a sharú i bprós nó i bhfilíocht na Gaeilge" a dúirt sé sa litir.

Ansin tharla Éirí Amach 1641 agus chuir sin deireadh le cibé seans a bhí ann go gcuirfí an leabhar i gcló sula bhfaigheadh sé bás. Níor cuireadh i gcló é go dtí an bhliain 1685.....

Is fiú staidéar a dhéanamh ar an Sean-Thiomna le Bedell. I mo thuairim féin, tá sé chomh inléite le Stair an Chéitinnigh.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Feabhra, 2012

Má tá gás faoi thalamh na Liatroime anois beidh sé ann fós i gceann 10 mbliain

Eoghan Ó Néill

Cuir an teas ar obair anocht agus tóg soicind chun machnamh ar cén áit as a thagann an gás nó an ola sin. Bhuel, íocann muid daoine ar an taobh eile den domhan chun cogaí a throid nó chun tochailt in áiteanna ar cheart a chaomhnú nó chun daoine bochta a fhostú mar sclábhaithe, díreach ar mhaithe leis an ghás is an ola sin a bheith againn.

Ní fheiceann muidne an doirteadh fola ná an dúshaothrú sin. Ach go hindíreach is mise agus tusa a mhaoiníonn é.

Íocann daoine bochta fud na cruinne praghas millteanach as gás is ór dubh a chur ar fáil dúinne.

Mar sin, más féidir teacht ar fhoinse fuinnimh ar leac an dorais ba cheart dúinn breathnú ar na féidearthachtaí maidir lena fháil agus lena úsáid.

Sea, breathnú ar na féidearthachtaí ar fad, agus eolas cruinn a fháil faoi na buntáistí mar aon le heolas faoin phragas a bheidh le híoc againn mura n-oibríonn rudaí amach i gceart.

An rud is mó a chuireann isteach orm faoin díospóireacht atá ag dul maidir le scoilteadh hiodrálach (nó fracáil mar is fearr aithne air) ná oiread gás té atá á cruthú ag an dá thaobh sa díospóireacht agus a laghad eolais cruinn is atá ag teacht as a bplé.

Ar dtús ba mhaith liom a rá go bhfuil mise i gcoinne fracáil a bheith ag titim amach go luath i bhFear Manach nó in Liatroim ná in áit ar bith eile sa tír seo.

Má tá gás sa talamh thíos faoi Liatroim anois beidh sé ann i gceann 10 mbliain.

Cén dochar, mar sin, fanacht 10 mbliain chun go bhfeicimís i gceart cé chomh éifeachtach nó a mhalairt is atá fracáil?

Agus más rud é go bhfuil an rialtas ag bagairt muintir Ros Comain a chur go príosún as móin a ghearradh i bportach cad é mar a dtig leo ceadú do dhream ar bith na mílte mionphléascáin a shíobadh sa talamh faoi Liatroim nó faoi Fhear Manach?

Dar liom go bhfuil cás 'Prima Facie' ann i gcoinne fracála.

Mar a fheictear domsa é b'ionann fracáil a cheadú agus Roulette na Rúise a imirt le ceithre philéar sa ghunna agat seachas sé chinn.

Ach sin mo thuairim i láthair na huaire agus níl deireadh eolais agam ná éisteacht tugtha agam do gach argóint faoin cheist. Agus is minic a athraíonn tú d'intinn.

Glacaim leis gur gá meon oscailte a bheith ag daoine agus nár cheart an rud a dhamnú cionn is gur Dick Cheney a bhí ar na daoine is mó a bhrúigh 'fracáil' nó cionn is gur tharla truailliú uisce i roinnt cásanna i Meiriceá.

Agus níor cheart an cás ar son fracála a dhamnú cionn is ar tharla i gcás na Coiribe.

Ní hionann an dá chás.

An rud is mó atá de dhíth orainn anois ná eolas cruinn agus díoscúrsa tomhaiste ar an cheist.

Ach go dtí seo bhí cuid mhór den díospóireacht diúltach, deighilteach agus díchéillí.

Deirim arís é. Bheadh sé go mór ar leas na tíre dá mbeadh foinse fuinnimh sábháilte againn ar leac an dorais.

Dá mbeadh an rialtas cliste agus dian go leor chun conradh ceart a bhrú ar chomhlacht tochailte bheadh jabanna i gceist, cinnteacht faoi fuinneamh, agus buntáistí eile.

Shílfeá ar chuid den chaint atá ag dul nár tharla tochailt ná mianadóireacht ná saothrú acmhainní nádúrtha sa tír seo riamh.

Tá a leithéid ag titim amach, ar scála mór nó ar scála beag, ó chéad tháinig daoine go hÉireann.

Ba cheart tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht oiread agus is féidir chun a macasamhail a dhéanamh ar bhealach éifeachtach sábháilte.

Ach ar an taobh eile den scéal tá ceisteanna le cur faoi na contúirtí a bhaineann le fracáil. Faoin chontúirt don soláthar uisce.

Faoin chontúirt don duine. Faoi crith talún. Faoi na himpleachtaí don tursaóireacht is don fheirmeoireacht dá rachadh rudaí ó mhaith.

Tá ceisteanna le cur fosta faoi dhíograis atá ar na maithe móra fracáil a bhrú ach an léisc a bhíonn orthu modhanna eile fuinnimh ó ghrianfhuinnimh go fuinneamh gaoithe a bhrú agus a fhorbairt ar ardluas.

Tá eolas tábhachtach.

Ach na saolta seo caithfear a chur sa reicneáil fosta a laghad muiníne is atá ag tromlach phobal na tíre seo as na húdaráis.

Mar gheall ar na scannail éagsúla a bhain le polaiteoirí is le lucht gnó.

Mar gheall ar an dóigh ar theip go huile is go hiomlán ar na daoine is ar na háisínteachtaí monatóireachta agus rialaithe a bhí ann lenár gcosaint ó chliseadh na mbancanna.

An bhfuil muinín iomlán ag daoine as an Áisínteacht um Chaomhnú Comhshaoil thuaidh nó theas?

Nó as taighde a dhéanfar in Ollscoil in Aberdeen.

Sea, Aberdeen na hOla.

Níl réiteach simplí ar na ceisteanna seo.

Ach dar liom nach seo an t-am chun tabhairt faoi fiontar conspóideach a bhfuil amhras ann faoi ar mhaithe le 'réiteach gasta' eile ar fhiacha is ar fadhbanna dífhostaíochta na tíre.

MFG - Cúig mhí níos déanaí, neart

Páidí Ó Lionáird

Chuir an Seanadóir Brian Ó Domhnaill ceist Oireachtais an tseachtain seo caite faoi thodhchaí chaiteachas an airgid a bhí ag an gcomhlacht Meitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG).

Beidh níos mó ná muintir a thoghcheantair Chonallaigh féin ag súil leis an bhfreagra.

Níorbh fhada ó shin ó bhí ceantracha Gaeltachta na hÉireann ag fáil aitheantas cuí, a gcuid féin den gcíste, agus bhí siad ar feadh tamaill in ann a smig a choimeád in áirde i measc 'ghnáth-cheantracha' na tíre.

Bhí suas le €40 milliún á chaitheamh ar sheirbhísí pobal-bhunaithe, thuaidh, theas, thiar, san oirdheisceart agus sa lár-oirthear.

I measc na ndosaen scéim atá áirithe ar shuíomh an chomhlachta bhí scéimeanna Leader, LDSIP agus scéim iompair tuaithe.

Le linn na mblianta sin, bhí Meitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG) i mbarr a réime. Bhí clár oibre fónta ar bun agus rochtain ar mhaoin dá réir - Maoiniú Eorpach a bhí i leath den mhéid sin ar a laghad.

Mar sin cad a thárla? Cad ba chúis leis an deireadh gan mhíniú a tháinig le MFG? Ar ndoigh bhí na scéalta céanna i gcluais an uile dhuine - 'go raibh éagóir éigin airgeadais ann agus nach raibh ar chumas an chomhlachta leanúint mar a bhí.'

Ceart go leor ach ar leor an chúis í sin le breis is céad triocha fostaí (idir lán agus páirtaimseartha) a ligean chun siúil gan aon leithscéal? Ní dóigh liom é.

Diaidh ar ndiaidh thosnaigh scéalta eile ag sceitheadh agus ag sní slí i measc an phobail - scéalta faoi mhíialtachtaí cuntasaíochta, cleachtais oibre agus easpa riaracháin chorparáide ar bhonn gairmiúil ó bhun go barr nó b'fhéidir ó bharr go bun!

Idir an dá linn bhí an fhoireann ar thaobh sráide an R336 gach lá i mbun picéid agus iad ag gearán faoin tslí inar ligeadh dá bpostanna siúd a bheith curtha i mbaol in uireasa cur chuige agus dea-chleachtais dlí agus riaracháin. Go bunúsach ligeadh óna bpostanna iad gan aon chothromaíocht nó cearta rialacháin oibreachais a leanúint.

Bhí ceisteanna an-mhaithe á gcur acu. Ina measc:

"Cén fáth a raibh cúrsaí airgeadais an chomhlachta fágtha faoi 'Riarthóir Airgeadais' a bhí, ag an am, fós faoi oiliúint?"

"Cén fáth nach bhfuil an Roinn Chomhshaoil sásta bualadh le toscaireacht Gaeltachta i bhfianaise go bhfuil maoiniú na Gaeltachta bronnta ar láimh d'Fhóram Chonamara i Leitir Fraic - eagras nach bhfuil an Ghaeltacht ar a léarscáil acu?"

I bhfianaise gur comhlacht náisiúnta a bhí in MFG, *"Cén fáth ar tugadh P45 d'oibrithe na hoifige i Ros Muc amháin?"*

"Cén fáth ar thóg sé trí ráithe ar Aire na linne gníomhú, i ndiaidh cruinnithe leis an bhfoireann faoina ngearáin agus faoina n-ábhar buartha, chun iad

Richard Boyd Barrett ag iarraidh Deilfeanna Bhono a shábháil

Conall Ó Móráin

Tá deilfeanna amach ó chósta Dheilginse agus caithfear iad a shábháil ón uafás. Mar a chéile tá cúpla gabhar ar Dheilginis agus loitfear an saol orthu siúd freisin – in ainneoin gur duine, agus ní ola, a d'imigh isteach ar an oileán céanna cúpla bliain ó shin agus a rinne slad ar na gabhair a bhí ann ag an am.

Cheapfá ón mhéid atá scríofa le seachtain anuas go raibh deireadh an domhain ar an mbealach. Seo de bharr go bhfuil pleananna ag comhlacht ola Providence Resources dul ar thóir ola agus gáis amach ó chósta Dheilginse, an bruachbhaile is galánta in Áth Cliath theas, áit ina gcónaíonn Bono, Enya agus roinnt mhaith milliúnaithe eile.

Agus tá Vincent Browne agus iriseoirí mór le rá eile ina gcónaí thart ar an mbaile beag tarraingteach freisin – rud atá tar éis cabhrú leis an phoiblíocht i gcoinne an togra nach bhfuil ach ag iarraidh fáil amach an bhfuil rud ar bith 800 méadar faoin bhfarraige ag pointe atá sé chiliméadar amach ón gcósta. Bheadh ort na súile is géire a bheith agat dá dteastódh uait aon chuid den ghnó a fheiscint mar cinnte ní chloisfeá dada an fad sin amach.

Anois, bhí cruinniú mór ag muintir na háite seachtain ó shin agus d'fhreastal an oiread sin daoine ar an gcruinniú go raibh orthu thart ar chéad duine a chur ó dhoras.



Deilginis, Baile Átha Cliath

Creidim go láidir sa daonlathas agus is maith liom go bhfuil muintir Dheilginse sásta freastal ar a leithéid de chruinniú, cruinniú ag ar labhair daoine ar nós an Teachta Dála Richard Boyd Barrett, an Tánaiste Eamonn Gilmore agus bhí Máire Harrington ó Shell Chun Sáile ann lena cuid tuairimí a nochtadh freisin.

Is féidir iad ar fad a fheiscint ar YouTube má tá sampla eile den ardfhimíneacht uait, cé nach bhfuil a leithéid de shamplaí gann sa tír seo.

Is é an seasamh ag Richard Boyd Barrett ná, mar is gnáth, go bhfuil sé i gcoinne na druileála. Cé nach ndeir sé an méid seo is soiléir go bhfuil sé sásta ola a ghlacadh ó thíortha cosúil leis an Araib Shádach, áit a bhfuil cos ar bolg ar mhná.

Ach níor mhaith leis go mbeadh ola 'Éireannach' á dhó againn mar go bhfuil teoiricí comhcheilge – atá chomh casta nach mbeadh spás sa nuachtán seo ina iomláine chun tráchtaireacht cheart a dhéanamh orthu – ag teacht amach as na cluasa aige.

De bharr nach féidir lipéad a chur ar ola a deir gurb í an Rúis nó an Chasacstáin 'tír a dhéanta', is féidir linn ár bprionsabail a lúbadh agus a chur taobh thiar dúinn mar nach n-oireann sé.

Ní dhéantar mórán tráchta ach an oiread gur ó fhoinsí núicléacha cuid dár leictreachas ar a ndéanann muid allmhairiú isteach sa tír seo.

Arís, tá sé ceart go leor go bhfuil stáisiúin ghinte leictreachais ag an mBreatain, óna dtagann roinnt dár leictreachas, ach in ainm Dé ná bíodh a leithéid sa tír seo. Fimíneacht ghlan amach an tuairimíocht sin.

Dúirt Eamonn Gilmore go gcuirfeadh sé ábhar imní na ndaoine a d'fhreastal ar an gcruinniú i nóta chucu siúd a bheidh ag tabhairt ceadúnas druileála do Providence. Gan faic a rá, i bhfocail eile, ní dúirt sé faic.

Agus ní raibh aon duine ró-chinnte cén ceangal a bhí idir Máire Harrington, Shell to Sea agus Deilginis ach bhí sí sásta a comhairle a roinnt leo siúd ag an gcruinniú pé scéal é.

N'fheadair conas a thaistil sí ó Mhaigh Eo mar gur dóigh go raibh ar dhuine éigin ola éigin a dhó chun síob a thabhairt dí chun teacht ar an gcruinniú.

Seo iad na fíricí. Gach lítear ola a thagann isteach sa tír seo, i bhfoirm peitril, ola innill agus ola le dó chun sinn a choimeád te, is ón iasacht a thagann sé.

Gach blúire de. Is muidne an tír is faide siar ón Rúis, áit óna dtagann an chuid is mó de ghás nádúrtha a dhóitear trasna na hEorpa. Cé, i gceann fiche bliain, go mb'fhéidir go mbeidh muid in ann roinnt bhreise dár bhfuinneamh a fháil ón ghaoth, ní bheidh am ann riamh nach mbeidh foinse éigin de bhreosla á lorg againn.

Céard a déarfadh Boyd-Barrett, Gilmore and Harrington dá stopfadh na Rúisigh ag pumpáil a gcuid acmhainní nádúrtha inár dtreo – rud a bhí orthu déanamh ceithre lá an tseachtain seo caite de bharr na dianaimsire atá fós á fulaingt ag daoine ar fud Oirthear na hEorpa?

Níl aon réalachas ag baint leo siúd nach bhfuil sásta go ndéanfadh muid, ar a laghad, iniúchadh chun fáil amach an bhfuil ola againn ar an gcéad dul síos.

Tá na deilfeanna céanna sa Mhuir Thuaidh agus atá againne agus tá a gcuid uimhreacha ag méadú an t-am ar fad – seo in ainneoin na druileála atá déanta ann agus na billiúin agus an billiúin bairille ola faighte acu.

Níl aon bhrú comhshaoil orthu. D'fhoghlaim mé rud nua le déanaí nach raibh ar eolas agam gur gabhaireoil an fheoil is forleithne nó is coitianta ar domhan. I bhfocail eile ní gá dúinn bheith róbhuartha faoi fhiche gabhar fiáin agus aon tionchar a bheadh ag druileáil orthu.

De réir mo chomhairimh tá stáisiún cumhachta núicléach ar chósta na Breataine, thart ar chéad ciliméadar ó chósta na hÉireann.

An cheist agamsa ná cén t-achar go gcaithfidh druileáil bheith uainn go nglacfaidh muid leis? An é go gcaithfidh sé bheith as amharc nó an bhfuil loighic eile ag baint leis?

Ní féidir linne, mar thír, droim láimhe a thabhairt do gach togra fuinnimh mar atá ag tarlú faoi láthair.

Mura bhfuil fonn orainn dul ar ais go dtí an capall agus cairt agus gan monarcha nó déantúsaíocht bheith fágtha sa tír, tá sé in am ag polaiteoirí deireadh a chur lena bhfimíneacht maidir leis an ábhar seo agus go mbeadh sé mar pholasaí acu uilig ar a laghad fáil amach an bhfuil aon ola nó gás thart ar ár gcósta.

Ina dhiadh sin tá mé sásta go gcoimeádadh na rialtóirí cuí slán muid ach faoi láthair, agus easpa eolais orainn, tá Boyd-Barrett agus a chairde cosúil le Don Quixote ag iarraidh muilte gaoithe, ar cheap Cíochótae gurbh fhathaigh iad, a shá.

ceisteanna fós le freagairt

á gcur ar an eolas faoi chás Ard-Chúirte a bhí á thógaint ag ball foirne in oifig Dhún na nGall?"

D'fhág na polaiteoirí an cinneadh faoi chomhlacht comhairliúcháin gnó, Mazars, iad faoi thairiscint le dul agus fiosrú an raibh gach rud ceart, cóir, cuí agus de réir dlí. Iarradh orthu freisin tuairim a nochtadh faoi inmharthanacht an chomhlachta.

I ndeireadh na dála, bheadh an chuid dheireannach den tairiscint ní ba thábhachtaí ná haon chuid eile de na téarmaí tagartha. *"An bhféadfaí an comhlacht a shábháil agus a choinneáil i mbun na ngnóthaí fónta a bhí chun leasa phobail na Gaeltachta mórthimpeall na tíre?"*

Tá tuairisc Mazars feicthe agam agus tá díol súntais a dhóthain le tabhairt faoi deara ann. I measc na nithe atá ann cáintear an bord – bord ar a raibh i bhfad Éireann an iomarca ball. Is droch-nós é sin atá ar fud fad na nGaeltachtaí, airím Údarás na Gaeltachta mar a bhfuil scór ball, agus le seachtar ball déag as ceathrar fichead a bhí molta ag an roinn bhí an iomarca ar bhord MFG freisin (cúigear dóibh ar an dá bhord!).

Bhí dualgais orthu dícheall cuí (*due diligence*) a chur i bhfeidhm - conas a bhféadfadh an líon sin daoine teacht ar chinneadh d'aon fhocal? Ní fhéadfadh!

Agus cá mhéad dóibh a raibh taithí ghnó acu? Mar is dual do bhoird dá leithéid bhí dornán ball le taithí ghnó de short amháin nó eile acu ach i ndáiríre, ba seo comhlacht le hocht n-oifig ar fúd na nGaeltachtaí a bhí ag riaradh caiteachais de dhá scór milliún euro gach bliain ar iliomad clár oibre, ag soláthar seirbhísí riachtanacha do dhaoine faoi mhíbhuntáiste. Bhíodar san i dteideal seirbhíse níos gairmiúla!

Níorbh aon ábhar iontais an cáineadh a deineadh ach ba mhór an díol spéise d'uile léitheoir na tuairisce go ndúirt Mazars go bhféadfadh MFG teacht slán as an riocht ina raibh sé agus go dtabharfaidís comhairle agus cúnamh d'fhonn san a dhéanamh.

Ba léir nár léigh baill an bhoird an tuairisc ina iomláine. Bheadh cúis anmhaith leis seo. Ní bhfuair na baill ar fad greim ar an dtuairisc. Ina áit fuair siad leathanach amháin ag an gcruinniú agus b'éigean dóibh a gcinneadh a bhunú ar an fhaisnéis a bhí air sin amháin. Ní fios go baileach cé a chinn nach mbeadh iomlán na tuairisce acu ach de réir dealraimh gur glacadh an cinneadh sin ag 'mion-chruinniú boird' an oíche roimh ré. Ba léir nár thuig siad dea-chleachtas gnó ach an oiread le dícheall cuí mar tá pointe amháin eile a tháinig chun cinn le déanaí. Aon chomhlacht a bhíonn ag soláthar seirbhísí do bhall stáit, cuma cén roinn, caithfidh dhá rud a bheith acu d'fhonn cead soláthair a dheimhniú; deimhniú imréitgh cánach agus banna árachais.

Glactar leis, d'ainneoin cleachtais amhrasacha éagsúla airgeadais go raibh a dteastas cánach ag MFG gach bliain. Glactar leis freisin go raibh banna árachais ag an gcomhlacht. Ciallaíonn an banna seo go mbíonn slánaíocht (*indemnity*) ag an roinn nó na ranna stát ó aon chaingean dlí a d'éireodh as aon easaontas.

Má ghlacaimíd leis go raibh a leithéid de bhanna ag MFG, cén fáth nár glaodh chun oibre é nuair a bhí a fhios ag an mbord faoin gcás Ard-Chúirte?

Níl aon chomhlacht gan locht ná smál agus ar léamh an cholúin seo, shamhlófá nach raibh aon mhaith in MFG. A mhalairt scéil a bheadh fíor; eagras díograiseach, dícheallach a bhí inti ach gan tuiscint ar ghnó nó ar reáchtáil.

Beidh cluas éisteachta dírithe ag an iliomad duine a bhíodh ag fáil seirbhíse ó MFG. Beidh agus ag na fostaithe a fágadh ar lár. Tá freagra agus níos mó tuillte acu.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Nicole agus Helena as Baile Átha Cliath ag baint sult as 'Paráid Bhuí Bolg' mar chuid de Fhéile Ceoil Bharra an Teampaill le déanaí. PIC: JAMES HORAN/PHOTOCALL IRELAND

Ag léamh Gaelscéal: Zara Ní Choistealbha ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar an lá a chuaigh ticéid ar díol do *'Arts Bál 2012'*. Beidh sé ar siúl in Óstán Bhóthar na Trá ar an gCéadaoin seo chugainn (15ú).

Emma Moore, Katie Moore agus Amy Caffery lena mamó, Anna Duffy, ag Lá na Seantuismitheoraí i Scoil Eoin Pól i Loch an Iúir, Dún na nGall . (EMG PHOTOS)

Tessie Green lena garchlann Joseph, Michael agus Ciara Greene ag Lá na Seantuismitheoraí i Scoil Eoin Pól i Loch an Iúir, Dún na nGall.

Katie agus Danny Ward a fuair duaiseanna ag ócáid a reáchtáil Cumann Peile Naomh Mhuire i dTír Chonaill. (EMG PHOTOS)

Lishín O'Hare ag bronnadh trófaí Shéamuis McElroy ar Jervis Óg McCaul toisc nár chaill sé amach ar aon lá scoile anuraidh i mBunscoil an Iúir sa Dún .

Grúpa ag ceiliúradh Lá Fhéile Bhríde ag tobar Naomh Bríde i gCathair Ard Mhacha ar an gCéadaoin seo caite.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Méadú mór ar thuairiscí foiréigin bhaile i gConamara

Máirtín Ó Catháin

TÁ a cheithre oiread glaochanna faoi fhoiréigean baile faighte le bliain anuas ag eagraíocht tacaíochta i gConamara agus a d'fhaighidís beagán blianta ó shin.

Fuair *Domestic Violence Response Ltd*. 3,500 glaoch ó dhaoine a bhí buartha faoi fhoiréigean baile in 2011, sin i gcomparáid le 900 in 2009. Tugann an eagraíocht seo cúnamh do mhná agus do ghasúir sa gceantar uilig siar ó imeall chathair na Gaillimhe.

Creideann cathaoirleach na heagraíochta, an tUrramach Anthony Previtie, gurb é an cúlú eacnamaíochta agus an trioblóid atá sé sin a chur ar theaghlaigh is ciontaí leis an méadú ar an líon glaochanna atá ag teacht isteach. Bunaíodh an eagraíocht fóirithinte seo trí bliana déag ó shin.

Sa gClochán a bhí oifig na seirbhíse san am sin; bhí an tUrramach Previtie ina mhinistéara de chuid Eaglais na hÉireann sa gceantar sin an uair sin.

Aistríodh an tseirbhís go dtí an scoil i Sraith Salach roinnt blianta ina dhiaidh sin. Athraíodh an tseirbhís go hUachtar Ard níos deireanaí agus tá oifig acu ansin anois.

Níl aon amhras ar Anthony Previtie ach go bhfuil an lagtrá eacnamaíochta ina chionsiocair le go leor den trioblóid.

Dúirt an tUrramach Previtie nach leithscéal é sin le dhul i mbun foiréigin ach go dtugann sé léargas ar an gcúlra atá ann. "Bíonn daoine faoi bhrú agus mí-fhoighdeach nuair a bhíonn airgead gann," arsa Anthony Previtie "agus d'fhéadfadh eachtraí argóna tosnú ach ní shin údar ná leithscéal...ná míniú sách maith ar fhoréigean baile."

"Bíonn daoine faoi bhrú agus mí-fhoighdeach nuair a bhíonn airgead gann," arsa Anthony Previtie. "Mar shampla, nuair a bhíonn fir gan obair bíonn siad thimpeall an tí go minic agus bíonn chuile dhuine tuirseach den tsaol... agus is fánach an chaoi a dtosaíonn argóint agus eachtraí níos measa ná sin."

Tá stiúrthóir lán-aimseartha agus deichniúr oibrithe páirt-aimseartha ag obair faoi scáth *Domestic Violence Response Ltd*.

Chomh maith leis sin tá roinnt oibrithe deonacha acu freisin. Faightear airgead ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó áisíneachtaí Stáit eile.

Bailítear roinnt airgid ón bpobal freisin. Ach tá an eagraíocht dá shaothrú agus an obair a choinneáil ag imeacht. Tá seirbhís teileafóin acu ón 9 go dtí an 5 chúig lá na seachtaine.

Scaití téann siad amach chuig daoine, tugtar cúnamh ar an teileafón agus téann siad chun cúirte in éineacht le daoine amannta. Dúirt bean labhartha sa tseirbhís go bhfuil fadhbanna foiréigin bhaile chuile áit i gConamara thuaidh agus theas. "Ní fhéadfá a rá go bhfuil ceantar ar bith níos suntasaí ná a chéile," a deir sí.

Seo í an uimhir teileafóin don eagraíocht: 091-866740. Tá an oifig in Uachtar Ard.

Na Forbacha

As áit ar bith ar domhan...turas fillte abhaile!

Máirtín Ó Catháin

TURAS fillte abhaile as áit ar bith ar fud an domhain! Sin í an duais Lá Fhéile Pádraig atá le fógairt go gairid do dhuine éigin thar lear atá ag cuidiú lena chumann peile/iománaíochta baile ar chóras idirlín an chomhlachta *Local Lotto.ie*

Comhartha aitheantais agus buíochais é an duais seo do dhaoine ar fud na cruinne atá ag tacú lena gcumann áitiúil fiú agus go bhfuil siad as baile, a deir stiúrthóir Local Lotto.ie, Warren Ó hÉallaithe. Tá an comhlacht atá lonnaithe sna Forbacha ina cheangal idir na mílte imirceach agus na cumainn sa mbaile; tá deis ag na daoine seo i gcéin an lotto áitiúil a dhéanamh ar an idirlíon.

Dúirt Warren Ó hÉallaithe go gcuirfear ainm chuile dhuine atá ag cuidiú lena gcumann baile thrí sheirbhísí an chomhlachta isteach sa gcrannchur agus go bhfógrófar ainm an bhuaiteora i dtús an Mhárta. "Bhí muid dá cheangal isteach le Lá Fhéile Pádraig," a deir Warren, "ach is féidir leis an mbuaiteoir a theacht abhaile ar an ticéad a rogha féin tréimhse den bhliain."

Dúirt Warren Ó hÉallaithe go gcuireann an duais seo leis na seansanna atá ag imirceoirí buachtáil a bheith acu as imirt an lotto baile chuile sheachtain. "Chomh maith leis an seans atá acu ar roinnt airgid a bhuachtáil ar an lotto sa gcumann tá an ticéad abhaile seo ann lena chois sin anois freisin."

Cuireann an comhlacht Local Lotto.ie an tseirbhís seo ar fáil anois do 555 cumann de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael ar fud na hÉireann.

Tá 10% de mhargadh na gcrannchur áitiúil de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael ag an gcomhlacht Local Lotto.ie anois. Mhéadaigh an líon daoine thar lear a thugann iarraidh faoin Lotto áitiúil ar an idirlíon go mór ó thosaigh daoine ag dul ar an imirce go tréan aríst.

In 2007 a bunaíodh an comhlacht Local Lotto.ie.

Tá cúigear fostaithe sa gcomhlacht sna Forbacha.

An tAire Scileanna agus Oiliúna, Ciarán Cannon, (an tríú dhuine ó chlé), ag féachaint ar scileanna i ndéantús báid ag an Ionad Breisoideachais i Ros Muc, Co. na Gaillimhe, Dé hAoine seo caite. Sheol an tAire clár nua Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe "Treorú Muirí agus Tuaithe/Dúiche" i gcomhar le Fáilte Éireann agus Údarás na Gaeltachta. Sa phictiúr leis an Aire, tá: Seosamh Mac Donncha PF agus Eithne Nic Dhonnchadha, Aos Oideachas, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Pádraig Connolly, Donncha Mac Donnchadha, Seán Ó Curraoin, Cólman Mac Donnchadha, Seán Furey agus Michael Conroy. PIC: SEAN O MAINNIN

Maigh Eo

Challenge the Greenway

Katie McGreal

SIÚLFAIDH nó rothóidh grúpa ó Oileán Acla go Cathair na Mart ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair ar an Satharn, 18 Márta le hairgead a bhailiú d'fhiobróis chisteach.

Is turas 26 míle atá ann. Deirtear go dtógfaidh sé thart ar ocht n-uair an chloig lena shiúl agus thart ar thrí uair an chloig lena dhéanamh ar rothar.

Tabharfar an t-airgead d'Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo ionas gur féidir leo aonad cúram lae speisialta a thógáil do dhaoine a bhfuil fiobróis chisteach orthu.

Beidh dhá sheomra leapa le seomraí folctha san aonad, seomra cóireála, cistin, saotharlann, halla gleacaíochta do chóireáil agus neart áiseanna eile.

Táthar ag siúl le €400,000 a bhailiú don ospidéal le linn an imeachta seo. Tá míle euro ag teastáil chun an t-aonad seo a thógáil ach bhailigh siad €600,000 cheana.

Is galar giniteach é fiobróis chisteach. Cuireann sé isteach ar do chóras díleáite agus scamhóga agus, mar sin, bíonn neart ionfhabhtuithe cliabhraigh ar na daoine atá ag fulaingt leis an ngalar agus íslíonn sé d'ionchas saoil.

Beidh fáilte roimh chách ag an tsiúlóid seo agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.challengethegreenway.com

SAORVIEW
LEICTRŌ CHONAMARA
oifig: 091 595 092
gach seirbhís teilifíse dhigiteach
all digital television services
glaoch ar / call
John Walsh 087 235 7096
official saorview agent seirbhis SKY agus FREESAT

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Feabhra, 2012

Conamara

Gradam Niocláis Tóibín le bronnadh ar Amhránaí Sean-Nóis Iorras Aithnigh

Áine Ní Chuaig



"NÍ sheasfar liom anois," a deir Johnny Mháirtín Learaí Mac Donnchadha, a mbronnfar Gradam Niocláis Tóibín air sna Déise ag an deireadh seachtaine. "Point Theatre, Páirc an Chrócaigh, Carnegie Hall... Ní céadta a bhéas i gceist níos mó ach millte - airgead mór!"

Is sa Rinn i gContae Phort Láirge a reáchtálfar an tionól bliantiúil i gcuimhne ar an bhfonnadóir clúiteach, Nioclás Tóibín, a bhásaigh sa bhliain 1994.

Tá ríméad ar fhear Iorras Aithnigh gur air féin a bhronnfar gradam na féile i dTigh an Cheoil ar an Aoine. Cé go raibh scéala faighte aige chomh fada siar le Deireadh Fómhair seo caite, deir sé go raibh 'dearmad glan' déanta aige go raibh an gradam seo le bronnadh air.

"Is é Tom Davis i mBaile Átha Cliath a chuir i gcuimhne dom é faoi Nollaig agus chuala mé fógartha ar an raidió é ansin le gairid," a deir an t-amhránaí sean-nóis le Gaelscéal.

Is as Leitir Ard i gCarna do Johnny Mháirtín Learaí agus is as tobar an dúchais áitiúil a fuair sé a chuid amhrán. "Bhí roinnt amhrán ag mo mháthair agus athair ach is ó leithéidí Sheáin 'ac Dhonncha, Sheosaimh Uí Éanaí, Seán Choilm Mac Donncha agus a mhac Dara Bán, Seán Jeaic Mac Donncha agus a bheirt mhac, Josie agus Johnny, is mó a fuair mé mo chuid amhrán."

"Théadh muid suas Tí Phádraig Rua go minic an t-am sin," a deir Johnny, ag tagairt don teach ósta i Maíros a raibh caill mhór na n-amhrán air ag an am ach atá dúnta anois le fada an lá.

Thug Johnny leis Corn Uí Riada sa bhliain 1985 agus tá go leor turas déanta aige thar na blianta ag glacadh páirte i bhféilte. Go deimhin, ní hé seo an chéad uair aige ag tabhairt cuairte ar an Rinn, áit a bhfuil clár imeachtaí den scoth beartaithe de thionól na bliana seo.

Déanfar ceiliúradh ar shaol agus saothar Niocláis Tóibín, a rugadh sna Déise i 1928, ag ócáid speisialta a reáchtálfar ar an Satharn ag 3.30in. Caithfear súil siar ar shaol, amhráin agus tionchar an amhránaí a bhain éacht amach nuair a thug sé leis príomhchomórtas amhránaíochta sean-nóis an Oireachtais trí huaire as a chéile in 1961, '62 agus '63, gníomh nár sáraíodh riamh roimhe ná ó shin.

"Bhí Nioclás Tóibín ar cheann de na hamhránaithe ba bhreá a bhí ann," a deir Johnny Mháirtín Learaí. "Is i gCarna a fuair mé an chéad amharc riamh air, ag ceolchoirmeacha Ghael Linn na blianta fada ó shoin... bhíodar ag déanamh camchuairte agus bhí sé ar stáitse sa halla in éindí leis an veidhleadóir Seán Maguire."

Ba sna seachtóidí a chuir Mac Donncha agus Tóibín aithne cheart ar a chéile, nuair a ghlacadar beirt páirt i gclár raidió de chuid SBB a bhí le craoladh ar Lá Fhéile Stiofáin.

"Bhí Johnny Joe Pheatsín (Mac Donncha), John Joe Forde agus Paddy Carty páirteach sa chlár freisin," a deir Johnny.

"Chaith muid an oíche tí Sheáin Bán Breathnach agus bhí muid ina suí go maidin!" Ní hiad na hamhráin a bhí faoi chaibidil ar chor ar bith an oíche úd, a deir Johnny, ach an iascaireacht.

Tá Johnny ag tnúth go mór le taisteal chun na Rinne ar an Aoine i gcomhluadar Mheaití Jó Shéamuis Uí Fhatharta agus Johnny Connolly, beirt eile as Conamara a bheidh ag glacadh páirte i gceolchoirm mhór na féile oíche Shathairn.

Tá breis eolais faoin tionól agus faoi chúrsaí lóistín le fáil ó 058-46407 / 086-8565569.

Cathair na Gaillimhe

Ceol Cois Tine i gClub Árus na nGael

Áine Ní Chuaig

BEIDH an sárcheoltóir consairtín agus buaiteoir Ghradam Ceoil TG4 2011, Noel Hill, ag seinm i gClub Áras na nGael ar an Satharn beag seo, 11 Feabhra. Tá muintir an Chlub ag leanúint leis an tsraith oícheanta siamsaíochta a bhí ar bun ansin ar feadh an gheimhridh.

Reáchtáiltear na hoícheanta ceoil sa Chlub gach Satharn agus bíonn aíonna éagsúla i láthair, ina measc leitheidí Pháidí Breathnach, Seosamh Ó Fatharta, Maidhc Ó hÉanaigh, Simon Delaney, George Grasso, James Frawley agus tuilleadh nach iad.

"Ireland's greatest concertina player," a thug Séamus Ennis ar an gCláiríneach, a bhfuil a chuid fréamhacha curtha síos aige i gConamara le roinnt mhaith blianta anuas.

Tá an domhan siúlta ag Noel Hill lena bhoiscín beag ceoil, ag roinnt stíl thraidisiúnta an Chláir le lucht éisteachta ar fud na Stát Aontaithe, san Eoraip, sa tSín agus san Astráil.

Tá cáil i bhfad agus i gcéin air mar theagascóir ceoil agus tugann sé ranganna ar fud na tíre go rialta.

Cuirtear tús leis an scléip agus an tsiamsaíocht ag 9.30in gach oíche Shathairn sa Chlub ar Shráid Doiminic. Is seisiún bríomhar neamhfhoirmeálta a reáchtáiltear cois tine ina gcuirtear fáilte roimh cheoltóirí, amhránaithe, dhamhsóirí agus éisteoirí.

Is deis mhaith atá ann freisin d'fhoghlaimeoirí a gcuid Gaeilge a chleachtadh ar a gcompord in atmaisféar taithneamhach.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le himeachtaí agus ranganna a eagraíonn Árus na nGael a fháil tríd teagmháil a dhéanamh le Conradh na Gaeilge, 45 Sráid Doiminic, Gaillimh / 091-567824 nó seol ríomhphost chuig: conradh@bradan.iol.ie

Noel Hill, Meadhbh Toland agus Diarmuid Hurley i mbun seisiún cheoil cois tine i gClub Áras na nGael.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cill Mhantáin

Faoiseamh tuille €28m do Bhrí Chualainn

Colm Ó Broin

TÁ €28 milliún curtha ar fáil ag an rialtas le haghaidh obair fhaoiseamh tuile i mBré, Co. Chill Mhantáin. D'fhógair an tAire Stáit Brian Hayes an maoinú faoi Chlár Bhainistíocht Riosca Tuile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Déanfaidh Comhairle Bhaile Bhré an obair fhaoisimh ar Abhainn na Deargaile.

Tógfar tóchair, claífoirt agus ballaí cosanta tuile mar chuid den obair agus déanfar leathnú ar chainéil chomh maith.

Buaileadh an baile go dona le linn Spéirling Charlie in 1986, Bré Beag ach go háirithe.

"Bhí roinnt mhaith tuilte sa cheantar seo le 100 bliain anuas," arsa an tAire. "Cosnóidh an scéim seo thart ar 650 teach mar aon le hocht bhfoirgneamh tráchtála. Beidh sé in ann déileál le tuile a tharlódh uair amháin gach 300 bliain," ar seisean.

"Ag an am seo tá cinntí deacra le déanamh le cloí leis na srianta géara airgeadais atá i bhfeidhm i láthair na huaire, ach léiríonn an maoinú suntasach seo go n-athnaíonn an Rialtas an tionchar tromchúiseach pearsanta agus eacnamaíochta a bhaineann leis na tuilte seo."

Baile Átha Cliath

Margadh dearthóirí ar ais i mbliana

Katie McGreal

THOSAIGH an margadh ceardaíochta 'Designer Mart' arís ar an Satharn seo caite i Lána na mBó ar Shráid Essex i mBaile Átha Cliath. Bíonn sé ar siúl ar shráideanna Bharra an Teampaill gach Satharn ó 10rn go 5in.

Bíonn thart ar 25 dearthóir atá lonnaithe in Éirinn nó ar Éireannaigh iad ann ag díol meascán mór de tháirgí.

Baile Átha Cliath

Rath ar aistriú imreoirí chuig na Gaeil Óga

Colm Ó Broin

TÁ Bord Contae CLG Bhaile Átha Cliath tar éis glacadh le beagnach gach iarratas aistrithe chuig na Gaeil Óga. Rinne 23 imreoir a bhí cláraithe le cumainn eile sa chontae iarratas aistrithe agus d'éirigh le 21 ceann acu go dtí seo.

"Tá muid iontach sásta go bhfuil Bord an Chontae ag glacadh leis na hiarratais," arsa Ciarán Ó Féinneadha, bainisteoir na foirne.

Bhí formhór na n-imreoirí a bhí cláraithe le cumainn eile éirithe as an bpeil le tamall ach mealladh iad ar ais chun páirce nuair a tugadh deis dóibh imirt ar fhoireann lán-Ghaeilge. Tá roinnt imreoirí a bhí cláraithe le foirne lasmuigh de Bhaile Átha Cliath tar éis aistriú chomh maith.

Dhiúltaigh Bord Bhaile Átha Cliath do thrí iarratas a rinne imreoirí a bhí cláraithe le Cumann Naomh Marcais, Cumann Thomáis Daibhís agus Cumann Naomh Pádraig Bhaile Phármar .

Tá comhréiteach aontaithe ag Cumann Naomh Marcais le Ciarán Mac Fhearghusa ó shin i leith áfach - beidh cead aige peil a imirt leis na Gaeil Óga agus iomáint le Naomh Marcais, atá lonnaithe i dTamhlacht. Diúltaíodh cead do Mhícheál Ó Nualláin aistriú ó Thomás Daibhís, atá lonnaithe i dTamhlacht chomh maith, agus d'Aindriú Ó Treasaigh a imríonn le Naomh Pádraig.

D'éirigh le hiarratais a rinne cúigear imreoir eile de chuid Naomh Pádraig aistriú a fháil áfach.

Tá triúr bogtha ó na Sairséalaigh i Leamhcán chuig an gcumann lán-Ghaeilge, mar aon le beirt ó Chill Mochuda Na Crócaigh agus Naomh Uinsionn. Tá imreoir amháin aistrithe ó gach ceann de na cumainn seo a leanas: Naomh Oilibhéir Pluincéid Eoghan Ruadh, Na Fianna, Fine Ghallainn, Rath Eanaigh, Cumann an Chloigthí Chluain Dolcáin, Teach Mealóg Sráid Singe, Scoil Uí Chonaill agus Naomh Barróg. Bunaíodh na Gaeil Óga anuraidh agus tá thart ar 80 imreoir cláraithe acu ó shin i leith. Déanann siad traenáil ar pháirceanna Chumann Camógaíochta Bhaile Átha Cliath i bPáirc an Fhionnuisce.

Chuir na Gaeil Óga dhá fhoireann chun páirce den chéad uair riamh ag deireadh mhí Eanáir.

D'imir an dá fhoireann cluichí cairdiúla in éadan foirne ó Chumann Thomáis Daibhís. Chaill Foireann A na nGael Óg 2-7 in aghaidh 0-7 agus chaill Foireann B 3-4 in aghaidh 0-2.

Beidh an dá fhoireann i bhfo-rannóga éagsúla de chuid Roinn 10 sa tSraith i mbliana agus tabharfaidh siad aghaidh ar Ghaeil Naomh Shéamais agus Ráth Éanna faoi seach an Domhnach beag seo.

Tá foireann pheil na mban tosaithe ag na Gaeil Óga chomh maith agus é mar aidhm ag an gcumann foirne iomána agus camógaíochta a bhunú gan mhoill.

Tá sé i gceist ag na Gaeil Óga foirne faoi aois a thosú amach anseo freisin.

Grúpa de na mic léinn a d'fhreastail ar Choláiste Samhraidh i gCeatharlach anuraidh

Tá táirgí ann ón gceirmeoir, Colm de Rís, chomh maith le táirgí ón ealaíontóir, Nicole Tilley, ón deileadóir adhmaid Kieran Reynolds agus ón dearthóir faisin, Chupi.

Tá Ann Marie Flanagan ó Honeybee Headwear a dhíolann hataí beaga do mhná nua sa mhargadh i mbliana. Tá táirgí leathair do mhná agus fir ar fáil i mbliana freisin ó ThunderSolas agus bíonn pictiúir, málaí, éadaí, seodra, fearastú agus neart eile ar fáil ar na steastáin áirithe chomh maith.

Tá tuilleadh eolais faoin margadh ar fáil ó Temple Bar Cultural Trust ar www.templebar.ie.

Oirialla

Ciorcal Comhrá Ó Méith Mara

MÁS sna cartlanna fuaime amháin a mhaireann Gaeilge Ó Méith Mara inniu chan ionann sé sin is a rá go bhfuil an teanga marbh sa pharóiste seo cois teorann i gContae Lú.

Bíonn Ciorcal Comhrá Ó Méith á eagrú ag bunadh Ó Méith gach seachtain in 'Cornamucklagh House', Cor na Muclach, nó 'Pat Davey's' mar a bhíodh lá den tsaol, díreach ar an teorainn idir an tIúr agus Ó Meith. Bíonn sé ar siúl gach oíche Chéadaoin ag 9:00in.

Bíonn thart fá ochtar nó deichniúr ann gach seachtain ach bhí 25 ann oíche amháin ar na mallaibh mar sin má tá fonn ar dhuine ar bith bualadh isteach beidh fáilte rompu i gcónaí.

Coláiste Samhraidh do dhéagóirí i gCeatharlach arís

Katie McGreal

BEIDH Coláiste Samhraidh do dhéagóirí ar siúl arís i mbliana i nGaelcholáiste Cheatharlach i rith an tsamhraidh seo. Tá an cúrsa oiriúnach do dhaltaí ó rang a sé sa bhunscoil go daltaí atá ag déanamh na hArdteiste. Tosóidh sé ar 2 Iúil ar feadh coicíse ó Luan go hAoine, 9.30rn - 1in.

Tá an coláiste dírithe ar dhaltaí atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid scileanna labhartha agus scríofa sa Ghaeilge. Cuirfear meascán maith de chomhrá agus gramadach ar siúl sna ranganna foirmiúla. I ndiaidh na ranganna, beidh cluichí cainte, díospóireachtaí, amhránaíocht, spórt, rince céilí agus neart imeachtaí eile ar siúl.

Seo an ceathrú bliain den choláiste samhraidh seo i gCeatharlach agus is féidir clárú don choláiste anois ag oifigí Ghlór Cheatharlach ar 059 9158105 nó eolas@glorcheatharlach.ie.

Praghas ticéid ar Bhus Átha Cliath le hardú, arís

Katie McGreal

GHLAC an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis an iarratas a sheol Bus Átha Cliath isteach chun praghsanna ar thicéid réamhíoctha a ardú 5.6% ar an Aoine seo caite.

Tiocfaidh na harduithe i bhfeidhm ar an Domhnach, 19 Feabhra ar na ticéid fánaíochta agus na ticéid deich dturas.

Tuigtear go gcaithfidh siad praghas na dticéad réamhíoctha a ardú ionas go mbeadh ailíniúchán idir na ticéid sin agus na táillí airgid mar d'ardaigh siad praghas na dtáillí airgid ag tús mhí Eanáir.

Ardóidh praghas an ticéid 'Travel90, deich dturas' do dhuine fásta 13.2%, ó €19 go €21.50 i ndiaidh 19 Feabhra. Sin an t-ardú is mó. Ardóidh an 'Travel90, deich dturas' do dhaltaí 50 cent.

Tá tuilleadh eolais faoi na harduithe ar fáil ar shuíomh an Údaráis Náisiúnta Iompair, www.nationaltransport.ie.

Slua i gColáiste na Tríonóide a ghlac páirt san fhéile Éigse na Tríonóide a bhí ar siúl sa choláiste an tseachtain seo caite.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Feabhra, 2012

200 ag léirsiú ag Ospidéal Nua an Daingin

Breandán Mac Gearailt

BHÍ suas le dhá chéad duine ag léirsiú sa bháisteach lasmuigh d'ospidéal nua an Daingin ar an Aoine seo caite nuair a tháinig an tAire Sláinte, an Dr James Reilly TD, chun an t-ospidéal a oscailt go hoifigiúil.

Is baolach go bhfuil stair chasta ag an ospidéal a tógadh roinnt bheag blianta ó shoin agus a bhí meáite freastal ar 72 othar. Ach bhuail seacht máchailí an tsléibhe an cúram mar thóg sé tamall fada sara rabhthas sásta go raibh nithe áirithe a bhain leis an struchtúr sásúil. Roimhe sin bhí sean-ospidéal an Daingin in úsáid ó aimsir an Ghorta Mhóir.

Deirtear go raibh suas le 5,000 duine plódaithe sa mhullach ar a chéile sa seanfhoirgneamh trí urlár agus i mbotháin a bhí tógtha timpeall air.

Le blianta maithe bhí an seanospidéal ina ospidéal ceantair gan ach slí ann do 43 othar ar dhá urlár.

Measadh go raibh an seanospidéal róbheag le friotháilt ar riachtanaisí sláinte an cheantair agus tar éis morán cur agus cúitimh beartaíodh an t-ospidéal nua 72 leaba a thógaint.

Nuair a aistríodh na hothair ón seanospidéal bhí, más fíor, 46 othar san ospidéal nua. B'shin anuiridh. Is mar sin atá ó shoin ach le deireanas thit an líon othar go daichead. Níl aon teora leis an scliúchas cainte atá ar bun ó shoin. Chosain an t-ospidéal nua €16.4 milliún agus, mar a dúirt Seosaimh Ó Conchúir Ó Chumann Cearta Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, níl ach fastaoim ar bun ag na húdaráis. Dúirt sé go raibh scéala ag TD de chuid Fhine Gael ar Raidió na Gaeltachta agus Radio Kerry, ag cur in iúl ná beadh aon ísliú ó 46 leaba. San am ní raibh ach 40 leaba in úsáid. Scaoileadh le triúr othar an tseachtain roimhe sin. "Tuigtear," ar sé, "go bhfuil cúigear banaltra ag fágaint an mhí seo, cé go measaim go bhfuil duine acu imithe cheana. An fhadhb is mó ná go meastar ná ceapfar aon duine ina n-ionad. Sa chás san dúirt banaltra liom go mbeadh sé dodhéanta cúram ceart gairmiúil a dhéanamh dos na hothair a bheadh féna gcúram."

Thug an tAire le tuiscint go raibh an Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mbun meastóireachta ar ospidéil fé láthair agus ná raibh an toradh ar fáil fós.

"D'iarramar cruinniú leis an Aire," arsa Áine Máire Ní Ghearailt ón eagraíocht Sláinte Chorca Dhuibhne, "ach diúltaíodh dúinn.

Bhí cuid des na daoine a bhí ag léirsiú ar buile ar fad. Dar le scata acu go raibh ábhar magaidh déanta d'othair an cheantair." "Dá ainnise a bhí cúrsaí sa seanospidéal," arsa Pádraig Ó hAinifín, cé go raibh ar scata othar dul thar ceantar amach, mar ná raibh aon tigh banaltrais laistiar den gCam ná spás san ospidéal, ach is measa anois é - tá daoine anois á seoladh caoga, seasca, agus seachtó míle ó bhaile," dar leis. Chaith Ó hAinifín blianta ina Chathaoirleach ar Chumann Otharcharr Éireann agus is é an príomhpharaimhíochaineoir san ospidéal é.

Mheas an gníomhaí pobail Colm Ó Bambaire go raibh fíricí na nÚdarás Sláinte, an Aire agus a chuid cairde Dálaag teacht salach amach agus amach ar chroí an scéil. "Sórt magaidh mheasfá é seo," dar leis. Mheas Siobhán Uí Shé, máthair na bpeileadoirí contae Marc, Darragh, agus Tomás, a bhíonn coitianta ag cabhrú le seandaoine "Caithfidh ná raibh aon trócaire fágtha i gcroí na ndaoine seo.

Cén saghas Aire nó rialtais a cheadódh a leithéid de phraiseach?" ar sí. "Is trua aon duine aosta atá ag brath ar an gcóras sláinte áitiúil anso fé láthair."

"Dá fhad siar a bhíonn tú," arsa Tom Fleming TD (Neamhspleách [NS]), "is ag maolú atá ar an tseirbhís." Mheas Michael Healy-Rae TD (NS) gur ábhar náire d'aon rialtas cás Ospidéal Nua seo an Daingin.

"Níl aon tuiscint ar an scéal seo ach is iad muintir an cheantair atá thíos leis," arsa an Comhairleoir Michael O'Shea (FF). Dúirt an Seanadóir Marcas Ó Dálaigh (FF) go raibh cás an Daingin 'dochreite' agus i súile mhuintir an cheantair gur dócha go bhfuil sé 'do-mhaite'.

Bhí an Dálach ar an chéad duine ar an láthair ar a 11.40 mar fuair sé an t-am mí-cheart don oscailt a bhí meáite ar 12.45. Tháinig an tAire ar 13.35, rud a fhág an Dálach agus go leor eile ina lipíní báite. Orthu siúd a bhí 'istigh' sa bhfoirgneamh don oscailt bhí an TD Brendan Griffin, na comhairleoirí Fitzgerald agus Donavan agus Méara Chiarraí, an Comhairleoir Tim Buckley. I láthair chomh maith bhí na hAirí Jimmy Deenihan TD agus Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD.

Ar na manaí a bhí ar crochadh ar an lá, bhí cinn mhagaidh mar 'Dochtúir na bPiast,' 'Téir abhaile a Fhéasóigín,' 'Gruagach an Chriathair', 'Á oscailt - Á Dhúnadh'. Níor fágadh 'South Doc' atá ina chás mór gearáin sa cheantar le breis agus dhá bhliain gan scóladh. Cé go raibh fáilte roimh chách go dtí an léirsiú, mheas go leor daoine go mba aisteach é gur i mBéarla amháin a bhí manaí bhaill Shinn Féin.

Go deimhin is doiléir agus míádhmharach é mar scéal, arsa Áine Máire Ní Ghearailt agus í ag tagairt don gcíorthuathail i gcúrsaí sláinte atá adhanta sa cheantar.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Corcaigh

Plean seirbhíse HSE le fógairt ag Fóram Réigiúnach Sláinte

Seán Ó Loingsigh

TÁ lá na cinniúna tagtha maidir le hospidéil phobail i gCúige Mumhan agus cruinniú d'Fhóram Réigiúnach Sláinte le tionól amárach (Déardaoin) i gCorcaigh.

Cuireadh in iúl le déanaí go bhfuil sé i gceist ag an HSE suas le 900 leaba a dhúnadh i dtithe altranais phoiblí fud na tíre, agus meastar go bhfuil 180 leaba i mbaol in ospidéil phobail i gCúige Mumhan.

Tá feachtas faoi lán seoil i gceantar Mhúscraí chun ospidéal pobail a mheastar a bheith i mbaol a bheith dúnta, a chosaint ó chiorruithe an HSE.

Is áis phoiblí é Ospidéal Mhaigh Chromtha a chuireann cúram altranais ar fáil do sheanóirí Mhúscraí.

Tá 38 othar san Ospidéal faoi láthair - cuireadh imní ar an bpobal le déanaí nuair a dúirt an tAire Sláinte James Reilly go mbeadh sé deacair ospidéil le níos lú ná 50 leaba a choimeád.

D'fhreastail 350 duine ar chruinniú poiblí a reachtáladh in Óstán an Chaisleáin i Maigh Chromtha chun imní an phobail a phlé maidir leis an ospidéal áitiúil.

Ag an mbord ar barr bhí baill den lucht eagraithe - ina measc bhí comhairleoir baile Mhaigh Chromtha Connie Foley a d'fhág páirtí an Lucht Oibre le déanaí, agus iarrthóir áitiúil Shinn Féin le cúpla toghchán anuas, Des O'Grady.

I measc an tslua bhí na Teachtaí Dála Michael Creed (FG) agus Michael Moynihan (FF) chomh maith le comhairleoirí baile agus contae.

Agus iad ag labhairt leis an slua mór dúirt Foley agus an Grádach gur feachtas neamhpholaitiúil a bhí ar bun acu ina dteannta siúd go bhfuil baill dá gclanna mar othair in Ospidéal Mhaigh Chromtha.

B'iad baill an phobail ba láidre a labhair ag an gcruinniú, ag cur síos ar an sár-chúram atá á chur ar fail dá muintir san Ospidéal. Ina measc bhí Pádraig Ó Duinnín, an tógálaí báid agus fear Mheitheal Mara ó Chúil Chomhair, a dúirt go raibh sé scanrúil a cheapadh go bhféadfaí Ospidéal Mhaigh Chromtha a dhúnadh.

Chuir Teachta Dála áitiúil Fhine Gael Michael Creed in iúl don gcruinniú go raibh sé cinnte nach bhfuil baol ann go ndúnfar Ospidéal Pobail Mhaigh Chromtha, agus go raibh sé tugtha le fios ag lucht bainistíochta an HSE sa cheantar d'ionadaithe ceardchumainn nach raibh an t-ospidéal i Maigh Chromtha ná aon ospidéal pobail eile le dúnadh.

Mar sin féin tugadh bualadh bos don gcomhairleoir neamhspleách Connie Foley nuair a dúirt sé nach raibh aon deatach gan tine.

Toghadh dáréag ar choiste gnímh nuabhunaithe leis an gcomhairleoir baile neamhspleách Connie Foley mar Chathaoirleach, Des O'Grady mar Leaschathaoirleach, duine eile den lucht eagraithe Anna Sheehan mar Rúnaí, agus Pádraig Ó Duinnín mar Chisteoir.

Cuireadh síos ar an ndúshlán atá ann maidir leis an ospidéal sna blianta amach romhainn - cé go moltar cúram na n-othar sa tuarascáil is déanaí ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), luaitear sa tuarascáil go bhfuil gá le feabhas a chur ar áiseanna san ospidéal chun riachtanais Acht Sláinte 2007 a chomhlíonadh agus chun cloí leis na caighdeáin cháilíochta náisiúnta atá leagtha síos d'áiseanna chúram seanóirí.

De thoradh cigireachta a dhein HIQA ar áiseanna an Ospidéil dhá bhliain ó shin, dúradh nach raibh áiseanna leapa ná spás cuideachtan oiriúnach go leor ann, agus nach raibh dóthain áiseanna sruthlaithe, stórála ná go leor áiseanna níochán éadaí san ospidéal.

I 2008 thug Comhairle Contae Chorcaí cead pleanála don HSE chun oibreacha sínithe agus athchóirithe a dhéanamh san ospidéal, ach ag an gcruinniú poiblí i Maigh Chromtha tugadh le fios nach raibh maoiniú ar fáil chun na hoibreacha a dhéanamh.

Cé gur mhol tuarascáil HIQA leibhéal an chúraim atá á chur ar fáil in Ospidéal Pobail Mhaigh Chromtha, táthar buartha go n-úsáidfear easpa na n-áiseanna cuí mar chúis chun an t-ospidéal a dhúnadh.

Ag cruinniú de chuid na Comhairle Contae le déanaí glacadh d'aonghuth le rún a bhí an an gcomhairleoir Aindrias Ó Muimhneacháin (FF) ó Chúil Aodha a d'iarr ar an Aire Sláinte agus ar an HSE geallúint a thabhairt nach bhfuil sé i gceist Ospidéal Pobail Mhaigh Chromtha a dhúnadh, agus soiléiriú a chur ar fáil maidir le cad é go díreach atá i ndán don ospidéal.

Tá sé tugtha le fios ag HSE an Deiscirt an tseachtain seo go mbeidh a bpleananna maidir le hospidéil phobail ó dheas á gcur in iúl acu amárach ag an gcruinniú d'Fhóram Réigiúnach Sláinte a thionólfar i Halla an Chontae i gCorcaigh.

Bhuail an tAire Stáit Gaeltachta, Dinny McGinley T.D. le Treasa Ní Mhainín, Príomhfheidhmeannach Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo (ESG) agus le Pádraig Feirtéar (comhalta Boird ESG Teo) le chéile ar an Aoine seo caite chun cás na gciorruithe ar scoileanna Gaeltachta a phlé. Bhí Beirtí Ó hAinmhire ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta i láthair chomh maith le hOilibhéar Ó hIarlaithe ón Roinn freisin.

Múnlú TG4 le plé ag léacht in Ollscoil Chorcaí

Seán Ó Loingsigh

AG léacht in Áras Uí Rathaille in Ollscoil Chorcaí Dé Máirt seo chugainn, labhóidh Leascheannasaí TG4, Pádhraic Ó Ciardha, faoi na cinntí a mhúnlaigh TG4 le 15 bliana anuas.

Tá an léacht seo ar cheann de shraith léachtaí poiblí atá eagraithe ag Ionad na Gaeilge Labhartha in Ollscoil Chorcaí, agus atá dírithe ar theanga na Gaelainne i gcomhthéacs gairmeacha éagsúla agus cúrsaí gnó.

'An Ghaeilge mar achmhainn ghairme agus ghnó' atá mar theideal ar an tsraith de chúig léacht atá á reachtáil faoi choimirce Bhord na Gaeilge san Ollscoil.

Uair sa choicís atáthar ag reachtáil na léachtaí - ag an gcéad cheann an tseachtain seo caite chuir feidhmeannach forbartha agus oiliúna le hÚdarás na Gaeltachta, Fionnán Ó hÓgáin, síos ar fhorbairt réigiún mionteanga i gcomhtéacs thaithí na Gaeltachta.

Tá na léachtaí seo oscailte don bpobal chomh maith le mic léinn atá i mbun cúrsaí éagsúla a bhaineann le teanga na Gaelainne.

Cuirfear tús le léacht Uí Chiardha in Áras Uí Rathaille ar 5 chlog tráthnóna Dé Máirt seo chugainn.

Ciarraí Theas

Poist le líonadh i Naíonra Nua Chill Airne

Áine Ní Chuaig

IS deá-scéala é go n-osclófar naíonra nua i gCill Airne i Meán Fómhair seo chugainn agus go bhfuil dhá fholúntas le líonadh ann. Tá fáilte roimh iarratais do Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta an naíonra a bhéas lonnaithe i nGaelscoil Faithleann, atá ar an bhfód le hos cionn 21 bliain.

Is ag an mbord bainistíochta a bheidh na stiúrthóirí fostaithe den chéad bhliain ach tuigtear go bhfuil seans ann go mbeidh an naíonra neamhspleách ó Mheán Fhómhair 2013 ar aghaidh.

I measc na riachtanas atá ag teastáil don dá phost, ní mór go mbeadh Gaeilge líofa, idir labhartha agus scríofa, ag an té a dhéanann iarratas. Is gá go mbeadh taithí ábhartha i gcúram leanaí agus traenáil gharchabhrach acu freisin.

Teastaíonn dianchúrsa FNT a bheith curtha i gcrích nó a bheith sásta tabhairt faoin chúrsa láithreach. Ní mór a bheith eolach ar rialacháin chúram leanaí agus FSS, i dteannta CDBO (leibhéal 5) a bheith bainte amach acu.

Is é an Aoine 24 Feabhra 2012 an spriocdháta le cur isteach ar na poist agus is féidir iarratais a sheoladh chuig: An Cathaoirleach, Gaelscoil Faithleann, Cill Airne, Co. Chiarraí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil tríd teagmháil a dhéanamh le Proinsias ag gsfaithleann.ias@eircom.net nó ag 064-6634930.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Focail Chrua ó Uachtarán CCSG

GACH aon duine agus a thuairim féin aige. "Buíochas le Dia tá na sraithchomórtais iomána agus caide tosnaithe," arsa Uachtarán Chumann Cearta Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, Pádraig Mac 'n tSaoir, an tseachtain seo. "Ba dhóigh leat gur leathchos de Shasana sinn le míonna gan le clos ach sacar agus rugar Shasana. Thitfeá i do chodladh ag féachaint ar an sacar agus níl ach gaisce agus fearaíocht lucht rachmais ag brú rugair chun cinn," arsa Pádraig. Dar leis gur dhóigh leat, ó chuid des na nuachtáin náisiúnta, gur i ndeireadh an naoú haois déag a bhís nuair ná tugtaí ach cúpla líne nó dada, i gcás na gcluichí Gaelacha sna nuachtáin. "Déarfadh daoine go bhfuilim teoranta i mo thuairimíocht, ach cathain a chonaicís cluichí na nGael ar mheáin Shasana, is é sin mura mbeadh siad ag tagairt dá gcuid spórt féin. Agus dá gcaithfinn a bheith searbhasach an mó duine acu siúd a chuaigh go dtí cluiche caide nó iománaíochta? Tá," ar sé, "an dálta céanna fíor i gcás coláistí measúla áirithe sa tír seo. Tá go leor coláistí a imríonn caid, iomáint, sacar agus rugar, ach an mó 'scoil rugair' mar shampla ná bíonn iománaíocht ná caid á n-imirt iontu, cé go raibh an tuiscint ann uair go ndéanfaí san." Tá meon na seoiníní beo beathach fós dar leis. "Ní thógaim-se ar aon duine dul go dtí pé spórt is maith leis, ach is iad siúd is mó glagarnach is mó a bhíonn in aghaidh aon spórt Gaelach. Sórt John Bowmans a dhuine, is é sin má léighis a leabhar bocht," arsa Pádraig.

Cúrsa i mBunscileanna an Aistriúcháin

Katie McGreal

TOSÓIDH cúrsa i mBunscileanna an Aistriúcháin i mBéarla agus Gaeilge in Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile Corcaigh ar an gCéadaoin seo chugainn, 15 Feabhra. Is cúrsa deich seachtaine atá ann agus beidh na ranganna ar siúl gach Céadaoin ó 5 - 7in.

Déanfar iniúchadh ar aistriú téacsanna éagsúla sa chúrsa; tuarascálacha, litríocht agus treoracha ina measc. Breathnófar ar mhionphointí gramadaí a bhaineann go dlúth le ceird an aistriúcháin agus pléifear cúrsaí stíle, béarlachas san áireamh. Tabharfar léargas ar na foinsí atá ar fáil don aistritheoir, go háirithe na cinn ar líne.

Tá ardchaighdeán Gaeilge scríofa agus labhartha ag teastáil ó na rannpháirtithe agus tá costas €60 ar an gcúrsa. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Oifig na Gaeilge Labhartha ag 021 4902314 nó brianod@ucc.ie.

Máirtín Ó Méalóid, an tAire Stáit, Dinny McGinley, Máire Uí Shé (Údarás na Gaeltachta), Mícheál Ó Céadagáin, Seán Ó Drisceoil agus Beirtí Ó hAinmhire (Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta), ar Helipad Oileán Chléire, le linn cuairte an Aire ar an Oileán le déanaí.

Buanna don Ghaeltacht agus don Daingean

FAID is atá an méid úd thuas ráite bhí sinsir caide na Gaeltachta ar a dtriail in aghaidh Lios Póil i bpáirc Ghallarais ar an Satharn. Bhuaigh an Ghaeltacht ar fhir mhisniúla an Leasa le 2-13 v 0-7 agus thug an Daingean an lá leo ar Chaisleán Ghriaire, 2-9 v 0-6. Beidh an Ghaeltacht ag imirt in aghaidh an Chaisleáin i bPáirc Bharóid i Lios Póil an Satharn seo chugainn agus ar an Satharn ina dhiaidh sin ar a dtriail in aghaidh fhoireann Abha na Scáil. Ansan ar an ndeireadh seachtaine ina dhiaidh sin beidh Comórtas Pháidí Uí Shé ann. Beidh an Ghaeltacht in aghaidh an Daingin i bpáirc Ghallarais ar 4 Márta. Tá na cluichí leathcheannais socraithe don 18 Márta agus an cluiche ceannais ar an gceathrú lá d'Aibreán. As sin amach beidh siad ag imirt i gcomórtas sraithe an chontae.

Uíbh Ráthach

Dúshlán roimh phobail na Gaeltachta – Mac Fhionnlaoich

Seán Ó Loingsigh

AGUS é ag oscailt Éigse na Brídeoige go hoifigiúil i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh an deireadh seachtaine seo caite, dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, go raibh am dúshlánach roimh phobail na Gaeltachta.

Thagair an tAire don Bhille Gaeltachta atá le foilsiú i mbliana, ag rá go dtabharfadh an reachtaíocht sainmhíniú nua don Ghaeltacht.

"Is am dúshlánach a bheidh ann do phobail Ghaeltachta ar nós phobal Uíbh Ráthaigh, ach tá mé cinnte leis an fhís agus leis an fhuinneamh a fheicimse sa cheantar seo, go bhfuil sibhse agus pobail eile mar aon libh réidh don dúshlán sin," a dúirt an tAire Stáit.

Tá an sainmhíniú nua Gaeltachta le bheith bunaithe ar chritéir theangeolaíocha seachas ar na critéir thíreolaíocha atá i bhfeidhm faoi láthair. Sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaelainne sa Ghealtacht a foilsíodh in 2007 áiríodh leithinis Uíbh Ráthaigh a bheith i gcatagóir C, a chuimsíonn na toghranna ina bhfuil faoi bhun 44% den ndaonra ina gcainteoirí laethúla Gaelainne.

Dúirt Donnchadh Mac Fhionnlaoich go mbeadh deis ag na pobail Ghaeltachta an lámh a bheith acu ar an stiúir maidir le pleananna teanga a ullmhú dá gceantair féin, agus go mbeadh rannpháirtíocht agus comhoibriú ó chomharchumainn, ó choistí pobail agus ón bpobal i gcoitinne ríthábhachtach don bpróiseas seo.

Thréaslaigh an tAire Stáit le Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus leis an bpobal áitiúil as "éigse den scoth" a eagrú an deireadh seachtaine seo caite, agus dúirt sé go raibh lúcháir air an deis d'fháil cúrsaí oidhreachta agus cultúir a cheiliúradh leis an bpobal ann.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

'Samhlaigh' seolta ón gCarn go Loch nEathach

Ciarán Dunbar

TÁ tionscadal poiblí chun oidhreacht phobal Dheisceart Dhoire a thaifeadadh seolta go hoifigiúil anois; 'Samhlaigh' an t-ainm atá air.

Sheol Michelle O'Neill BTR, an tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, agus Joe Mahon, láithreoir clúiteach Lesser Spotted Ulster, an tionscadal nua oidhreacht phobail go hoifigiúil ar Lá Bhríde.

Tá sé i gceist ag an togra seo oidhreacht Dheisceart Dhoire, an ceantar a shíneann ó Charn Tóchair go himeall Loch nEathach, a thaifeadadh ó bhéil na ndaoine iad féin. Tá sé i gceist taighde a dhéanamh ar an dúlra, ar iarsmaí seandálaíochta, ar an oidhreacht thógtha, ar an stair scríofa agus ar an oidhreacht bhéaloideasa agus teanga sa cheantar.

Chun tabhairt faoin taighde seo tá an Gaeilgeoir agus an zú-eolaí, an Dr. Pól Mac Cana, ceapaithe mar Oifigeach Oidhreachta ar an togra.

"Lá mór taitneamhach," a dúirt sé i dtaca leis an lá seolta.

"Trí thaighde agus léirmhíniú míneoidh SAMHLAIGH an dóigh a n-insíonn an oidhreacht a mhaireann inniu scéal na n-athruithe agus na gclaochluithe atá tagtha ar ár dtírdhreach trí na cianta," a dúirt sé.

Is chomh-thionscadal é seo idir Coiste Forbartha Charn Tóchair agus Cairde Phortach Bhaile na hAbhann, agus tá sé lonnaithe in An Carn, Tír Chiana, Machaire Rátha. Tugann Ciste Oidhreachta an Chrannchuir, SWARD agus An Cháin ar Líonadh Talún (Iontaobhas Dúlra Uladh & Comhairle Mhachaire Fíolta) tacaíocht chaoin don tionscadal.

Fá choinne tuilleadh eolais, le bheith páirteach nó le coinneáil ar an eolas, déan teagmháil le: Pól Mac Cana, An Carn, Tír Chiana, Machaire Rátha BT46 5NH; pol.maccana@ancarn.org ; 028-7954-9978.

Scoith na gCeoltóirí ar an Droichead

Katie McGreal

SEINNFIDH na ceoltóirí John McSherry , Pádraig Rynne, Donogh Hennessy agus Pauline Scanlon sa Droichead ar Shráid Chúic i mBéal Feirste ar an Satharn, 25 Feabhra ag 8in.

Is seinnteoir píb uilleann ó Iarthar Bhéal Feirste é John McSherry agus is as Contae an Chláir é Pádraig Rynne. Bhuaigh sé neart duaiseanna do cheol. Sheinn sé leis na bannaí 'Turas' agus 'Cían' freisin. Is Baile Átha Cliathach é Donogh Hennessy a bhain clú agus cáil amach mar ghiotáraí leis an ngrúpa 'Lúnasa'. Is amhránaí agus scríbhneoir í Pauline Scanlon a rinne an t-albam 'Red Colour Sun' le Donogh Hennessy. Ainmníodh í sa chatagóir 'Best Folk/Trad' sna Meteor Awards in 2004.

Tá ticéid ar fáil ag £12 sa Droichead ach tá lacáiste 20% ar fáil do bhaill An Droichead. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar 028 9028 8818.

Cosc ar an chiall: fadhbanna i gcónaí ag busanna tras-teorann

Anton Mac Cába

NÍL sé soiléir cad chuige go bhfuil cosc ar luas-bhusanna trasteorann paisinéirí a iompar idir dhá phointe sa tuaisceart. Dúirt Bus Éireann gur riail de chuid an Aontais Eorpaigh atá i gceist. Dúirt Translink sa tuaisceart gur ceann de choinníollacha an cheadúnais atá acu is cúis leis.

Is Bus Éireann agus Translink (trí Ulsterbus) a dhéanann na seirbhísí trasteorann a reachtáil i gcomhar lena gcéile. Cothaíonn an cosc fadhbanna le hinmharthanacht na seirbhísí. Is léir gur fadhb sin. Le cúpla bliain anuas, tá laghdú ar an tseirbhís go Doire: ní bhíonn ach sé bhus sa lá ann, malairt an 13 a bhíodh ann. Dá mbeadh deireadh leis an chosc, d'fhágfadh sé seirbhísí atá ag rith ar feadh na hoíche cibé ar bith ábalta seirbhís ar feadh na hoíche a chur ar fáil i gcuid den tuaisceart.

Dúirt Translink (Ulsterbus) nach raibh baint ag reachtaíocht Eorpach leis an chosc. Nuair a d'iarramar cóip den cheadúnas, dúirt urlabhraí nach raibh siad ábalta eolas a chur ar fáil faoin cheadúnas "in the interest of commercial confidentiality."

Dúirt Declan Allison ó *Friends of the Earth* nach raibh ciall ar bith leis seo. "Shílfeá go mbeadh córas iompair phoiblí comhtháite de dhíth orthu," ar seisean.

"Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag córas iompair phoiblí daoine a mhealladh amach as carranna."

Iad siúd a bhain duaiseanna ag oíche bhronnta na nduaiseanna d'imreoirí faoi aois de chuid Naomh Muire, na Rosa, Tír Chonaill, ar na mallaibh [PIC : EOIN MCGARVEY]

Aodh Mac Suibhne, An Bun Beag, Gaoth Dobhair a bhuaigh bonn i Realt Spóirt Dhún na nGall 2011. Bhí an bronnadh ar siúl in Ostán an Silver Tassie, Leitir Ceanainn. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Tuilleadh coscanna ar leapacha gréine

Anton Mac Cába

CUIREANN reachtaíocht nua sa tuaisceart tuilleadh coscanna ar oibreoirí leapacha gréine. Ritheadh an reachtaíocht d'aon ghuth sa Tionól. Is féidir fíneálacha ar an láthair de £250 (€300) a ghearradh ar oibreoirí. Tuigtear go bhfaigheann beirt nó triúr bás de bharr ailse ó leapacha gréine achan bhliain.

Dúirt Jim Wells, leas-chathaoirleach an Choiste Sláinte, go raibh na pionóis ró-íseal go dtí seo.

Cosúil le reachtaíocht ar chaitheamh tobac, deir Wells go bhfuil an reachtaíocht úr seo "mar chuid de réimse reachtaíochta sa Chúige chun maolú a chur le roghanna i nósanna maireachtála a bhíonn ina gcúis ailse. ... Tá a fhios agamsa go maith, ó tháinig an reachtaíocht seo isteach, go mbíonn ollmhargaí leapacha gréine sna ceantair is boichte de bhailte agus cathracha s'againne.

Is léir go bhfuil siad dírithe ar na daione is leochaillí sa tsaol againne, agus iad siúd nach bhfuil iomlán ar an eolas faoin chontúirt atá le mí¬-úsáid leapacha gréine."

Ní fios an gcuirfidh an reachtaíocht deireadh le faisean na leapacha gréine.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Ceapadóireacht: Scéal - Ar iarraidh

Ar chuala tú faoi Dhaithí Ó Luasa? Níor chuala? Bhuel, is gnáthógánach é Daithí. Cosúil le hógánach ar bith eile. Ach tá difríocht mhor amháin idir Daithí agus na hógánaigh eile seo.

Tá Daithí ar iarraidh.

Níl tásc ná tuairisc ar Dhaithí ó Dheireadh Fómhair na bliana 2007. Tá Daithí ar iarraidh óna sé a chlog Dé hAoine, an tríú lá déag de Dheireadh Fómhair, 2007, le bheith níos cruinne, Aoine an tríú lá déag! Ar a sé a chlog an tráthnóna cinniúnach sin shiúil Daithí amach doras a thí féin agus ní fhacthas ó shin é. Amhail is gur oscail an talamh faoina chosa agus gur slogadh isteach i nduibheagán éigin é.

Bhí Daithí naoi mbliana déag go leith nuair a d'imigh sé as amharc. Mac léinn ba ea é. Cúrsa gnó á dhéanamh aige san ollscoil. É go sona, sásta ann féin. Buachaill breá spórtúil, spraíúil, spleodrach, neamhspleách. Post páirtaimseartha aige sa lárionad siopadóireachta.

Nuair a d'fhág sé an teach an tráthnóna sin bhí sé ag dul caol díreach go dtí an siopa ceoil sa lárionad siopadóireachta ina raibh sé fostaithe. Thaitin an post go mór leis mar bhí spéis ollmhór ag Daithí sa cheol.

Sular fhág sé an teach, bhí béile aige i dteannta a mháthar agus a dheirféar, Áine. Bhí a athair fós ag obair in oifig árachais sa bhaile mór. Ní fhillfeadh sé siúd go dtí a seacht.

Níor fhill Daithí riamh.

Ní raibh imní dá laghad ar a thuismitheoirí nuair nár fhill sé an oíche Aoine sin. Ná an mhaidin ina dhiaidh. Bhíodh sé mar nós ag Daithí oícheanta Aoine a chaitheamh i dteach a charad, Pól de Bhál, ar Bhóthar an Ráschúrsa. Thosaigh siad ag éirí buartha nuair nach bhfuair siad scéala uaidh roimh a sé a chlog ar an Satharn. Chuir siad scairt gutháin ar Phól. Ar ndóigh, ní fhaca Pól é.

Bhog cúrsaí ar aghaidh go sciobtha ina dhiaidh sin.

Na gardaí.

Meitheal tóraíochta. Fógraí sna meáin chumarsáide. Mórchuid bileog agus póstaer. Neart tuairimí. Neart cainte. Neart cumha agus croíbhriste dá thuismitheoirí bochta agus dá dheirfiúr sceimhlithe, Áine. A chairde agus a ghaolta go léir brónach, croíbhriste ina dhiaidh.

Gach aon duine dóchasach go raibh sé beo fós agus go bhfillfeadh sé lá éigin agus go mbeadh sé féin agus a mhuintir i dteannta a chéile arís agus go mbeadh críoch shona le scéal Dhaithí.

Agus nach ar mhuintir agus ar a chairde a bheadh an ríméad dá dtarlódh sé sin. Bheadh Daithí fillte ón mbás agus cad é mar lúcháir agus bualadh bos agus deora áthais a d'fháilteodh ar ais go tír na mbeo é.

Ach go dtí go dtiocfadh an lá sin, bhí Daithí fós ar iarraidh. Ar nós na gcéadta eile mar é. Amuigh ansin in áit éigin. Amhail is gur oscail an talamh faoina chosa agus gur slogadh anuas é.

Ar iarraidh.

Gluais

Ar iarraidh - missing
cinniúnach - fateful
duibheagán - abyss
neamhspleách - independent
meitheal tóraíochta - a search party
sceimhlithe - terrified

Próstéacs Roghnach - An Triail

"Is léiriú an-diúltach ar an saol in Éirinn sna seascaidí a chuirtear os ár gcomhair sa dráma An Triail."

Déan plé ar an ráiteas sin.

Aontaím go huile is go hiomlán leis an ráiteas thuas. Tá an dráma suite ag tús na seascaidí agus ba mhór go deo an difear a bhí idir tús agus deireadh na seascaidí. Sna blianta tosaigh bhí an seanréimeas fós faoi lán seol is bhí cúrsaí sóisialta agus agus cultúrtha gan athrú ó aimsir an chogaidh. Mar is eol do chách tharla réabhlóid de chineál éigin ag druidim le deireadh na seascaidí.

Mhair Máire Ní Chathasaigh i sochaí a bhí go mór faoi anáil na heaglaise Caitlicí. Bhris Máire na rialacha i ngan fhios di féin. Ní raibh inti ach cailín bocht, saonta ach lig sí d'fhear pósta neamhscrupallach dul i bhfeidhm uirthi. Bhí caidreamh collaí eatarthu agus bhí Máire ag iompar linbh de bharr an chaidrimh sin.

Tugadh bata agus bóthar do Mháire bhocht. D'fhág sí a háit dhúchais agus thug aghaidh ar Bhaile Átha Cliath. Ní raibh difríocht ar bith idir meon na ndaoine sa phríomhchathair agus meon na ndaoine ina ceantar dúchais. Iad araon doicheallach, namhdach, neamhfháilteach.

Ag deireadh an dráma feicimid go bhfuil Máire fágtha ina haonar lena leanbh iníne. Tá sé íorónta gurbh í Mailí, an striapach, an t-aon chara amháin a sheas an fód léi agus a thug bheith istigh di nuair a bhí Máire bhocht gan dídean. B'ionann cailín torrach neamhphósta agus striapach ar aon chaoi i súile na sochaí cúngaigeanta úd. Chuir Máire a leanbh iníne chun bháis ionas nach mbeadh sí "ina hóinsín bhog ghéilliúil ag aon fhear." Ansin chuir sí lámh ina bás féin.

Gan amhras ar bith is léiriú an-diúltach go deo de shaol na tíre seo a cuirtear os ár gcomhair in 'An Triail' ach is léiriú fírinneach, cróga atá ann a leagann méar ar dhoicheall agus ar easpa carthanachta Críostaí i leith cailíní aonair a bhí ag iompar clainne ar nós Mháire. Ní raibh Máiréad Ní Ghráda ach ag nochtadh na fírinne dúinn trí mheán Mháire Ní Chathasaigh agus caithfear a admháil go ndearna sí éacht.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Roinn 111 – Litir

Bhí tú i dtrioblóid ar scoil fad a bhí do thuismitheoirí as baile. Scríobh LITIR chucu ag insint dóibh cad a tharla.

I do litir luaigh
- an chúis go raibh tú i dtrioblóid
- an pionós a cuireadh ort
- **dhá chúis** nach raibh tú ró-shásta leis an bpionós
- pointe **amháin** eile i dtaobh na trioblóide

18 Radharc na Coille,
Baile an Easpaig,
Corcaigh.
22 Eanáir.

A thuismitheoirí dílse,
Beatha agus sláinte! Ta súil agam go bhfuil sibh go maith agus ag baint taitneamh as an mbriseadh i Sligeach. Tá gach rud go maith anseo i gCorcaigh, buíochas le Dia. Tá brón orm a insint daoibh ach bhí mé i dtrioblóid ar scoil inné. Bhí mé féin agus triúr eile ag pleidhchíocht sa seomra ranga roimh ranganna ar maidin. Bhíomar ag caitheamh sliotair timpeall an ranga. Briseadh an fhuinneog agus cuireadh an milleán ormsa.

Tháinig an príomhoide isteach agus bhí sé an-chrosta ar fad linn. Bhí orm dul go dtí a oifig agus chuir sé ar fionraí ón scoil mé ar feadh trí lá ag tosú ar an Luan seo chugainn. Bhí mé go mór trí chéile. Cheap mé go raibh an pionós sin i bhfad ró-dhian. Níor cuireadh an triúr eile ar fionraí ach ar feadh lá amháin. Ní mise an duine a bhris an liathróid leis an sliotar. Ba é Seán de Bhál an duine sin. Ach chuir an príomhoide an milleán go léir ormsa mar gurbh é mo shliotar a bhí á chaitheamh timpeall an ranga againn.

Tá brón orm an drochscéala sin a thabhairt daoibh. Mar is eol daobh go maith ní raibh mise riamh i dtrioblóid roimhe seo. Seo an chéad uair dom a bheith curtha ar fionraí. Chomh maith le sin beidh orainn €50 an duine a thabhairt isteach chun íoc as an bhfuinneog bhriste. Ta náire orm gur tharla sé seo agus tugaim geallúint daoibh nach dtarlóidh a leithéid arís. Beidh mé ag staidéar ó dhubh go dubh ar na laethanta a bheidh mé ar fionraí.

Bainigí taitneamh as an gcuide eile den saoire.
Feicfidh me sibh tráthnóna Dé Domhnaigh.
Ádh mór oraibh.
Bhur mac dílis,
Rónán.

Gluais

milleán - blame
ar fionraí - on suspension
trí chéile - upset
geallúint - promise

Roinn 11 – Léamhthuiscint

CEADÚNAS GLAN TIOMÁNANA SA GHAEILGE

1. Don chéad uair beidh foghlaimeoirí Gaeilge i gCambridge agus i Nua-Eabhrac ag déanamh scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge de chuid Ionad na dTeangacha in Ollscoil na hÉireann i Má Nuad. Tá an teastas seo cosúil le ceadúnas tiomána teanga d'fhoghlaimeoirí fásta atá bunaithe ar fhráma tagartha comónta Eorpach do theangacha. Bíonn foghlaimeoirí in ann gluaiseacht trí shé léibhéal éagsúil a thugann ón mbunleibhéal go dtí an t-ardleibhéal iad ó thaobh cumas teanga de.
2. Rinne beagnach cúig céad foghlaimeoir fásta scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge (www.teg.ie) in ionaid anseo sa bhaile agus thar lear ó bunaíodh é, an Fhrainc agus Poblacht na Seice san áireamh. Scrúdaítear ceithre scil sna scrúduithe: labhairt, cluastuiscint agus scríbhneoireacht. Bíonn ar fhoghlaimeoirí cumas áirithe a bhaint amach i leibhéal amháin sula mbíonn siad in ann bogadh ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile.
3. Deir Páid Ó Neachtain, oifigeach Gaeilge Chomhairle Chontae na Gaillimhe, áit a bhfuil na cúrsaí i dTeastas Eorpach na Gaeilge (TEG) á ndéanamh le trí bliana anuas, go bhfuil fostaithe na Comhairle ag baint an-tairbhe as na cúrsaí. "De réir dealraimh," deir Páid, "ní cúrsa é a chuireann faitíos ar dhaoine filleadh ar fhoghlaim na Gaeilge ach is cúrsa é a spreagann iad chun úsáid na Gaeilge a mhéadú ina saol pearsanta."
4. Tá sé tábhachtach do na rannpháirtithe chomh maith gur féidir leo aitheantas a fháil ar an dul chun cinn atá déanta acu a bhaint amach ag cibé leibhéal a chuireann siad i gcrích. Tugann an cúrsa seo misneach do na daoine atá lag ag an nGaeilge agus spreagadh do na daoine a bhfuil Gaeilge mhaith acu. Tugann an cúrsa seo deis iontach d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge cáilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach, cáilíocht a bhfuil aitheantas agus meas uirthi.
5. Don chéad uair i mbliana freisin tá na cúrsaí seo á ndéanamh ar bhonn píolótach ag daltaí idirbhliana i meánscoil i mBaile Átha Cliath. Dúirt múinteoir an ranga, Aisling Ní Phuirséil, gur roghnaigh sí an cúrsa TEG mar go raibh sí ag iarraidh béim a chur ar labhairt na teanga. "Taitníonn na ranganna leis na daltaí - is breá leo an obair ghrúpa. Is deis iontach é TEG chomh maith spraoi a thabhairt isteach sa rang Gaeilge." arsa Aisling, "Déanfaidh siad scrúdú béil in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, mar chuid den scrúdú, agus táimid ag súil go gcabhróidh an taithí sin leo agus iad ag déanamh Scrúdú na hArdteistiméireachta."

Ceisteanna :
1. Cad leis a bhfuil an teastas seo cosúil? (Alt 1) *4 marc*
2. Breac síos **dhá** phointe eolais faoi Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG). (Alt 2) *4marc*
3. Scríobh síos rud **amháin** a deir Páid Ó Neachtain faoin gcúrsa seo. (Alt 3) *4 marc*
4. Luaigh **dhá** rud atá luaite san alt seo a thugann an cúrsa do na rannpháirtithe. (Alt 4) *4 marc*
5. (a) Cad atá tosnaithe don chéad uair i mbliana?
   (b) Luaigh rud **amháin** a dúirt Aisling Ní Phuirséil i dtaobh TEG. (Alt 5) *4 marc*

Cúinne na Gramadaí – An Dara díochlaonadh

(i) Tá na h-ainmfhocail ar fad, nach mór, sa dara díochlaonadh baininscneach.
(ii) Críochnaíonn siad ar chonsan leathan nó ar chonsan caol.
(iii) Caolaítear iad sa Tuiseal Ginideach Uatha agus cuirtear 'e' leo.

Sampla 1: an fhuinneog
Uatha
Ainmneach: Tá *an fhuinneog briste*.
Tabharthach: Tháinig an liathróid *tríd an bhfuinneog* oscailte.
Ginideach: Bhí an buachaill dána ag briseadh *na fuinneoige*.

Iolra
Ainmneach: Tá *na fuinneoga* briste.
Tabharthach: Tháinig na liathróidí trí *na fuinneoga* oscailte.
Ginideach: Bhí na buachaillí dána ag briseadh *na bhfuinneog*.

Sampla 2: an áit
Uatha
Ainmneach: Is maith liom *an áit* sin.
Tabharthach: Ní raibh duine ná deoraí fágtha *san áit*.
Ginideach: Bhí na páistí ag rith ar fud *na háite*.

Iolra
Ainmneach: Is maith liom *na háiteanna* sin.
Tabharthach: Ní raibh duine ná deoraí fágtha *sna háiteanna* sin.
Ginideach: Níl éinne ag lorg *na n-áiteanna* sin níos mó.

Sampla 3: an tsúil
Uatha
Ainmneach: Ba bheag nár thóg sí *an tsúil* as a cheann.
Tabharthach: Tháinig fuil *as an tsúil*.
Ginideach: Chuir áilleacht *na súile* gliondar ar an ngarsún.

Iolra
Ainmneach: Ba bheag nár thóg sí *na súile* as a cheann.
Tabharthach: Tháinig fuil *as na súile*.
Ginideach: Bhí radharc *na súl* ag teip ar an seanfhear.

Cleachtaí
Scríobh amach na habairtí seo a leanas gan na lúibíní:
(i) Níl tús (an abairt) sin ceart.
(ii) Rith na páistí timpeall (an pháirc).
(iii) Bhí na hÉireannaigh ag fliuchadh (an tseamróg) ar Lá Fhéile Pádraig.
(iv) Tá an donas ar (na áiteanna) sin maidir le fuacht agus baisteach.
(v) Bhris sé (an carraig) le casúr.
(vi) Tá muintir na hÉireann ar muin (an mhuc).
(vii) Ní hé lá (an ghaoth) lá na scolb.
(viii) Is mairg a báitear in am an anaithe mar go dtagann an ghrian i ndiaidh (an fhearthainn).
(ix) Cá bhfuil Carraig (an tIm)?
(x) An ndeachaigh tú trí chró (an tSnáthaid) fós?

C na G 17 **Freagraí**
(i) asal (ii) an bhóthair (iii) na bhFear (iv) na héin (v) an t-úll (vi) fir (vii) an tsamhraidh (viii) an t-earrach (ix) an tsagairt . . . an bhóthair (x) an t-otharcharr . . an tséipéil.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Sraith Phictiúir- Faisean

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSSP – Struchtúr Daonlathais na hÉireann – An Dáil

Teachtaí Dála
Is í Dáil Éireann an príomhtheach i bParlaimint na hÉireann. Tá 166 ball sa Dáil. Déanann muintir Phoblacht na hÉireann baill na Dála a thoghadh go díreach. Tá ballraíocht don Dáil oscailte chuig saoránaigh atá os cionn 21 bliain d'aois. Teachtaí Dála an t-ainm atá ar bhaill den Dáil. Is é post na dTeachtaí Dála ná ionadaíocht a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine ina ndáilcheantair, obair a dhéanamh ar son cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta na tíre agus dlíthe nua a dhéanamh.

Dáilcheantar
Déanann Teachtaí Dála ionadaíocht ar mhuintir na hÉireann. Tá Éire roinnte i 43 cuid darb ainm dáilcheantair. Déanann na Teachtaí Dála ionadaíocht ar na dáilcheantair. I rith toghcháin roghnaíonn muintir na hÉireann na daoine is fearr dar leo a dhéanfadh ionadaíocht ar a ndáilcheantar.

Páirtí Polaitiúil
Tá roinnt páirtithe polaitiúla i bPoblacht na hÉireann. Is féidir le Teachtaí Dála bheith mar chuid de Pháirtí Polaitiúil nó is féidir leo a bheith Neamhspleách. Tá comhrialtas coitianta anseo in Éirinn. Go stairiúil is iad na páirtithe polaitiúil is mó a bhíonn i rialtas ná Fianna Fáil agus Fine Gael.

Páirtí Rialtais amháin agus Comhrialtas
Má tá 84 Teachta Dála nó níos mó i bpáirtí amháin tofa ag na daoine, is féidir leis a rialtas féin a chur le chéile. San áit nach mbíonn tromlach na vótaí ag aon pháirtí, tagann dhá pháirtí nó níos mó le chéile chun comhrialtas a chruthú.

I measc na gcumhachtaí eisiacha atá ag an Dáil, is féidir leo:
- Taoiseach a cheapadh
- Buiséad a cheadú
- Ainmniúchan an Taoisigh a cheadú mar Airí rialtais
- Ainmniúchán an Taoisigh a cheadú mar Ard-Aighne

An Seanad
Is é an Seanad an dara teach i bParlaimint na hÉireann. Tá an Seanad lonnaithe i dTeach Laighean. Tugtar Seanadóirí ar bhaill na Dála. Tá seasca acu ann. Níl an Seanad cosúil leis an Dáil sa bhealach a phioctar a chuid ball. Ní dhéantar na seanadóirí a thoghadh go díreach agus is meascán de pháirtithe a bhíonn sa Seanad.

Déantar iad a roghnú ar bhealaí difriúla:
- Tá 11 tofa ag an Taoiseach
- Tá 6 tofa ag céimithe ollscoile
- Tá 43 tofa ag meascán de Sheanadóirí atá ag fágáil, Teachtaí Dála atá ag teacht isteach agus comhairlí contae áitiúla.

Tá cumhachtaí an tSeanaid i bhfad níos laige ná iad siúd sa Dáil. Is é príomhfheidhm an tSeanaid ná moltaí a dhéanamh ar leasaithe ar bhillí a bhfuil sé de rún ag an rialtas dlí a dhéanamh astu. Tá 90 lá tar éis lánscor na Dála chun olltoghchán don Seanad a rith, mar sin tá go dtí 2 Bealtaine i mbliana chun an t-olltoghchán a rith.

Gluais

Struchtúr Daonlathais na hÉireann - Irish Democracy Structure
Tofa - Elected
Saoránaigh - Citizens
Ionadaíocht - representation
Dáilcheantar - Constituency
Eacnamaíocht - Economic
Sóisialta - social
Páirtí Polaitiúil - Political parties
Neamhspleách - Independent
Comhrialtas - Coalition
Cumhachtaí eisiacha - Exclusive powers

Físeán den Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh

Féach ar fhíseán den Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ag déanamh cur síos ar struchtúr daonlathas na hÉireann agus ar a chuid oibre mar Sheanadóir ag **www.oideachas.gaelsceal.ie**
Is féidir nótaí a fháil ar struchtúr daonlathas na hÉireann ar an suíomh freisin.

An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh

OSPS – Sábháilteacht phearsanta

Níor cheart go mbeadh an meon againn "níl sé chun tarlú domsa" i leith ár sábháilteachta

Tá sé tábhachtach a bheith airdeallach ar do shábháilteacht. Tá sé tábhachtach fanacht amach as suíomhanna dainséarach. Níor cheart go mbeadh an meon againn "níl sé chun tarlú domsa " i leith ár sábháilteachta. Ciallaíonn sábháilteacht phearsanta gan siúl abhaile san oíche leat féin ag insint do dhuine cá bhfuil tú ag dul agus gan síob a thógáil ó strainséirí.

Comhairle chun fanacht sábháilte :
- Bí airdeallach nuair a bhíonn tú amuigh ag siúl leat féin.
- Is smaoineamh maith é siúl in éineacht le cúpla duine in áit a bheith ag siúl leat féin
- Siúil in áiteanna ina bhfuil neart solais agus daoine
- Mura mothaíonn tú compordach in áit fág chomh luath agus atá tú in ann
- Ná labhair le strainséirí, fiú má thagann siad trasna ar nós go bhfuil siad go deas.
- Ná tóg síob ó strainséirí.
- Má fheiceann tú duine a bhfuil ionsaí á dhéanamh air, glaoigh ar 999

Má tá tú féin nó duine a bhfuil aithne agat air i ndainséar, nó má theastaíonn comhairle uait i dtaobh sábháilteacht phearsanta, ba cheart glaoch ar na seirbhísí éigeandála ag 999 nó glaoch ar do Staisiún Garda áitiúil.

Faigh tuilleadh tacaíochta agus eolais ó na eagraíochtaí seo a leanas :

Rape Crisis Network Ireland (RCNI)
Suíomh : www.rcni.ie/hlp map.htm
Soláthraíonn an RCNI tacaíocht agus eolas do na hionaid éigeandála um éigniú timpeall na tíre.

National Network of Womens Refuges and Support Services (NNWRSS)
Suíomh : www.nnerss.com/index.htm.
Oibríonn an eagraíocht seo chun deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus leanaí.

AMEN
Suíomh : www.amen.ie
Is grúpa deonach é AMEN a sholáthraíonn líne chabhrach, eolas agus séirbhís tacaíochta le haghaidh íospartaigh fhireann d'fhoréigean teaghlaigh, agus a gcuid gasúr.

Women's Aid
Suíomh : www.womensaid.ie
Solathraíonn Women's Aid tacaíocht dhíreach chuig mná atá ag fáil fulaingt de bharr foréigin agus mí-úsáid ó fhir.

Sábháilteacht Uisce na hÉireann
Suíomh : www.iws.ie
Cuireann an eagraíocht seo sábháilteacht uisce chun cinn sa tír.

Gluais

Sábháilteacht phearsanta - Personal Safety
suíomhanna dainséaracha - Dangerous situations
síob - Lift
Comhairle - Advice
Sábháilteacht Uisce na hÉireann - Irish Water Safety

Gaelscéal AR SCOIL
www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Buntáistí Móra do dhaoine fásta ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmtreoir

BEIDH mic léinn lánfhásta in ann tairbhe a bhaint as tríocha scoláireacht a bheas á dtabhairt amach ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is fiú €60,000 na scoláireachtaí. Is scéim nua é seo do mhic léinn lánfásta ina mbeidh €2000 le fáil i ngach bliain den chúrsa. Tá an scéim oscailte do mhic léinn atá 23 bliain nó níos sine atá ag cur iarratais isteach trí CAO agus a bheas ag tosnú ar an gcúrsa i mbliana. Beidh scolaireachtaí bunaithe ar fhiúntas agus ba cheart d'iarratasóirí cur isteach ar chúrsaí mar is gnáth trí CAO. Beidh an tríocha scolaireacht roinnte idir iad siúd a chuireann isteach ar chúrsaí mar iarratasóirí lánfhásta, trí chúrsaí rochtana bunleibhéil (foundation level access programmes) agus iarratasóirí atá ag cur isteach ar chúrsaí ag úsáid torthaí na hardteiste amháin.

Tá teorainneacha ag baint leis na Scoláireachtaí

Má tá tú i dteideal deontas a fháil ón gComhairle Chontae nó ón gCoiste Gairmoideachais ní féidir leat an scoláireacht seo a fháil. Tá na scoláireachtaí á gcur ar fáil d'iarratasóirí lánfhásta a bhfuil an-súim acu san oideachas agus tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag súil go gcuideoidh scoláireachtaí go mór le daoine mar seo agus iad ag filleadh ar ais ar an oideachas. Tá os cionn 1,200 scoláire lánfhásta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá siad ag staidéar ar na cúrsaí éagsúla uilig. Le haghaidh tuilleadh eolas a fháil faoi na scoláireachtaí, breathnaigh ar an suíomh idirlín www.nuigalway.ie/mature/scholarships.

Postanna san earnáil togála

Tá súil ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh go mbeidh os cionn ceithre chéad post cruthaithe san earnáil togála mar chuid den €75 milliún atá le caitheamh ar fhorbairtí ollscoile. Tá obair tosaithe cheanna féin ar chuig fhoirgneamh nua, mar shampla, trí fhoirgneamh taighde, chomh maith le foirgnimh ealaíona agus daonnachtaí, eolaíocht shóisialta agus dhá fhoirgneamh taighde in eolaíocht bhithleighis. Cuirfidh an infheistíocht sna foirgnimh seo postanna ar fáil san earnail togála, rud atá ag teastáil go géar.

Cabhróidh an taighde féin agus an t-airgead atá á chur isteach san eolaíocht shóisialta, eolaíocht bhithleighis agus daonnachtaí le teicneolaíochtaí leighis agus na tionscail ealaíona cruthaitheacha in iarthar na hÉireann. Tá thart ar 17,000 scoláirí san Ollscoil faoi láthair.

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Múinteoireacht Montessori

Is í an chéim luath-óige an chéim is tábhachtaí i bhforbairt an pháiste. Is í an taithí a fhaigheann siad sa chéad chúpla bliain a leagann síos an bonn do chaidrimh agus foghlaim ar feadh a saoil. Chun a chinntiú go bhfuil páistí ag foghlaim agus go sroicheann said a n-acmhainn chognaíoch agus shóisialta ina iomlán tá sé tábhachtach go bhfuil bealaí simplí agus éifeachtacha á múnadh dóibh chun é seo a bhaint amach. Nuair atá tú ag obair le páiste tá sé riachtanach go bhfuil tuiscint ar fhorbairt an pháiste agat, is é sin an fhorbairt mhothúchánach, fás fisiciúil agus oideachais a mbeas siad ag dul tríd ó óige go haosacht.

Tá sé léirithe ag staidéir a rinneadh le déanaí go dtugann oideachas montesorri scileanna sóisialta agus acadúla níos fearr do pháistí, bíonn siad níos meabhraí agus níos cothroime de réir mar atá níos mó neamhspleáchais á thabhairt dóibh.

Is é an t-éiteas is mó taobh thiar do mhúinteoireacht Montessori ná go bhfuil an páiste lárnach. Tá an focas ar an bpáiste ag foghlaim in áit an múinteoir ag múnadh - tagann an páiste i dtosach, an timpellacht sa dara háit agus an múinteóir ag coinnéail siúl ar rudaí.

Tá na hacmhainní a úsáidtear sa seomra ranga dírithe ar na céadfaí (senses), na scileanna mótair agus comhchruinniú a fhorbairt, agus chun neamhspleáchas a spreagadh ó aois óg.

Tá béim ar pháistí le riachtanais speisialta a gcuid oideachais a fháil sa ghnáth-bhunscoileanna agus méanscoileanna anois agus dá bhrí sin tá fás mór ar chúrsaí Montessori agus cúrsaí Riachtanais Speisialta. De gnáth is cúrsaí FETAC leibhéal 6 ar 'Creatlach na gCáilíochtaí' atá i gceist.

Tá na cúrsaí cúraim leanaí do pháistí le riachtanais speisialta á rith ag Coláiste Pobail na Gaillimhe (Galway Community College) agus ag roinnt coláistí príomháideacha.

Na Scileanna agus na tréithe atá riachtanach don earnáil seo

Tá tréithe speisialta ag teastáil le bheith ag obair san earnáil seo. Ní mór cumas bheith agat chun obair le páistí agus aire a thabhairt dóibh. Tá cinnireacht agus meon socair i measc na dtréithe atá ag teastáil. Ní mór scileanna oibre foirne agus eagrúcháin a bheith agat freisin.

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeifeá i dteagmháil le dochtúirí, altraí sláinte phoiblí, cúramóirí baile srl ó am go ham chomh maith.

Ní mór d'iontrálaithe ar chúrsaí cúraim leanaí dul faoi sheiceáil tagartha leis na Gardaí. Tá sé seo riachtanach mar gheall ar an méid oibre a dhéantar le páistí.

Tairiscintí ar shíntiúis Gaelscéal ar Scoil

Tá síntiúis do Gaelscéal ar Scoil le fáil ar phraghas speisialta íseal do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Chomh maith le praghas speisialta faigheann múinteoirí a ghlacann síntiúis:

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht saor in aisce don mhúinteoir!
Tá Gaelscéal ar Scoil i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht ag tabhairt deise do mhúinteoirí dearbhán luach €20 saor in aisce a bhuachan má chuireann siad isteach ordú de thrí shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!

agus: Cóip de Ghaelscéal saor in aisce don mhúinteoir!

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tabhairt deise do mhúinteoirí a chuireann ordú mór isteach dá ranganna cóip den nuachtán a fháil dóibh féin, saor in aisce, don chuid eile den scoilbhliain!

Is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó www.oideachas.gaelsceal.ie.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag scoil@gaelsceal.ie nó 091-897766.

CÚRSAÍ SAOIL

Cé hé Naomh Vailintín?

Katie McGreal ar Lá Fhéile Vailintín

Is beirt atá i gceist le 'Naomh Vailintín'. Fuair an bheirt acu stádas an mhairtírigh ar an lá céanna, thart faoin mbliain 270 AD. Ag an am sin, rinneadar ceiliúradh ar an mbeirt acu ar an lá céanna, 14 Feabhra. Bhí duine amháin de na naoimh ina shagart agus ina dhochtúir. Fuair sé bás sa Róimh le linn ghéarleanúint na gCríostaithe a bhí ar bun ag an Impire Rómhánach, Claudius II Grothicus. Easpag a bhí sa Naomh Vailintín eile in Terni san Iodáil.

Ó roimh na meánaoiseanna, bhí an Eaglais ag iarraidh go mbeadh rud éigin reiligiúnach agus spioradálta ag baint le Lá Fhéile Vailintín. Ach tá dearmad déanta ag daoine anois fiú gur ainm duine atá i gceist le Vailintín. Ní bhaineann Lá Fhéile Vailintín leis na naoimh seo a thuilleadh.

Deirtear gur phiocadar an 14 Feabhra mar lá grá toisc gur chreid na hEorpaigh blianta ó shin gur thosaigh éin ag lorg cúplála thart ar an dara seachtain de mhí Feabhra. Shíl muintir na hEorpa ag an am sin gur cheart dóibh glacadh leis an méid a bhí ag tarlú sa nádúr.

Deirtear gur sheol Charles, Diúc d'Orleans, an chéad chárta Vailintín go dtí a bhean chéile in 1415 nuair a bhí sé i bpríosún i dTúr Londan.

Faoin mbliain 1450 ainm do ghrá geal a bhí i gceist leis an bhfocal 'Vailintín'. In 1533, píosa páipéir fillte a bhí ann; in 1610, bronntanais a thug tú do do ghrá geal a bhí ann; agus sna 1800í, teachtaireachtaí grá idir lánúin a bhí ann.

Ceann de na sean-scéalta faoi Naomh Vailintín ná go ndearnadh ionsaí air toisc gur Críostaí a bhí ann. Cheistigh an tImpire Rómhánach Claudius II é go pearsanta agus chuaigh Vailintín i bhfeidhm go mór air.

Rinne sé iarracht é a iompú go págántacht Rómhánach chun é a shábháil ón mbás ach dhiúltaigh Vailintín. Rinne sé iarracht Claudius II a iompú ina Chríostaí agus cuireadh chun báis é.

Ach, sula bhfuair sé bás, deirtear gur chneasaigh sé súile iníon a shaidhleora a bhí dall. Sa scéal sin, cuireadh chun báis é ar 14 Feabhra, 269 AD.

I scéal eile, bhí Naomh Vailintín ina shagart agus, ag an am sin, bhí an tImpire Claudius II ag iarraidh cur lena arm ach níor cheap sé gur saighdiúir maith a bhí i bhfear pósta agus, mar sin, dúirt sé nach raibh cead ag éinne pósadh. Chuaigh an sagart Vailintín i gcoinne an ordaithe seo agus phós sé daoine go rúnda. Nuair a chuala Claudius II amach faoi, chaith sé Vailintín sa phríosún.

Lá Fhéile Vailintín, White Day, Black Day

Má shíleann tú, ar nós go sílim féin, go dtéimid thar fóir le Lá Fhéile Vailintín in Éirinn, ba cheart duit dul go dtí an Chóiré Theas agus feicfidh tú daoine agus comhlachtaí i bhfad níos measa ná na cinn atá againn anseo!

Go hiondúil in Éirinn, tugann an fear an bronntanas don bhean ar 14 Feabhra. Sa Chóiré Theas, tugann an bhean bronntanas seacláidí don fhear ar Lá Fhéile Vailintín agus, mí ina dhiaidh sin, ar 'White Day', 14 Márta, tugann na fir bronntanais milseán, ní seacláidí, do na mná.

Toisc go bhfuil dhá lá ag na Cóiréigh do dhaoine a bhfuil leannán acu, bhí orthu lá éigin eile a shocrú do dhaoine singile.

'Black Day' a thugtar ar an lá sin, 14 Aibreán.

Tagann daoine singile le chéile ar an lá sin agus itheann siad 'jajangmyeong', béile núdal de phónaire dhubh, ionas gur féidir leo comhbhrón a roinnt le chéile.

'Jajangmyeong' is ea ceann de na béilí is blasta a bhí agam sa Chóiré Theas, agus mar sin, bhí áthas an domhain orm nuair a chuala mé faoin traidisiún seo agus mé thall ansin.

'Singles Awareness Day'

Muna bhfuil leannán agat nó muna bhfuil tú i gcaidreamh i mbliana do Lá Fhéile Vailintín, ná bí

buartha! Níl dearmad déanta ort, a mhalairt atá ann na laethanta seo.

Le blianta beaga anuas, tá neart cainte déanta ar '*Singles Awareness Day*' a thosú ag an am seo den bhliain. Ceiliúrann neart daoine an lá seo ar 15 Feabhra, an lá i ndiaidh Lá Fhéile Vailintín, agus ceiliúrann neart eile an lá ar Lá Fhéile Vailintín é féin.

Más duine singil tú, níl tú freagrach as éinne eile agus is féidir leat pé rud gur maith leat a dhéanamh, gan a bheith buartha faoi éinne eile! Ná bíodh brón ort nach bhfuil leannán agat, bain sult as agus déan ceiliúradh air!

Ní rud nua é sa tSín, lá do dhaoine singile. Thosaigh mic léinn na Síne ag ceiliúradh '*Singles Day*' nó '*One's Day*' ar 11 Samhain sna 1990í. Thosaigh sé in Ollscoil Nanjing in 1993 agus thugadar an t-ainm '*Singles Day*' air toisc bhfuil ceithre fhigiúr shingile sa dáta 11/11. '*Singles Day*' speisialta a bhí ann anuraidh toisc go bhfuil sé fhigiúr shingile sa dáta 11/11/11.

De ghnáth, téann daoine amach lena gcairde singile chun ceiliúradh a dhéanamh ar an lá seo agus íocann gach duine as dóibh féin, chun a neamhspleáchas a léiriú.

Cé go ndéantar ceiliúradh ar a bheith singil ar an lá seo, bíonn neart cóisirí agus imeachtaí ar siúl chun daoine singile a chur in aithne dá chéile ionas nach mbeadh siad singil a thuilleadh.

D'athraigh meon an lae mar seo de bharr an mheoin atá ann anois a bheith i gcaidreamh.

Cén bronntanas?

Tá neart rudaí sna siopaí na laethanta seo do Lá Fhéile Vailintín. Seacláidí, bláthanna, cártaí...leadránach....

Céard faoi rud éigin don charthanas 'Irish Guide Dogs for the Blind'? Ceannaigh bronntanas ón siopa tiomsaithe airgid don charthanas atá le hathoscailt amárach, Déardaoin 9 Feabhra go dtí Lá Fhéile Vailintín, 14 Feabhra ar Shráid Winthrop i gCathair Chorcaí. Beidh sé ar oscailt gach lá ó 11rn - 5in. Tá tuilleadh eolais faoi ar fáil ó Jennifer ar 021 487 8229 nó Jennifer@guidedogs.ie.

Má thaitníonn cácaí le do leannán, b'fhéidir gur féidir leat cáca a fháil dóibh as The Cupcake Bakery i gCathair na Gaillimhe a dhéanann cácaí áille!

Bíonn gach blas acu ó sheacláid agus sú craobh go him piseanna talún agus subh chomh maith le neart blasanna aisteacha ar nós blas Guinness agus Earl Grey. Tá tuilleadh eolais fúthu ar fáil ó shuíomh an chomhlachta www.lovethecupcakebakery.com.

Ná déan an gnáthrud i mbliana, déan iarracht rud éigin difriúil a dhéanamh. Smaoinigh taobh amuigh den bhosca, mar a déarfá.

Imeachtaí ar Lá Fhéile Vailintín

Oíche flamenco sa bhialann Bay i gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath ag tosú ag 8in. Tuilleadh eolais ó 01 8532406.

Camchuairt timpeall Dhoire le Martin McCrossan 'Know our City, Love our City'. Tuilleadh eolais ó 0044 28 71 267284.

Canú síos Abhainn an Lagáin sa Dún ó Dhroichead Shaw i mBéal Feirste. Tuilleadh eolais ó 0044 28 91 800 809.

Seó ómóis Joe Dolan san Óstán Hodson Bay i mBaile Átha Luain ag tosú ag 7.30in. Tuilleadh eolais ó 090 6442000.

Ceolchoirm Jedward sa Royal Theatre i gCaisleán an Bharraigh i Maigh Eo ag 7.30in. Tuilleadh eolais ó www.theroyal.ie.

Scannáin ag Cearnóg Theach an Tionóil i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath. Casablanca ag 6.30in agus Once ag 9in. Tuilleadh eolais ar www.templebar.ie.

Céard é an rud is rómánsúla a rinne tú, nó go ndearna duine éigin duit, ar Lá Fhéile Vailintín?



Bob Quinn, scannánóir: "Ní dóigh liom go ndearna aon duine aon rud rómánsúil dom ar Lá Fhéile Vailintín agus ní dóigh liom go ndearna mise aon rud rómansúil d'éinne riamh, ní amháin ar Lá Fhéile Vailintín."

Síle Ní Bhraonáin, láithreoir TG4: "Ní dhéanaim Lá Fhéile Vailintín really. Ach nuair a thosaigh mé ag siúl amach leis an bhfear a bhfuil mé leis anois, chuamar go Ashford Castle do Lá Fhéile Vailintín agus bhí sé go hálainn! Treat deas a bhí ann. Chuamar amach ar na báid agus suas na sléibhte agus ansin dinnéar álainn."

Áine Ní Dhroighneáin, aisteoir: "Thug m'fhear céile deireadh seachtaine in óstán dom ach nuair a landáil mé bhí bláthanna agus seacláidí ag fanacht dom, so bhí sé sin an-deas. Cheap mé go raibh an deireadh seachtaine san óstán deas ach bhí sé i ndiaidh pleanáil agus chuile rud a dhéanamh."

Garrett Phillips, aisteoir ar Ros na Rún: "Chuaigh mé go Páras cúpla bliain ó shin."

Claregalway
HOTEL

Comórtas Lá Fhéile Vailintín

Tá ClareGalway Hotel ag tairiscint dinnéar do bheirt san Óstán ar oíche Vailintín, Dé Máirt 14 Feabhra.

Beidh rogha álainn bia le blaiseadh ag an mbuaiteoir agus cuirfear oíche den scoth ar fáil den ócáid speisialta seo.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar www.claregalwayhotel.ie

Ceist: Cén contae a bhfuil Claregalway Hotel suite ann?

Seol freagraí chuig fograi@gaelsceal.ie nó téacs chuig 086 0234251

Nó más mian leat cárta poist a sheoladh chuig:
Comórtas Vailintín
Gaelscéal
An Spidéal
Co. na Gaillimhe
Spriocdáta: 10 Feabhra, 2012

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Feabhra, 2012

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Feirm Factor ar ais arís!

Katie McGreal

CÉ nach mbeidh Alan Dukes ar ais ina bhreitheamh sa tsraith 'Feirm Factor' i mbliana, beidh deis ag an mbreitheamh eile, Seán Ó Lionáird, troid le hiarcheannaire an Chomhaontais Ghlais, Trevor Sargent, duine nach réitíonn sé go maith leis ach an oiread. Beidh Trevor ina bhreitheamh speisialta ar an tsraith ar feadh cláir nó dhó.

Is clár réaltachta i bhfoirm comórtais é Feirm Factor. Tá ar 12 feirmeoir ó áiteanna éagsúla timpeall na tíre neart tascanna éagsúla a dhéanamh bunaithe ar jabanna a bhíonn ar bun acu ar an bhfeirm: geataíocht, déileáil le hainmhithe, sábháilteacht ar an bhfeirm agus mar sin de.

Gheobhaidh an feirmeoir is fearr duais de díp ó Land Rover Ireland agus bliain d'árachas cuimsitheach ó FBD Insurance.

Sna sraitheanna eile, bhí trí bhreitheamh i láthair ar feadh na sraithe ar fad ach, i mbliana, ní bheidh ann ach beirt bhreithiúna - Maura Derrane agus Seán. Tiocfaidh seachtar eile isteach le breithiúnas a dhéanamh ar feadh cláir nó dhó.

"Cuireann sé seo go mór leis an gclár," a deir Seán. "Cuireann sé níos mó brú ar na hiomaitheoirí toisc go bpiocann na breithiúna éagsúla daoine difriúla agus táthar uilig ag lorg rudaí éagsúla."

Beidh Michael O'Doherty atá i gceannas ar an Scoil Tréidliachta sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, an t-iarAire Talmhaíochta, Mary Coughlan, agus Pádraig Ó Céidigh ó Aer Arann i measc na mbreithiúna éagsúla.

Ar ndóigh, beidh Trevor Sargent mar chuid de na breithiúna sin freisin. Táim ag tnúth go mór leis na cláir le Trevor a fheiceáil. Táim ag iarraidh a fháil amach conas a éireoidh leis féin agus Seán teacht ar chinntí agus conas a bheidh siad le chéile le linn na gclár.

Cuirfidh Maura an tsraith i láthair arís i mbliana, rud a bhfuil Seán thar a bheith sásta faoi. Síleann sé gur láithreoir den scoth atá inti agus go ndéanann sí sár-jab ar an gclár.

Síleann Seán go raibh an bua ag duine iontach, cliste agus macánta i mbliana ach níor cheap sé ón tús go mbeadh an bua aige.

"Bhí ionadh orm gur lean sé chomh fada ar aghaidh sa chomórtas," a deir Seán ach, ag an deireadh, "buaiteoir iontach" a bhí ann.

Chuir mé ceist ar Sheán mar gheall ar mhná sa chomórtas agus thug sé ardmholadh do mhná go ginearálta. Síleann sé, má theastaíonn rud a dhéanamh i gceart, cuir bean á dhéanamh agus déanfaidh sí é, agus nach bhfuil an ceart aige!

Le linn an chomórtais, cheap sé go raibh na mná uilig thar a bheith láidir agus cuireann siad brú ar na fir, go háirithe le linn trialacha a bhaineann le heolas. Ach go ginearálta, titeann siad siar ar an taobh praiticiúil den chomórtas toisc nach mbíonn roinnt rudaí déanta rómhinic acu cheana.

"Dá mbeadh mé i gcomórtas mé féin," a deir sé, "agus dá mbeadh mé in aghaidh bean, bheadh orm obair an-chrua ar fad."

Go hiondúil, bíonn níos mó fear sa chomórtas ach bhuaigh Caroline O'Neill an comórtas iomlán sa dara bhliain den tsraith in 2010. Na mná abú!

Is féidir Seán, Maura agus na hiomaitheoirí uilig a fheiceáil ar TG4 ar an Luan, 13 Feabhra ag 9.30in.

Comhfhiontar RTÉ agus Filmbase ag spreagadh stiúrthóirí úrnua

Áine Ní Chuaig

TÁ comórtas á reáchtáil faoi láthair mar chuid de cheiliúradh caoga bliain RTÉ. Is comhfhiontar idir an craoltóir náisiúnta agus Filmbase atá ann, a thabharfaidh deis do stiúrthóirí óga nua clár faisnéise 25 nóiméad a chóiriú le craoladh ar RTÉ amach anseo.

Tá an comórtas 'Doc on the Box' oscailte do dhaoine os cionn 18 bliain d'aois.

Bronnfar conradh trí mhí ar an mbuaiteoir chun clár faisnéise a léiriú agus a stiúradh, clár a bheidh dírithe ar dhaoine ins na fichidí.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh dlúthbhaint idir bunscéal agus téama an chláir agus an chaoi a maireann daoine an aois sin in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Cuirfear léiritheoir feidhmiúcháin ar fáil le comhairle a chur ar an mbuaiteoir le linn an léiriúcháin ach caithfidh fís láidir stiúrthóireachta a bheith ag an té a roghnaítear. Ní mór taithí ceamaradóireachta, chomh maith le tuiscint mhaith ar léiriúchán físe, a bheith ag na hiarrthóirí a bhfuil suim acu cur isteach air. Íocfar buntáille ar feadh 12 seachtain leis an mbuaiteoir.

Ainmneofar an gearrliosta ag aimsir na Cásca agus is i mBealtaine a fhógrófar an buaiteoir.

Léireofar an clár le linn an tsamhraidh agus bheadh súil é a chraoladh ar RTÉ i bhfómhar nó i ngeimhreadh na bliana seo, má fheileann sé don am sin den bhliain.

Is é an Aoine 2 Márta 2012 an spriocdháta le hiarratais a dhéanamh.

Caithfear cóip chrua a sheoladh isteach roimh 5.00in ar an lá chuig 'Doc on the Box', Filmbase, An Chuarshráid, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2.

Tá Clare Creely ó Filmbase ar fáil le haon cheisteanna a bheadh ag iarrthóirí a fhreagairt. Is féidir teagmháil a dhéanamh lei ag clare@filmbase.ie nó 01-8815102.

Is féidir na treoirlínte ar fad agus eolas sa bhreis a fháil ag na naisc: www.filmbase.ie/doconthebox agus www.rte.ie/tv50/

Féach ar:

TG4: An G Team
An tseachtain seo, tabharfaidh pobal Lios Mór i gContae Phort Láirge aghaidh ar Bhaile na nGallóglach i gContae Dhún na nGall ina n-iarracht an duais €40,000 a bhuachan ó Fhoras na Gaeilge trí Ghaeltacht a dhéanamh ina gceantar. Dé Domhnaigh @ 8in.

RTÉ a haon: The Irish Film and Television Awards
Seo an 9ú bliain d'oíche bhliantúil Ghradaim Scannán agus Theilfíse na hÉireann. Cuirfidh Simon Delaney an oíche i láthair sa Convention Centre i mBaile Átha Cliath agus is féidir an rud ar fad a fheiceáil beo ar an teilifís. Dé Sathairn @ 9.35in.

BBC 2: Versailles: The Palace of Pleasure
Is dráma faisnéise é seo faoi réimeas Rí na Fraince, Louis XV, a bhí ina rí sna 1700í. Faighimid léargas ar chogaí, ar ghnéas agus ar chéasadh ón am sin sa chlár seo. Inniu @ 9in.

Éist le :

RTÉ Raidió 1: Documentary on One: The Royal Irish
Sa chlár faisnéise seo, buailfimid le saighdiúirí Éireannacha atá ag troid san Afganastáin mar chuid d'Arm na Breataine. Dé Sathairn @ 6in.

RTÉ Lyric fm: The Lyric Concert with Paul Herriott
Cloisfimid ceolchoirm an Cheathairéid Vanbrugh i Leitir Ceanainn ar chlár na seachtaine seo. Anocht @ 8in.

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Ar mo thaisteal dom
Sa tsraith nua seo, cuirfidh Máirtín Davy Ó Coisdealbha ar an eolas muid faoi imeachtaí agus pobail Iarthar na hÉireann. An tseachtain seo, cloisfimid faoin gceiliúradh 25 bliain a bhí ag Club Áras na nGael ar Shráid Doiminic i nGaillimh. Dé Domhnaigh @ 6.30in.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Scéal Ghearóid Iarla inste go fileata ag Máire Mhac an tSaoi

Scéal Ghearóid Iarla
Foilsithe ag Leabhar Breac
112 lch, €15
Duaisleabhar Ghradam Uí Shúilleabháin 2011

DEARTHA ag Caomhán Ó Scolaí agus foilsithe ag Leabhar Breac, tá cuma álainn ar an leabhar 'Scéal Ghearóid Iarla' leis an bhfile agus scríbhneoir cáiliúil Máire Mhac an tSaoi. Tá clúdach crua ar an leabhar seo agus tá íomhá as an Nürnberger Turnierbuch mar bhunús do dhearadh an fhorchlúdaigh.

Úsáidtear an cló ar leith atá sa teideal do cheannteidil na gcaibidlí sa leabhar, agus anseo is ansiúd freisin. Tá torc na nGearaltach mar mhaisiú ar na fordhuilleoga laistigh. Leabhar don leabharbhách.

Is leabhar costasach é seo ar €15, nuair a thugtar san áireamh gur leabhar beag gearr atá ann, ach mar sin féin tá an-obair curtha isteach sa chuma atá ar an bhfoilseachán agus seans go mbeidh léitheoirí sásta cúpla euro breise a íoc as sin.

Tá leagan amach soiléir simplí ar an leabhar, le trí phríomhchuid: I - Macghníomhartha Ghearóid, II - An tIarla Óg agus III - Clabhsúr. Is maith an rud é go bhfuil an leabhar briste suas mar cuidíonn sé leis an léitheoir an comhthéacs agus cúlra a thuiscint. Ní hamháin go bhfuil trí phríomhchuid sa leabhar, ach tá na caibidlí ar fad gearr freisin, agus tá sé níos éasca, mar sin, an scéal a leanúint agus cúpla caibidil a léamh ag aon am amháin.

Ó thaobh ábhar an leabhair féin, iarracht atá anseo scéal Ghearóid Iarla a insint ag brath ar a chuid rannaireachta féin, agus deirtear sin sa leabhar. Taoiseach Normannach, file Gaelach agus leasrí Shasana in Éirinn ab ea Gearóid Iarla. Cé go mbíodh aithne air mar Ghearóid Iarla, Gearóid Mac Gearailt an tainm ceart a bhí air. In ainneoin a chumhachta, cuimhnítear fós ar Ghearóid Iarla mar fhile a thug gean do na mná, agus mar sheandraoi.

Don léitheoir aineolach, ní shílim go n-insítear scéal Ghearóid Iarla ar bhealach iomlán cuimsitheach, mar bhraith mé go raibh bearnaí san insint ó am go ham. Ach, mar sin féin, déanann an túdar cur síos ar eachtraí ar leith ar bhealach snasta agus spéisiúil, agus díríonn sí isteach ar chuid de na heachtraí ba shuntasaí i saol Ghearóid Iarla.



Tá ardchaighdeán Gaeilge le sonrú sa leabhar, ní nach ionadh ós rud é gurbh í Máire Mhac an tSaoi a scríobh é. Is dea-rud é seo do léitheoirí áirithe, mar gur deis é chun cur lena stór focal agus nathanna cainte. Ní hamháin sin ach tá an-chuid focal agus frásaí ó chanúint na Mumhan le feiceáil síos tríd an leabhar, cuid acu nach mbíonn in úsáid ar chor ar bith a thuilleadh, i ngnáthchaint na ndaoine ná i scríbhneoireacht na Gaeilge ach an oiread.

Deis atá ann do dhaoine cuid de shaibhreas na Gaeilge a shealbhú agus a choinneáil beo.

Deis atá ann do dhaoine cuid de shaibhreas na Gaeilge a shealbhú agus a choinneáil beo. Ar an láimh eile, tá go leor léitheoirí nach mbeidh in ann an scéal a leanúint go héasca mar gheall ar dheacrachtaí leis an teanga.

Ar an láimh eile, tá go leor léitheoirí nach mbeidh in ann an scéal a leanúint go héasca mar gheall ar dheacrachtaí leis an teanga. Ní bhíonn gach léitheoir sásta nó toillteanach an foclóir a thógáil amach agus focail a lorg ann gach cúpla nóiméad agus, faraor, tá gach seans gurb é sin a bheadh ag teastáil ó neart daoine.

Tá lorg na Gaeilge Clasaicí ar chuid den chaint sa scéal agus seans gur iarracht a bhí ansin an aois agus an tréimhse ina bhfuil an scéal suite a ath-shamhlú agus a chur i láthair dúinn ar bhealach réalaíoch.

Ní dóigh liom féin go raibh gá leis sin agus sílim go mbeadh margadh níos leithne ann don leabhar dá mbeadh an teanga níos sothuigthe agus nua-aimseartha.

D'fhéadfá a rá gur leabhar é seo le léitheoirí agus margadh róghnaitheach, agus láithreach bonn, cuirtear go leor daoine as an áireamh mar gheall ar an gcineál teanga atá in úsáid ann.

Is file í Máire Mhac an tSaoi agus níl aon amhras ach go bhfuil an leabhar seo curtha i láthair agus inste go fileata. Saothar ealaíne atá ann ar bhealach, le comhthéacs agus scéal stairiúil mar chuid de.

Is féidir an leabhar a cheannach sna siopaí nó a fháil ar líne ar www.leabhar-breac.com.

Saothair An tSnáthaid Mhór ar taispeáint sa Bhruiséil

Meadhbh Ní Eadhra

BA í an t-údar Caitríona Hastings agus an dearthóir Andrew Whitson a sheol clár imeachta Ardán na Bruiséile 2012 thall sa Bhruiséil, tráthnóna inné. Sheol an bheirt Éireannach, a bhfuil duaiseanna agus gradaim bronnta orthu cheana mar gheall ar a gcuid saothair, sheol siad taispeántas ealaíne ó leabhair dá gcuid atá foilsithe ag an tSnáthaid Mhór, comhlacht foilsitheoireachta lonnaithe i mBéal Feirste.

Tháinig cuid de na híomhánna agus na sleachta ón leabhar 'Balor', a bhuaigh leabhar na bliana do dhaoine óga 2009, agus Mac Rí Éireann, a bhuaigh Duais Bisto don dearadh, in 2011. Fad is a bhí an taispeántas á sheoladh acu, phléigh Caitríona agus Andrew a gcuid saothair os comhair lucht féachana idirnáisiúnta. Bhí Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, agus ionadaithe an AE, i measc an tslua.

Maireann Ardán na Bruiséile ó mhí Mheán Fómhair go mí an Mheithimh agus is éard atá i gceist ná deis do cheoltóirí, scríbhneoirí, damhsóirí agus ealaíontóirí a gcuid buanna a thaispeáint don phobal ag deich n-imeacht mhíosúla sa Bhruiséil. Is mar thoradh ar chomhoibriú idir an Chomhairle Ealaíon ó thuaidh agus Oifig Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann thall sa Bhruiséil a bunaíodh an togra seo.

Is as Contae Thír Eoghain do Chaitríona Hastings agus is Feirsteach é Andrew Whitson. Is mór an t-éacht é dóibh dul chomh fada leis an mBruiséil lena gcuid saothair agus níl aon amhras ach gur deis iontach é dóibh a gcuid oibre a thaispeáint do lucht féachana idirnáisiúnta.

Andrew Whitson, an tSnáthaid Mhór, i mbun oibre.

Crosfhocal 08.02.2012



NODANNA

TRASNA

1 I rith, ar -----, le linn (5)
3 Fuaim ag teacht ar ais chugat (7)
6 Is as seo a thagann uisce as an talamh (5)
8 An mhéid is lú (5)
9 Ag maireachtáil, an mhalairt ó mharbh (3)
10 Beicigh, gairm, scread (6)
12 Soilsíonn sé sa spéir san oíche (7)
14 Athuair, uair eile (4)
16 Lámh dhúnta - i gcomhair troda, b'fhéidir (4)
17 Capaill bhána ar bharr na farraige (6)
18 'Seo mar a aithnítear duine ó dhuine eile (4)
20 An duine is fearr leat, an duine is ---- leat (4)
22 Feá, beith, darach (5)
23 Treo, ar chompás mar shampla (4)
24 Mír dhiúltach san aimsir caite (4)
25 Ainmhí feirme as a fhaigheann muid idir feoil agus bainne (2)
26 Cáil, iomrá (3)

SÍOS

1 Ceist chasta go gcaithfear réiteach (5)
2 Riamh, gan stad, go --- (3)
3 Ard agus leathan (3)
4 An deireadh (6)
5 Comhfhreagras (5)
6 Cat fiáin riabhach as an Áise (6)
7 Áit ard charraigeach ar bharr ghleanna (4)
10 Téann tú chuig an phictiúrlann leis seo a fheiceáil (7)
11 Is leath na hoibre ceann maith acu seo (3)
13 Inneall ag tosú, nó buama ag pléascadh (7)
14 Méadaithe, ramhar (3)
15 Gléas lena n-éisteann tú le SBB, Rónán agus a gcomhghleacaithe.. (6)
17 Carn, cnoc íseal (6)
19 Gadhar, cú (5)
21 Tomhas talún (4)
23 Focal tacaíochta don chontae nó d'fhoireann áitiúil (3)

Crosfhocal 01.02.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Áine Uí Luain
Co Aontroma

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 13.02.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid Mhargadh, Gaillimhe.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Lá Vailintín: Cad a dhéanfaidh tú?

DÁR liomsa, níl muide in Éirinn rómhaith ag taispeáint ár gcuid mothúchán. Ní daoine muid ar maith linn suí síos agus ár dtrioblóidí a roinnt leis an saol mór.

Is fearr linn dul amach le haghaidh cúpla deoch agus píosa spraoi a bheith againn. Cé a bheadh sásta éisteacht linn féin agus ár dtrioblóidí ar aon nós?

Ní hé go bhfuil aon 'Jeremy Kyle' againn in Éirinn agus fiú dá mbeadh, ní mhairfeadh sé dhá lá anseo. Ach tá lá amháin den bhliain ann a gcaitheann muintir na hÉireann a gcuid mothúchán a thaispeáint, sin é Lá Vailintín!

Caithfidh siad iarracht a dhéanamh an mothúchán grá a chraobhscaoileadh ar bhealach éigin.

Ar an gceathrú lá déag den mhí seo, ní bheidh le feiceáil ar an teilifís ach daoine atá i ngrá, daoine atá ag cuardach grá agus daoine ar mhaith leo a bheith i ngrá. Ní bheidh le ceannacht sna siopaí ach rudaí dearga.

Beidh líon mór bláthanna á seoladh ar fud na háite agus don lá sin amháin cuirfear fáilte roimh fhear an phoist agus na billí ach cárta beag deas a bheith aige nó aici freisin.

Níl orthu anois ach '*poke*' a thabhairt do dhuine ar Facebook nó '*tweet*' a sheoladh chuig duine ar Twitter agus sin a bhfuil.

Bhí nós ann fadó, nuair a bhí mé fhéin ag dul ar scoil, agus is éard a bhí ann ná go dtabharfadh daoine téipeanna dá chéile den cheol a thaitin leo, agus dhéanfadh muid féin na cártaí in áit iad a cheannacht sa siopa.

Bhí sé sin spraoiúil ach ar ndóigh níl an téip fhéin le fáil anois! Is deacair na bealaí traidisiúnta a shárú.

Ach ar ais go dtí na mothúcháin úd! Sa lá atá inniu ann, tá sórt bealach amach ag daoine nach bhfuil ag iarraidh a chéile a fheiceáil ná labhairt lena chéile ná airgead a chaitheamh mura mian leo, a bhuíochas sin do na meáin shóisialta.

Níl orthu anois ach 'poke' a thabhairt do dhuine ar Facebook nó 'tweet' a sheoladh chuig duine ar Twitter agus sin a bhfuil.

Agus ar ndóigh beidh 'app' éigin ann a sheolfaidh na teachtaireachtaí sin chugat go huathoibríoch freisin, más gá.

Tá tú anois in ann nóta a scríobh agus do chuid a rá gan ort a bheith i do sheasamh ansin ag fanacht le freagra.

Seoltar pictiúr de rósanna anois agus tugtar román-súlacht air sin! Sórt réabhlóide é sin do dhaoine áirithe faoin am seo, ach is dóigh go bhfuil maitheas éigin sna bealaí nua cumarsáide seo freisin, nuair a chuimhníonn tú ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí eacnamaíochta agus an chraic sin ar fad faoi láthair.

Meas tú cá mbeidh muid faoi cheann deich mbliana eile?

Tá súil agam go mbeidh an grá fós go láidir ar aon nós.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Athruithe ar Shochar Linbh

Ceist : Tá ceathrar leanaí agam. Cúpla iad an bheirt is óige. Cén íocaíocht Sochar Linbh a gheobhaidh mé in 2012?

Freagra :

Tá Sochar Linbh iníoctha le tuismitheoirí nó le caomhnóirí leanaí faoi 16 bliana d'aois. Tá sé iníoctha freisin nuair atá leanbh faoi 18 mbliana d'aois má tá an leanbh in oideachas lánaimseartha, in oiliúint Ógtheagmháil FÁS nó má tá sé/sí faoi mhíchumas. Fógraíodh i mBuiséad 2012 go ndéanfar rátaí íocaíochta Sochar Linbh a chaighdeánú don uile leanbh ag €140 in aghaidh an linbh sa mhí go ceann dhá bhliain.

Fanann Sochar Linbh ag €140 sa mhí do gach ceann den bheirt leanaí is sine. Ó Eanáir 2012, laghdófar an ráta don tríú leanbh chuig €148 ó €167 agus don cheathrú leanbh agus do gach leanbh ina dhiaidh sin, chuig €160 ó €177.

Leantar leis an íocaíocht bhreise mhíosúil le haghaidh cúplaí agus tríríní a íoc. Oiread go leith an ghnáthráta mhíosúil le haghaidh gach linbh is ea Sochar Linbh le haghaidh cúplaí.

I do chás, ós rud é go bhfuil beirt leanaí agat cheana, is iad na cúplaí an tríú agus an ceathrú leanbh sa teaghlach. Mar sin, is ionann agus €222 (€148 x 1.5) agus €240 (€160 x 1.5) an íocaíocht mhíosúil do na cúplaí.

Cé gur coimeádadh an íocaíocht bhreise mhíosúil le haghaidh cúplaí agus tríríní, ní íocfar an deontas €635 a íocadh tráth na breithe, ag aois 4 bliana agus ag aois 12 bhliain do na hilbhreitheanna seo a thuilleadh.

Amhail a leanas iad na rátaí íocaíochta Sochar Linbh le haghaidh 2012: Líon leanaí, Leanbh Amháin - €140, Beirt Leanaí - €280, Triúr Leanaí - €428, Ceathrar Leanaí - €588 , Cúigear Leanaí - €748, Seisear Leanaí - €908, Seachtar Leanaí - €1,068, Ochtar Leanaí - €1,228. Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

SCÉALTA SACAIR

Corn Setanta 2012 – Bóthar go Sraith Uile-Éireann?

Captaen Ruagairí na Seamróige, Craig Sives leis an 'Setanta Sports Cup', in éineacht le Brian Gartland, Port a' Dúnáin, Owen Heary, Boihéamaigh, Matthew Snoddy, Na Crosáidirí, Kieran Marty Waters, Fánaithe Bhrí, Ryan McBride, Cathair Dhoire agus Michael Gault, Linfield, ag seoladh an 'Setanta Sports Cup 2012' i Staid Aviva, i mí Eanáir [PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Daithí Mac Tighearnáin

FAOI dheireadh thiar thall, tar éis briseadh fada ó bhí deireadh mhí Dheireadh Fomhair ann, tá ár gclubanna (bhuel ceithre cinn díobh) ar tí filleadh ar imirt iomaíochtúil. Dé Luain seo chugainn, cuirfear tús leis an gcomórtas Uile-Éireann, Corn Setanta 2012.

Tá 12 foireann ag glacadh páirte i mbliana (na sé fhoireann ba rathúla anuraidh ón da shraith ón dá thaobh den teorainn) i gcomparáid le naoi bhfoireann in 2011. Céim é seo i dtreo Shraith Uile-Éireann? Neosfaidh an aimsir. Tuilleadh faoi seo níos faide thíos.

Seo a leanas an tarraingt do bhabhta a haon: Fánaithe Bhré v Glentoran; Na Boihéamaigh v Port an Dúnáin; Drioglann Lios na gCearrbhach v Cathair Dhoire; Cliftonville v Lúthchleas Phádraig Naofa. Imreofar an chéad chluiche idir na foirne seo Dé Luain seo chugainn agus an dara cluiche an Luain dár gcionn.

Is iad Bré, na Boihéamaigh, Drioglann Lios na gCearrbhach agus Cliftonville a bheas ag baile an chéad oíche. Rachaidh na foirne leis an líon cúl is airde ón dá chluiche ar aghaidh chuig an mbabhta ceathrú ceannais.

Rachaidh na ceithre chlub seo isteach sa hata leis an dá chlub ba rathúla ón dá shraith in 2011 ar 20 Feabhra chun na cluichí ceathrú ceannais a chruthú. Is iad Ruagairí na Seamróige, Ruagairí Shligigh, Linfield (seaimpíní an Tuaiscirt 2011) agus Crusaders na ceithre fhoireann sin.

Imreofar na cluichí ceathrú ceannais ar 5 Márta agus arís ar 20 Márta. Imreofar an babhta leathcheannais ar an mbonn céanna, ach ní bheidh ach cluiche amháin sa bhabhta ceannais. Gheobhaidh buaiteoirí Chorn Setanta 2012 (seaimpíní neamhoifigiúla Uile-Éireann) €50,000, gheobhaidh na tánaistí €30,000, na clubanna a chailleann sa bhabhta leathcheannais €15,000, na clubanna a chailleann sa bhabhta ceathrú ceannais €10,000 agus na clubanna a chailleann sa chéad bhabhta €7,500.

Tá an duais airgid seo suarach, mar a bhí sé anuraidh. Sa mhullach air sin, níl áit i gcomórtas Eorpach ar fáil ón chomórtas seo.

Cén fáth an comórtas seo mar sin agus na foirne páirtaimseartha seo báite i gcluichí cheana féin?

I mbeagan focal, tá an comórtas ar an saol i mo thuairim chun caidreamh thuaidhtheas an chlubshacair a mheas ó bhliain go bliain.

Ó saolaíodh an comórtas in 2005, tharla go leor scirmisí foréigneacha ag na cluichí, rud a d'ísligh an tinreamh.

Ní aithníonn an-chuid de lucht sacair an Tuaiscirt an coincheap uile-Éireannach.

Beatha daoine a dtoil, ach níl malairt Bhriotanach ar fáil dóibh. Ach ní neart go cur le chéile. Tá an dá Stát seo ró-bheag do shraith náisiúnta an Stáit. A fhad is a bheidh na scirmisí agus an teannas seo feiceálach i gCorn Setanta, beidh muid gan sraith uile-Éireann.

Níl mórán cainte ar shraith uile-Éireann ó mhaithe móra an tsacair i mBaile Átha Cliath ná Béal Feirste. Fágfaidh na dreamanna reatha siúd cúrsaí mar atá siad – ní maith ró-stró!

Bhí ciúnas 20 nóiméad i seomra feistis Éireann

Díoma : Fergus McFadden, ar chlé agus Gordon D'arcy ar dheis [PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Cillian Ó Conchúir

"TÁ an Grand Slam imithe. Tá an Choróin Thriarach imithe. Cad ar a shon a bhfuilimid ag imirt anois?" Ba é sin achoimre Gordan D'Arcy i seomra feisteis faoin Aviva ar an Domhnach.

Focla réalaíocha a bhí iontu agus seans gur chóir an t-ochtú háit sa rangú domhanda a chur leis áfach.

Níl aon amhras ach gur chuir sé in iúl an brón a bhí á mhothú ag na himreoirí tar éis an tríú cailliúint as a chéile in aghaidh na Breataine Bige.

Bhí ciúnas 20 nóiméad i seomra feistis na foirne ag deireadh an chluiche.

An gá bheith buartha? Dúirt bainisteoir na Breataine Bige, Warren Gatland, go raibh an t-ádh leis an Bhreatain Bheag, ach seans go bhfuil sé beagáinín cineálta sa mhéid sin.

D'fhéadfadh siad an cluiche a bheith curtha chun críche acu sula raibh leath ama ann, ach sheas cosaint théagartha na nÉireannach.

Ach ní raibh an iarracht chéanna le feiscint agus iad ag dul chun tosaigh agus tá sé deacair a shamhlú conas gur féidir leo déileáil leis an Fhrainc.

Nuair atá leithéidí Aurelien Rougerie, Wesley Fofana, Vincent Clerc, Julien Malzieu agus Maxime Medard sna cúlaithe, tá an chosúlacht ann go mbeidh níos mó ag teastáil ó Éirinn ná teacht ar ais Keith Earls. "Táimid ag iarraidh roinnt bróid a chur ar ais sa suaitheantas," a dúirt D'Arcy agus seans gurb é sin an ghné is cinniúnaí a bhaineann leis an fhoireann agus iad ag tabhairt aghaidh ar La Marseillaise ar an Satharn.

Is cluiche ceannais é seo do Kidney. Tá imreoirí agus foireann na hÉireann in ísle brí, agus is faoi atá sé muid a ardú amach as. "Táimid ag imirt ar son na Craoibhe anois," a dúirt D'Arcy.

Ach cad faoin Fhrainc faoi bhainistíocht nua Philippe Saint-Andre? Níl an chuma orthu go bhfuil siad ag maireachtáil ar phaidir tar éis bua sách éasca i gcoinne na hIodáile, 30-12.

Tá Malzieu, a fágadh ar lár faoi bhainistíocht Marc Lievremont, ar ais. Úd 50 méadar a ghnóthaigh sé chomh maith le himreoir an chluiche tar éis dó taispeántas fíorláidir a chur isteach. Ach níl a áit deimhnithe aige.

Tá foireann mhór ag Saint-Andre sa chaoi agus gur féidir leis imreoirí a fhágáil ar lár agus a fhios aige go bhfuil an fhoireann slán. An féidir an rud céanna a rá faoi fhoireann na hÉireann? Nílimid tar éis bua a fháil i bPáras ó chluiche éachtúil O'Driscoll siar in 2000. Níl stair linn, ach ní ghéilleann spiorad na hÉireann. Ní dual do na hÉireannaigh géilleadh agus tá sé sin léirithe arís is arís eile ar pháirc na himeartha.

Is cluiche ceannais é seo do Kidney. Tá imreoirí agus foireann na hÉireann in ísle brí, agus is faoi atá sé muid a ardú amach as. "Táimid ag imirt ar son na Craoibhe anois," a dúirt D'Arcy.

"B'fhéidir gur féidir linn dul ann, teacht aniar aduaidh orthu agus an bua a fháil agus muide a bheas ag ceiliúradh i gceann ceithre chluiche."

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Feabhra, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Mheall Páirc an Chrócaigh an méad céanna is a mheall an Avivia

Bhuel, thaispeáin méid na ndaoine a chuaigh go Páirc an Chrócaigh an Satharn seo caite go bhfuil ansuim sa Pheil Ghaelach agus, nuair a deintear fógraíocht cheart, go dtéann na daoine céanna go dtí na cluichí.

Chuaigh níos mó na daichead a cúig míle duine (beagnach an méid céanna a bhí i láthair ag an gcluiche rugbaí a bhí i Staid Aviva ar an Domhnach) go dtí an dá chluiche a bhí ag ceanncheathrú faoi shoilse an Satharn seo chaite, dar ndóigh an chuid is mó díobh ann don choimhlint idir an fhoireann bhaile agus Ciarraí.

An uair seo bhí an bua ag an Ríocht le cabhair ardtaispeántais ó Brian Sheehan agus cúl cinniúnach ón naoscaire Darran O'Sullivan.

An deireadh seachtaine seo cuirfidh Ciarraí fáilte roimh Ard Mhacha sa bhaile . Thug foireann an Tuaiscirt an-taispeántas sa dara leath i gcoinne Chorcaí an Domhnach seo caite chun chomhscór a thuilleadh agus, cinnte, tógfaidh siad misneach as an toradh sin agus iad ag ullmhú d'fhoireann iomráiteach na Ríochta . Ní dóigh liom, áfach, go mbeidh siad maith go leor an uair seo .

Tá caighdeán roinn a haon na sraithe an-ard agus gach cluiche tábhachtach. Ní dóigh liom go raibh Jim McGuinness róshásta le toradh a gcéad chluiche i gcoinne an Dúin agus cinnte beidh siad ag súil leis an mbua a fháil nuair a thagann Laois ar cuairt an Domhnach beag seo.

Téann an Dún go Corcaigh agus níl aon dabht ná go mbeidh siad faoi bhrú ann cé nach raibh an fhoireann cois Laoi go hiontach an deireadh seachtaine seo caite.

Cuireann Maigh Eo, agus dhá phointe sraithe acu, fáilte roimh na Dubs an Satharn beag seo. Beidh foireann Pat Gilroy faoi bhrú má chailleann siad an cluiche seo, mar sin is dóigh go mbeidh dianchoimhlint againn i bPáirc Mhic Éil.

I roinn a dó tá tosach maith déanta ag peileadóirí na Gaillimhe agus beidh siad ag iarraidh cur leis nuair a thagann an Lú ar cuairt ar an Domhnach.

Beidh dhá chluiche shuimúla in iománaíocht na gclubanna ar siúl ar an Satharn beag seo . Síos an bóthar ó Pháirc an Chrócaigh i bPáirc Pharnell beidh Na Piarsaigh ó Luimneach agus Seamróga Loch gCaol ó chontae Aontroma ag féachaint ar a chéile.

Ó thuaidh tá an-mheas ar a bhfoireann féinig agus seo an dara huair i ndiaidh a chéile dóibh i leathchraobh sinsir na gclubanna agus dar ndóigh rinneadar a bpíosa staire féinig in 1983 nuair a thugadar leo an chraobh chéanna (an t-aon chlub amháin ó Chúige Uladh a rinne an beart riamh.)



Oíche Dé Sathairn seo caite faoi shoilse Pháirc an Chrócaigh, Barry John Keane, Ciarraí, ag streachailt fríd i gcoinne Craig Dias, ar chlé, agus Ger Brennan, Baile Átha Cliath, sa chéad bhabhta de Shraith Peile Allianz na bliana seo. Bhuaigh Ciarraí an cluiche 1-14 go 0-11. [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Tá slám maith imreoirí óga ag teacht tríd ag na Piarsaigh agus rinneadar éacht nuair a bhuadar craobh na Mumhan roimh Nollaig le foireann láidir ach a bhformhór an-óg.

Tá triúr tosaithe den scoth acu i Shane Dowling, Kevin Downes agus captaen nua iománaithe Luimnigh David Breen. Má imríonn siad mar a d'imríodar i gcoinne Chroisín san athimirt i gcraobh na Mumhan ba cheart go mbeadh an bua acu ach bí cinnte de nach mbeidh sé éasca.

Ó dheas i bPáirc na nGael i Luimneach beidh dianchoimhlint ann idir Cúl Doire Uíbh Fhailí agus Gort Inse Guaire na Gaillimhe . Tá sé rídheacair craobh na Gaillimhe a bhuachaint le fiche bliain anuas agus caithfidh go bhfuil a seaimpíní go maith .

Tá caighdeán roinn a haon na sraithe an-ard agus gach cluiche tábhachtach. Ní dóigh liom go raibh Jim McGuinness róshásta le toradh a gcéad chluiche i gcoinne an Dúin agus cinnte beidh siad ag súil leis an mbua a fháil nuair a thagann Laois ar cuairt an Domhnach beag seo.

Tá tuairim is tríocha bliain caite ó bhuaigh Gort craobh an chontae agus níor bhuaigh foireann Uíbh Fhailí craobh Laighean riamh, mar sin níl mórán taithí ag ceachtar den dá fhoireann ag an leibhéal seo agus tá sé rídheacair aon tomhas a dhéanamh ar cé a bhuafaidh an cluiche.

Chonaic mé cúpla ceann de chluichí céad bhabhta chomórtas Mhic Giobúin an tseachtain seo caite . Thug Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC) le fios go bhfuil siad lándáiríre faoi áit a bhaint amach sa chraobh le hardtaispeántas i gcoinne Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) ina gcéad chluiche. Thugadar léasadh ceart don choláiste ó Bhaile Átha Cliath agus leis an taispeántas sin thugadar comhartha gurb iad féinig rogha na coitiantachta don chomórtas. Beidh an chraobh á himirt i gCorcaigh i mbliana ar an gcéad deireadh seachtaine de Mhárta sa Mhuirdíog, páirc bhaile UCC. Tá foireann láidir freisin ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus súil acu bheith ag imirt an deireadh seachtaine céanna . Ach suas an bóthar i Luimneach tá dhá ionad léinn eile agus foirne láidre iománaíochta acu. Sea, sa chéad chluiche ina roinn d'imir Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh i gcoinne a chéile agus comhscór mar thoradh ar an gcluiche san.

Tá ceithre roinn le trí fhoireann iontu sa chomórtas. Tiocfaidh dhá fhoireann amach as gach roinn, agus imreoidh siad san sna cluichí ceathrú craoibhe . Mar sin tá a lán cluichí le nimirt fós sara mbeidh deireadh déanta . Is iontach an comórtas é agus táim ag súil lena lán cluichí eile ar ardchaighdeán sara mbronnfar an corn sin.

Beir Bua.

"Ciarraí an fhoireann is fearr agus caithfear an bhearna sin a ídiú": Gilroy

Cillian Ó Conchúir

NÍ fhéadfá rud amháin a shéanadh oíche Sathairn nuair a bhí Baile Átha Cliath agus Ciarraí ag tabhairt aghaidh ar a chéile. Tá géarghá ag Pat Gilroy le himreoirí nua a thabhairt tríd chun scóranna a aimsiú ar amantaí cinniúnacha. "Ní raibh ár n-iarracht sa dara leath mar ba cheart," a dúirt Gilroy.

"Tuigeann muid go bhfuil an-chuid oibre le déanamh, gurb iad Ciarraí an fhoireann is fearr agus caithfear an bhearna sin a ídiú." Cabhróidh teacht ar ais na ndeartháireacha Alan agus Bernard Brogan chun an bhearna a bhí idir iad féin agus Ciarraí a laghdú, mar gheall ar chumas na beirte sin scóranna a aimsiú.

Ach sa chás seo ní gaire cabhair na beirte Brogan do Gilroy ná an chéad chluiche eile.

"I gceann dhá nó trí seachtaine, beidh siad ar ais," dar le Gilroy. "D'fhéadfainn iad a chur chun páirce láithreach, ach níl an aclaíocht a ghabhann le cluichí a imirt acu.

Bainisteoir Bhaile Átha Cliath, Pat Gilroy
[PIC : CREDIT: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Caithfear bheith cúramach, bheith ag smaoineamh ar an mbóthar fada seachas a mhalairt. Tá roinnt ann a d'fhéadfadh imirt, ach tá roinnt ama le dul acu chun leibhéal aclaíochta an chuid eile den fhoireann a shroichint." Níl mórán ama ag fir Gilroy chun rudaí a chur ina gceart sula dtugann Áth Cliath aghaidh ar Mhaigh Eo, i gCaisleán an Bharraigh. Is léir sin ó na hiarrachtaí a chuir na tosaithe amú agus an líon uaireanta gur chaill siad seilbh na caide. Ach níl Gilroy á shéanadh.

"Is dúshlán mór é agus caithfimid teacht ar ais uaidh seo. Tá an-chuid le foghlaim ón gcluiche seo. Nuair atáimid ar barr sa chluiche caithfimid leas a bhaint as agus na deiseanna a thógáil. Má tá tú ag cailliúint i lár páirce chomh dona is a chailleamarna agus tú ag ciceáil na liathróide uait nuair atá sé agat, beidh tú i dtrioblóid agus go mór ar an gcúlchois. Níl aon amhras ach go bhfuil mórán oibre le déanamh."

Ach ní rachaidh Gilroy thar fóir. Tá seachtar ó fhoireann Chraobh na bliana seo caite le teacht ar ais, agus más féidir leis imreoir nó dhó a aimsiú chun tacú le Alan agus Bernard Brogan chun tosaigh, beidh toradh níos cothroime ann an chéad uair eile a thabharfaidh siad aghaidh ar a chéile.

Níos mó ama de dhíth ar Mickey Harte chun foireann Thír Eoghain a atógáil

Cillian Ó Conchúir

THOSAIGH an tSraith Náisiúnta arís an deireadh seachtaine seo caite agus, i bPáirc an Chrócaigh faoi shoilse, leag dhá fhoireann bunchloch síos agus iad meáite ar a slí a dhéanamh go ceannáras Chumann Lúthchleas Gael ag deireadh mhí Mheán Fómhair . Tar éis céad leath gur fearr dearmad a dhéanamh air, tháinig fir Thír Eoghain ar ais sa dara leath chun foireann Kieran McGeeney a chloí.

Ba mhór an t-athrú idir foireann Mickey Harte sa chéad leath agus an fhoireann a chonaiceamar sa dara 35 nóiméad. Sa chéad leath ní róspreagúil a bhí siad.

Chun tosaigh, seachas Stephen O'Neill (0-5), is beag a chruthaigh siad, agus nuair a bhí siad sa trian deireanach den páirc bhí easpa muiníne acu agus bhí deacrachtaí acu cosaint Chill Dara a bhriseadh síos. Ba iad Cill Dara, le Mickey Conway (0-6), a thapaigh an deis. Bhí imreoir i gcónaí ar ghualainn imreora eile chun an pas a thógáil.

D'ionsaigh siad go beomhar, agus ní raibh Tír Eoghain in ann déileáil leo. Ach ní de bharr óráidí leadránacha atá cáil ar Harte agus, dar le Owen Mulligan (0-3), thug an fhoireann aird ar Harte ag leath ama.

"Mheabhraigh siad go maith ar an méid a dúradh ag leath ama, nach raibh an caighdeán maith go leor agus bhí an taispeántas sa dara leath chomh maith le haon taispeántas uainn le tamall," a deir Harte. Tar éis an bhriste theip ar ionsaithe Chill Dara toradh a fháil ar an obair agus thit liathróid i ndiaidh liathróide isteach i lámha Pascal McConnell.

Ag an taobh eile, léirigh Mulligan agus O'Neill clisteacht agus scil os comhair an chúil. Cúl a bhí mar thoradh ar ghliceas na beirte faoi dhó; ba iad Martin Penrose agus Peter Harte na scórálaithe.

"Deir daoine go n-ardaíonn an leibhéal nuair a thosaíonn an tsraith agus níl aon amhras ach gur fíor sin. Ach an scéal céanna atá ann - ní tréad caora," a dúirt Harte. "D'fhéadfaidís an bua a fháil orainn chomh héasca céanna ach go bhfuair muid briseadh ag na hamantaí cuí chun an cluiche a chasadh inár dtreo." Má tá ceisteanna faoin bhfoireann, is cinnte gur gá do Harte agus do Thír Eoghain taispeántais níos iomláine a thabhairt.

Sa chluiche seo agus i gcluichí i gCorn McKenna, níor éirigh leo díriú ar chluiche ar feadh an seachtó nóiméad. Bhí amhras ar an-chuid faoin bhfoireann roimh thús an tséasúir.

Dúirt Mulligan nach féidir le himreoirí óga teacht díreach isteach agus áit leithéidí Brian Dooher, Philip Jordan, Enda McGinley, Brian McGuigan agus Ciaran Gourley a thógáil láithreach.

Tógfaidh sé am dar le Mickey Harte, a thug Seán Cavanagh chun páirce ag deireadh an chluiche agus beidh súil aige go mbeidh sé in ann tosnú go luath.

"Tá foireann á tógáil againn. Chaill muid an chéad dá chluiche an bhliain seo caite agus an bhliain ina dhiaidh sin agus chuir sé sin faoi bhrú muid,"a dúirt sé.

Owen Mulligan, Tír Eoghain faoi bhrú ag Ciaran Fitzpatrick, Cill Dara [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Tugann bua i mBaile Átha Cliath spreagadh do Chiarraí

Cillian Ó Conchúir

LEIS an stíl lenar aimsigh foireann Chiarraí an bua, 1-14 in aghaidh 0-11, ar Bhaile Átha Cliath, is cinnte gur fhill Jack Ó Conchúir ar an Ríocht le meangadh beag ar a aghaidh. Athimirt a bhí ann ar chraobhchluiche na hÉireann 2011 agus tá an lámh in uachtar aige ar Pat Gilroy.

"Is fuath leat cailliúint in aghaidh an fhreasúra chéanna, go háirithe leis an mbearna a bhí ann gach uair, pointe amháin más buan mo chuimhne.

Tacaíonn sé leis an muinín bua a fháil thuas i mBaile Átha Cliath. " Bhí beocht ag baint le Ciarraí sa chluiche agus cé gur chuir siad seans i ndiaidh seans amú, beidh Ó Conchúir sásta go bhfuil na seansanna á gcruthú.

"Ní raibh mórán peile imeartha againn," a deir Ó Conchúir. "Chaitheamar na ceithre nó cúig seachtaine deireanacha ag feabhsú aclaíocht na foirne agus measaim go raibh sé sin le brath sa dara leath inar chríochnaíomar go han-láidir.

Caithfimid bheith níos géire gan amhras toisc gur chuir muid méid dochreite seansanna ar fóraoil. Chuireamar 13 seans ar fóraoil roimh leath ama agus 17 nó 18 roimh dheireadh an chluiche." Cé go bhfuil an ceart aige, bhí an lámh in uachtar ag Bryan Sheehan agus Paul Galvin i lár páirce, agus ag an líne leatosach. Measc iad siúd leis na himreoirí óga a thóg Ó Conchúir isteach agus tá fíordheis ag Ciarraí buachan ar gach foireann a thagann rompu.

Murab ionann agus Baile Átha Cliath thug Ó Conchúir deis do roinnt ógánach agus léirigh siad iad féin ar an páirc imeartha. "Cheap mé gur imir na himreoirí óga uilig anmhaith.

Bhí Brian Maguire seasmhach ar an gcliathán, thaicleáil Peter Crowley agus Shane Enright go fíochmhar sna cúlaithe, bhí James O'Donoghue beomhar agus Barry John Keane chomh maith.

Tá sé iontach go bhfaigheadh na himreoirí sin deis i bPáirc an Chrócaigh i mí Feabhra. Seasfaidh sé leo. Is rud dearfach é sin." Dhírigh Ó Conchúir ar thábhacht na himreoirí céanna agus imreoirí óga cosúil leo a thabhairt isteach chun an fhoireann a neartú. "Gan amhras, ní haon rún é go gcaithfimid níos mó imreoirí a lorg. Bhí an-chuid imreoirí againn in 2009 agus má tá tú le n-imirt as baile caithfidh tú níos mó imreoirí a lorg. Agus léirigh na hógánaigh nár chuir an ócáid mhór isteach orthu."

An tseachtain seo cuireann Ciarraí fáilte roimh Ard Mhacha ach, dar le Ó Conchúir, beidh ríthábhacht ag baint le himirt i gceanncheathrú na Peile Gaelaí, mar gur ansin a bheidh siad ag imirt, tá súil aige, os comhair slua mór níos déanaí sa bhliain.

"Tugann an bua thuas ansin spreagadh dúinn sula dtugann muid aghaidh ar Ard Mhacha i dTrá Lí. Dá mhéad deiseanna atá againn imirt (i bPáirc an Chrócaigh), is é is fearr é. Go háirithe dos na himreoirí níos óige chun taithí a bheith acu ar an atmaisféar. Páirc éagsúil atá ann, suíomh éagsúil atá ann, cluiche iomlán éagsúil atá ann le hachar na páirce."

Ciarán Ó Lionáird chun cinn arís eile le 3:56.01!

Bua suntasach ag an fhear Gaeltachta i mBostún

Ciarán Ó Lionáird [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Páidí Ó Lionáird

Agus é ag réiteach dá chéad ionsaí ar Chluichí Oilimpeacha, bhain Ciarán Ó Lionáird as Tír Gé in aice Mhaigh Chromtha bua suntasach amach ina chéad rás fad míle laistigh i mBostún Mheiriceá go moch maidin Dé Domhnaigh seo caite.

I ndiaidh dó a ainm a chur in airde sa Chraobh Dhomhanda in Daegu sa Chóiré Theas an fómhar seo caite, áit ar chríochnaigh sé sa deichiú háit sa rás 1,500 méadar, thosaigh daoine ag caint ar Ó Lionáird, atá trí bliana fichead d'aois, mar reathaí a mbeadh seans aige bonn a bhaint amach i gcraobhacha Eorpacha ar a laghad, é ar ais ar chaighdeán a bhí aitheanta lena ainm mar lúthchleasaí sóisir. Go gairid roimhe sin, cháiligh sé do na Cluichí Oilimpeacha i Londain nuair a bhain sé am 3:34.46 amach, a churiarracht phearsanta nua agus tapaidh a dhóthain le 'grád A' Oilimpeach a bhaint amach.

Agus é ag glacadh páirte sa New Balance Men's Mile, bhí togha freasúra ag síneadh a n-ordóg le líne agus iad ag iarraidh tomhas a fháil ar conas a bheadh a gcosa i ndáiríre i ndiaidh shos na Nollag, bíodh is nach sos ó thraenáil a bhí ann dóibh.

I measc an naonúr réalta idirnáisiúnta bhí Mo Farah (31), as an tSomáil ó dhúchas ach ag rith faoi bhrat na Breataine le fada an lá. Maíonn an Bhreatain gurb é Farah an reathaí meánfhaid is fearr a bhí riamh acu agus tugann a chuid staitisticí amhlaidh le fios. Tá 1,500 méadar rite aige in am 3:33.98 agus míle in am 3.56.49, mar sin is é rogha mhór na coitiantachta é don rás áirithe seo. Bhí Galen Rupp (25) as Meiriceá mar rogha áitiúil bíodh is nach bhfuil a chuid amanna i ngiorracht scread asail do na hEorpaigh.

Bhí Taylor Milne (31) as Ceanada ann freisin agus a chuid amanna siúd ag 3:36.00 agus 3:56.54, mar sin ní bheadh a bhagairt ar bharr na heagla.

Toisc go mbíonn Farah agus Rupp ag traenáil le chéile, bhíothas den tuairim gur eatarthu a bheadh an rás agus nach mbeadh ach ábhar traenála ann don fhuílleach. Ní hamhlaidh a bheadh áfach.

Rás taicticiúil a bhí ann gan mórán suntais seachas gur thit Farah ag an gceathrú casadh nuair a rug sé ar bhróg ós a chomhair. D'éirigh sé agus bheadh tionchar fós aige ar thoradh an ráis.

Ag tarrac i dtreo an 400 méadar deireanach, bhí Rupp chun cinn agus bearna oscailte aige. Chuir Ó Lionáird roimhe an bhearna a dhúnadh le Milne ar a ghualainn aige agus le 200 méadar le dul, thóg sé tús an ráis faoi fhéin agus thrasnaigh an líne le ham 3:56.01.

Bhí Milne gar dó ag am 3:56.40 agus Rupp sa tríú háit le 3:57.10 agus an ridire Mo Farah, a bhí tar éis éacht a dhéanamh leis an mbearna a dhúnadh, ag críochnú sa cheathrú háit ag 3:57.92, a am is fearr riamh don mhíle.

Ar deireadh thiar, ní féidir le lúthchleasaí ach a bhfuil os a chomhair a chloí, rud a dhein Ó Lionáird agus in ainneoin gur thit Farah agus go bhféadfadh clabhsúr éagsúil a bheith leis an rás muna dtarlódh sé sin, sin gné den spórt ag gach leibhéal.

Eispéireas maith don ógánach Ó Lionáird mar sin agus é fillte ar a champa traenála le Nike idir Albuquerque agus Oregon, mar a mbeidh sé ag díriú airde ar Chraobhchomórtais an Domhain in Iostanbúl an mhí seo chugainn.

Beidh rás amháin eile idir seo agus sin aige, is é sin an Tyson Invitational in Arkansas, a bheidh ar siúl faoi cheann coicíse.

Timpeall na Cruinne

Le Cillian Ó Conchúir



Léirigh **Robbie Keane** arís go bhfuil sé fós in ann cúl a ghnóthú ag an leibhéal is airde in ainneoin gur chaill Aston Villa 2-1 ar deireadh i gcoinne Newcastle. Beidh ar an FAI agus FIFA obair chrua a dhéanamh chun aistriú imreoir na hÉireann, James McClean, ó Tuaisceart Éireann go Poblacht na hÉireann a chur i gcrích roimh an gcluiche dúshláin in aghaidh Phoblacht na Seice. Ar an Aoine a ainmneoidh Giovanni Trapattoni an fhoireann don chluiche agus tá gach seans go mbeidh McClean páirteach ann más féidir le FIFA an t-aistriú a chur tríd.

Chaill New England Patriots in aghaidh **Giants Nua-Eabhrac** i Super Bowl XLVI. Bhí an chosúlacht ann go raibh **Tom 'Almighty' Brady** (a bhuíochas ar an Boston Metro Herald) chun díoltas a fháil ar Eli Manning agus Nua-Eabhrac nuair a chas se an taoide i bhfabhar na Patriots. Bhí Nua Eabhrac 9-0 chun tosaigh sular tháinig lámh Brady isteach sa chluiche. Thóg Brady ar ais sa chluiche iad agus bhí New England 10-9 chun tosaigh ag leath ama. Tar éis na bhfógraí uilig d'fhill Brady chun a fhoireann a stiúradh ocht bpointe chun tosaigh ag 17-9. Ach diaidh ar ndiaidh tháinig Nua-Eabhrac ar ais. Tar éis dhá chic ó Lawrence Tynes (17-15), bhí Brady faoi bhrú. Chaith sé seilbh na caide uaidh le 57 soicind le dul agus ghnóthaigh Amad Bradshaw an talmhú cinniúnach.

Sa rothaíocht baineadh Tour de France 2010 ó **Alberto Contador** agus ghearr an Chúirt Eadrána Spóirt fionraí dhá bhliain air de thoradh tástáil dhearfach le linn Tour 2010. Bronnfar an an chéad áit ar Andy Schleck, rachaidh Bradley Wiggins sa tríú háit agus an Rúiseach Denis Menchov sa dara háit. Dúirt Andy Schleck trí phreasráiteas: "Níl cúis agam bheith sásta. Tá brón orm ar son Alberto ar an gcéad dul síos. Chreid mé go raibh sé neamhchiontach. Is lá fíorbhrónach don rothaíocht é."

D'fhógair an IABA an **seachtar dornálaí atá le páirt a ghlacadh sa Chomórtas Cáilithe deireanach** san Eoraip do na Cluichí Oilimpeacha. Beidh an comórtas cáilithe seo ar siúl in Trabzon, sa Tuirc, i mí Aibreáin. Is iad Paddy Barnes, Michael McDonagh, Ross Hickey, Adam Nolan, Joe Ward (a ghnóthaigh an bua ar bhuaiteoir an bhoinn airgid i mBéising, Ken Egan), Tommy McCarthy agus Con Sheehan. Guíonn Gaelscéal gach rath oraibh.